


Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga



Plean Teanga 2017 - 2023

Earrach 2017

1. Clár na nÁbhar

1.	Clár na nÁbhar	1
2.	Réamhrá.....	5
3.	Intreoir	7
4.	Liosta Giorrúchán	9
5.	Achoimre Fheidhmeach	10
5.1.	Cuspóir an Phlean seo	10
5.2.	Scóp.....	10
5.3.	An Cur Chuige.....	11
5.4.	Mórspriocanna ó 2017 go dtí 2023 - 'Cois Fharráige' chun tosaigh!	11
5.5.	Na Príomh-mholtaí.....	12
6.	Fís Fhóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga	14
7.	Cúlra an Phróisis Phleanála Teanga	15
8.	Sonraí na Ceanneagraíochta	16
9.	Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga.....	18
9.1.	Ginearálta	18
9.2.	Daonra	19
9.3.	Cois Fharráige agus an Ghaeilge.....	20
9.4.	Saoráidí Pobail.....	20
9.4.1.	Oideachas.....	20
9.4.2.	Fostaíocht.....	21
9.4.3.	Seirbhísí agus Fóntais	21
9.5.	Leibhéil Mhíbhuntáiste	22
10.	Sonraí an Taighde (Léargas ar Ullmhú an Phlean san áireamh).....	23
11.	Na Bearta	25
11.1.	An Ghaeilge sa Teaghlach.....	25
11.1.1.	Príomhphointí Thaighde 2015.....	25
11.1.2.	Tacaíocht an Phobail don Phróiseas	26
11.1.3.	Cinneadh ar son na Teanga	26
11.1.4.	Na Dúshláin	27
11.1.5.	Bearta Ginearálta	28
11.1.6.	An Ghaeilge sa Teaghlach - Bearta (RPT: 'B' & 'K').....	29
11.2.	An Óige: Taobh Amuigh den Am Scoile	32
11.2.1.	Ginearálta.....	32
11.2.2.	Na Dúshláin ón SCT (Lch. 413).....	32
11.2.3.	Na Dúshláin in LPT Chois Fharráige	33
11.2.4.	Eagraíochtaí a bhaineann le Réimse na hÓige.....	35

11.2.5.	An Óige – Bearta (RPT: 'C')	35
11.3.	Cúram Leanaí	39
11.3.1.	Ginearálta	39
11.3.2.	Na Dúshláin	39
11.3.3.	Cúram Leanaí – Bearta (RPT 'B')	40
11.4.	Réimse an Oideachais (Réamhscoileanna, Bunscoileanna, Scoileanna Dara Leibhéal)	43
11.4.1.	Cúlra agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta (POG), 2016	43
11.4.2.	Na Dúshláin sna Scoileanna ag an Dá Leibhéal	44
11.4.3.	Scoileanna – Bearta (RPT 'A')	44
11.4.4.	Na Dúshláin sna Naíonraí	46
11.4.5.	Naíonraí - Bearta (RPT 'B')	47
11.5.	Daoine Nua Isteach nach ón nGaeltacht iad	49
11.5.1.	Ginearálta	49
11.5.2.	Foghlaim na Gaeilge agus Daoine Nua Isteach	49
11.5.3.	Na Dúshláin	50
11.5.4.	Daoine nua isteach nach ón nGaeltacht iad – Bearta (RPT 'K')	51
11.6.	An Fhostaíocht Áitiúil	55
11.6.1.	Ginearálta	55
11.6.2.	Ról Údarás na Gaeltachta	55
11.6.3.	An Cur Chuige	55
11.6.4.	Torthaí an Taighde	56
11.6.5.	Na Dúshláin	56
11.6.6.	An Fhostaíocht Áitiúil – Bearta (RPT 'E')	57
11.7.	Gnólachtaí Áitiúla (a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal)	59
11.7.1.	Na Dúshláin	59
11.7.2.	Gnólachtaí Áitiúla – Bearta (RPT 'E')	60
11.8.	An Nuatheicneolaíocht	63
11.8.1.	Ginearálta	63
11.8.2.	Torthaí an Taighde	63
11.8.3.	An Nuatheicneolaíocht mar Áis Forbartha Pobail	64
11.8.4.	An Leathanbhanda i gCeantar Chois Fharraige	65
11.8.5.	An Nuatheicneolaíocht – Bearta (RPT 'G')	66
11.9.	An Phleanáil Fhisiciúil	67
11.9.1.	Ginearálta	67
11.9.2.	Tithe Aonair	67
11.9.3.	Cleachtas an Údarás Pleanála	68
11.9.4.	Tionchar an Staid Reatha	69
11.9.5.	Ról Údarás na Gaeltachta	70
11.9.6.	An Bóthar Nua idir Bearna agus Scríob	71

11.9.7. Na Dúshláin	71
11.9.8. An Phleanáil Fhisiciúil – Bearta (RPT ‘I’)	72
11.10. Eagraíochtaí Deonacha / Pobail i gCeantar Chois Fharraige	74
11.10.1. Ginearálta.....	74
11.10.2. An Taighde	74
11.10.3. Na Dúshláin	74
11.10.4. An Saol Sóisialta: Eagraíochtaí Deonacha - Bearta (RPT ‘J’).....	76
11.11. Áiseanna Pobail i gCois Fharraige.....	78
11.11.1. Ginearálta.....	78
11.11.2. Na Dúshláin	78
11.11.3. Áiseanna Pobail - Bearta (RPT ‘F’ agus ‘I’)	79
11.12. Seirbhísí Eaglasta.....	81
11.12.1. An Eaglais Chaitliceach – An Stádas Reatha	81
11.12.2. Na Dúshláin	81
11.12.3. Seirbhísí Eaglasta / An Eaglais Chaitliceach – Na Bearta (RPT ‘F’).....	82
11.13. Féilte agus Imeachtaí Ócáidíúla Pobail	84
11.13.1. Ginearálta.....	84
11.13.2. Na Dúshláin	85
11.13.3. Féilte – Bearta (RPT ‘F’)	86
11.14. Na Seirbhísí Poiblí.....	88
11.14.1. Ginearálta.....	88
11.14.2. Na Seirbhísí Poiblí agus an Phleanáil Teanga.....	89
11.14.3. Reachtaíocht Teanga	89
11.14.4. Na Dúshláin	89
11.14.5. An Státchóras & Seirbhísí Poiblí – Bearta (RPT ‘H’)	90
11.15. An Turasóireacht	91
11.15.1. Ginearálta.....	91
11.15.2. Na Dúshláin	92
11.15.3. An Turasóireacht – Bearta (RPT ‘E’).....	92
11.16. Na hEalaíona	94
11.16.1. Ginearálta.....	94
11.16.2. Tábhacht na nEalaíon sa bPlean Teanga	95
11.16.3. Na Dúshláin	95
11.16.4. Na hEalaíona – Bearta (‘RPT F’)	96
11.17. Na Meáin Chumarsáide – Raidió, Teilifís, Na Meáin Chlóite agus Idirlín	99
11.17.1. Ginearálta.....	99
11.17.2. Na Dúshláin	99
11.17.3. Na Meáin Chumarsáide – Bearta (RPT ‘F’).....	100
12. Stocaireacht i bpáirt le Limistéir Pleanála Teanga eile	101

12.1.	Comhoibriú le Limistéir Pleanála Teanga eile.....	101
12.2.	Na Ranna Stáit, Cuid eile den tSeirbhís Phoiblí agus Áisínteachtaí eile	101
12.3.	Stocaireacht – Bearta	102
13.	Costais agus Maoiniú	107
13.1.	Foireann	107
13.2.	Oifigí.....	107
13.3.	Costais.....	107
13.4.	Foinsí Maoinithe eile.....	111
13.5.	Comhoibriú leis na Forais Phobail atá ann cheana féin	111
13.6.	Cabhair Dheonach ón bPobal	111
14.	Forbairt Feasachta agus Poiblíocht	112
15.	Feidhmiú agus Monatóireacht - 2017 go 2023.....	113
15.1.	Bunú Cuideachta Nua.....	113
15.2.	Comhdhéanamh Bhord Stiúrtha na Cuideachta Nua	114
15.3.	Bunú Fochoistí.....	114
15.4.	Monatóireacht rialta	114
15.5.	Mór-mhonatóireacht	115
15.6.	Ag Deireadh na seacht mbliana	115
15.7.	Comhairle Ghairmiúil	115
15.8.	Comhoibriú leis na LPTanna eile	115

2. Réamhrá

Fógraíodh in Acht na Gaeltachta, 2012 go n-ainmneofaí Limistéir Pleanála Teanga (LPT) ar fud Ghaeltachtaí na tíre, go dtabharfaí dhá bhliain do phobail na limistéar sin plean teanga a réiteach dá gceantar féin agus go mbeadh seacht mbliana ina dhiaidh sin ag chuile cheantar chun an plean a chur i bhfeidhm. Is mar gheall air sin a bunaíodh Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga (FCFPT) - ar a bhfuil ionadaíocht ag eagrais dheonacha phobail, eagrais forbartha pobail agus ag eagraíochtaí spóirt agus siamsaíochta - chun iarratas a chur chun cinn plean teanga do cheantar Chois Fharraige a chur i dtoll a chéile. D'éirigh leis an bhFóram, síníodh conradh le hÚdarás na Gaeltachta (ÚnaG) agus fritheadh maoiniú ón Údarás chun Plean Teanga a réiteach.

Ó lár na bliana 2014 i leith, tá baill an Fhórait ag saothrú leo agus iad ag réiteach plean teanga do LPT Chois Fharraige, ceantar a shíneann ó Abhainn Chasla soir chomh fada le Sruthán na Líbeirtí, ar imeall thoir na bhForbacha.

Tá cúig cheantar bunscoile sa LPT: Na Forbacha, An Spidéal, An Cnoc, an Tulach agus Ros a' Mhíl. Ní hiad na deacrachtaí céanna a bhíonn in aon dá cheantar maidir le cúrsaí pleanála teanga. Tá úsáid na Gaeilge láidir sa gceann thiar den cheantar agus is i laige a éiríonn sí de réir mar a thagann an bóthar aniar chomh fada le teorainn Bhearna. Tá cúig thoghcheantar i gCois Fharraige agus roinn an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (SCT), a foilsíodh 2007, i gcatagóirí éagsúla iad de réir úsáid laethúil na teanga. Stádas Chatagóir A a bronnadh ar Chill Chuimín (Ros a' Mhíl, An Tulach agus Na Mine), ar Sailearna (Ceantar an Chnoic) agus ar Chill Aithnín (ón gCoill Rua soir go Both Chuanna).

Bronnadh stádas Chatagóir B ar An Spidéal agus cuireadh Na Forbacha i gCatagóir C.

Fostaíodh Mait Ó Brádaigh agus Colm Ó Cinnseala ón gcomhlacht Seirbhísí Pleanála Teanga (SPT) le comhordú a dhéanamh ar réiteach an phlean, faoi stiúir choiste ar a raibh seachtar ball: Bainisteoir Chomharchumann Sailearna Teo, Bainisteoir Chomhlacht Forbartha an Spidéil agus ionadaí amháin ó 'chuile cheann de na ceantair bhunscoile. Seo leanas baill an Choiste Stiúrtha:

- Máire Ní Neachtain (Cathaoirleach) – ionadaí ón Spidéal
- Donncha Ó hÉallaithe (Rúnaí) – ionadaí ón gCnoc
- Aodán Mac Donncha (Cisteoir) – Comhlacht Forbartha an Spidéil
- Morgan Ó Concubhair – Comharchumann Sailearna Teo.
- Tomás Ó Neachtain – ionadaí ón Tulach
- Ruairí Mac Con Iomaire – ionadaí ó Ros a' Mhíl
- Seán Breathnach – ionadaí ó Na Forbacha

Bhí 23 cruinniú ag an gCoiste Stiúrtha agus é ag obair in éindí le Mait Ó Brádaigh agus le Colm Ó Cinnseala. Cuireadh tuairisc faoi bhráid an Fhórait iomláin 'chuile thrí mhí agus reáchtáladh seisiún eolais le go leor grúpaí sa bpobal. Cuireadh an dréachtphlean os comhair an phobail.

Aithnítear sa bplean seo go bhfuil dúshlán sa gceantar má tá mian an phobail go leanfaidh an ceantar mar cheantar láidir Gaeltachta le cur i bhfeidhm. Chuige sin ní mór áit chinnte a bheith ag an nGaeilge mar ghnáth-theanga phobail i chuile ghné de shaol an phobail. Leis an spás poiblí sin a chosaint teastaíonn bearta agus straitéisí. Ní tharlóidh sé seo gan gníomhaíocht chomhfhiosach ó mhuintir na

háite. Seans go bhféadfaí cur chuige “*laissez faire*” a thabhairt ar go leor dá bhfuil ag tarlú faoi láthair agus is follas nach leor é agus go bhfuil an Ghaeilge á díbirt as cuid den fhearann poiblí dá bharr.

Aithnítear freisin sa bplean an ríthábhacht a bhaineann le labhairt na Gaeilge mar ghnáth-theanga an teaghlaigh. Tugtar aitheantas chomh maith do ról na naíolann, na naíonraí agus na scoileanna sa bpróiseas seo a chinnteoidh go dtiocfaidh an Ghaeilge slán agus ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile.

Aithnítear go bhfuil difríochtaí móra teanga idir na ceantair éagsúla faoi láthair agus gur láidre an Ghaeilge de réir mar a ghabhann duine siar an bealach. Dá bhrí sin ní mar a chéile na spriocanna teanga do cheantar na bhForbacha agus do Ros a’ Mhíl, ná go deimhin na spriocanna a bheadh ann don Spidéal ná don Chnoc. Mar sin féin is ar scáth a chéile a mhaireann na daoine; is pobal mór amháin atá ag cur fúthu i gCois Fharraige agus is cuid lárnach d’aitheantas agus d’fhéiniúlacht an phobail sin í an Ghaeilge.

Anuas air sin, aithnítear sa bplean go bhfuil cónaí sa gceantar ar dhaoine agus ar chomhluadair nach cuid de phobal na Gaeilge iad agus ní locht orthu an méid sin. Ina dhiaidh sin féin, tá sé tábhachtach go dtabharfaí deiseanna do dhaoine a thagann thar tairseach isteach agus go mbeadh tacaíocht ann dóibh ionas go mbeidh siad in ann rogha a dhéanamh faoin teanga. Tá sé tábhachtach iad a sheoladh i dtreo na teanga agus go mbeadh sé níos éasca orthu an Ghaeilge a thabhairt leo agus í a úsáid ina ngnóthaí laethúla leis an bpobal, leis na scoileanna, le clubanna spóirt agus eile.

Bheifí ag súil go n-éireodh leis an bplean teanga seo seasamh roimh an tanúchán atá á dhéanamh ar an teanga le 50 bliain anuas, go dtabharfadh sé cosaint don timpeallacht inar féidir an Ghaeilge a úsáid mar theanga phobail gan fuacht, gan faitíos agus go gcothódh sé féinmhuinín sa nglúin óg mar chainteoirí atá cumasach sa dá theanga: Béarla, an mhórtéanga náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus Gaeilge, an teanga a bhí á labhairt ariamh ag pobal Chois Fharraige.

Chuir an Fóram an plean i dtoll a chéile de réir an mhúnla a bhí leagtha amach ag ÚnaG agus ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta (REOGR TG). Plean seacht mbliana atá ann agus cosnóidh sé thart ar €250,000 in aghaidh na bliana é a chur i bhfeidhm. Is eagraíocht eile a bheas freagrach as an obair riaracháin agus caithfear foireann a fhostú, oifig a bhunú agus súil a choinneáil ar an bplean. Tá moladh sa bplean faoin gcineál eagraíochta ar cheart a bhunú: cuideachta nua as an bpósa le baill ó chuile réimse sóisialta, aoisghrúpa agus cheantar tíreolaíochta.

Tá Coiste Stiúrtha an Fhórait go mór faoi chomaoin ag baill an Fhórait a ghlac páirt ghníomhach sa bpróiseas ón tús, do Mhait Ó Brádaigh agus do Cholm Ó Cinnseala ó Sheirbhísí Pleanála Teanga agus d’Aoife Ní Churraoin a bhí ar scoláireacht le hÚnaG agus a thug an-tacaíocht agus cúnamh i gcaitheamh na tréimhse.

3. Intreoir

Tá cónaí i gConamara le breis agus ocht míle bliain agus is áit é a bhfuil tóir uirthi mar áit chónaithe ar mhórán cúiseanna. I bhfad siar, is cinnte gurbh é an cothú ón bhfarraige agus ón talamh a thug údar do dhaoine fanacht i gCois Fharraige ach b'éigean do riar mór de phobal dúchais an cheantair imeacht as an gceantar cheal deiseanna maireachtála san áit inar rugadh agus tógadh iad. Tá athrú scéil anois ann, óir tá rath ar an gceantar agus is breá an ní é go bhfuil deis ag muintir na háite fanacht ina gceantar féin más rogha leo sin a dhéanamh. Is breá an rud é freisin gur mian le daoine eile teacht chun cónaithe anseo inár measc. Bíonn gá le nuaíocht i chuile phobal; saibhríonn na daoine nua an pobal, tugann siad scileanna nua agus dearcadh nua chun na háite, agus cuireann siad lena bhfuil sa gceantar rompu. Is iomaí cúis a spreagfadh duine le bogadh chun na dúiche seo: timpeallacht thaitneamhach cois farraige, freastal maith ó thaobh gnátháiseanna - siopaí, ionaid tráchtála, ionad leighis, banc, seirbhísí ilchineálacha, leabharlann, cáil mhaith ar an mbunoideachas agus ar an oideachas iarbhunskoile atá le fáil san áit, cóngaracht do Chathair na Gaillimhe ina bhfuil dá institiúid trú leibhéal, agus cumainn láidre spóirt agus caitheamh aimsire eile. Anuas air sin, tarlaíonn freisin gur ceantar Gaeltachta atá ann.

Tá an Ghaeilge sa tír seo le beagnach 2,000 bliain, tá sí againne riamh i gCois Fharraige agus is anseo atá cuid de na ceantair Ghaeltachta is láidre sa tír agus is cinnte gur cuid de shainitheantas an phobail í. Go dtí seo, bhí an pobal in ann teaghlaigh nua, teaghlaigh a bhíodh gan Ghaeilge go minic, a shú isteach sa bpobal ar an leibhéal gairmiúil, sóisialta, pobail agus teanga, agus déanadh é sin le fonn. Ach tá an Ghaeilge mar ghnáth-theanga labhartha an phobail faoi bhrú anois, tá an Béarla ag treisiú i chuile ghné de shaol an teaghlaigh agus an phobail, agus dá bharr sin, tá sé i bhfad níos deacra ag an bpobal an saibhreas teanga agus cultúir atá anseo a chosaint, a chaomhnú agus a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad ghlúin eile de mhuintir an cheantair, idir phobal seanbhunaithe an cheantair agus na daoine nua isteach a tháinig agus a thioctas chugainn. Má tá buanú na Gaeilge sa gceantar seo le deimhniú, caithfear deis a thabhairt don teanga a spás poiblí féin a bheith aici. Chuige sin, caithfidh sí a bheith ar fáil mar theanga pobail, áit a mbaineann sí le chuile ghné de shaol an phobail – gan fuacht, gan faitíos, gan leithscéal, gan náire.

Léiríonn an taighde deathoil láidir i leith na Gaeilge ach tá neart bacanna ar an mbóthar le go mbeadh an Ghaeilge mar theanga pobail sa gceantar sna glúnta atá amach romhainn. Ina measc tá minicíocht na bpóstaí/ caidrimh idir duine le Gaeilge agus duine gan Ghaeilge; páistí a bheith á dtógáil i gcomhthéacs dátheangach ach gan tacaíochtaí cuí leis an mionteanga (Gaeilge) a chosaint; tuairiscítear deacrachtaí a bheith ag muintir na háite cead pleanála a fháil le teach a thógáil agus is dúshlán mór a laghad de na daoine nua isteach a bhaineann amach líofacht sa nGaeilge.

Foilsíodh an SCT sa mbliain 2007 (nuashonraithe i 2015), agus léirigh an staidéar sin gur ceantar measctha teanga é, Na Forbacha ina Chatagóir C (an Ghaeilge nach mór a bheith imithe), An Spidéal ina Chatagóir B (gar do A, ní mór a rá) agus an chuid eile den cheantar siar chomh fada le Ros a' Mhíl ina Chatagóir A – an catagóir is láidre Gaeltachta.

Sa mbliain 2010 d'fhoilsigh an Rialtas an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Tá sé mar sprioc sa bPlean an líon daoine a labhraíonn Gaeilge sa nGaeltacht gach lá a ardú faoi 25% tríd is tríd. Is mór an dúshlán mianaidhmiúil é seo. Tugann Acht na Gaeltachta 2012 feidhm don Straitéis 20 Bliain. Deirtear ann go 'dtosófar próiseas pleanála teanga agus déanfar plean teanga a ullmhú ag leibhéal pobail do gach ceantar Gaeltachta faoin Acht nua.' Faoin Acht, déanfar an Ghaeltacht, mar atá sí faoi

láthair, a athshainiú mar Limistéir Phleanála Teanga (LPTanna) Gaeltachta ach pleananna teanga a bheith aontaithe leis na pobail sna limistéir éagsúla. Aithnítear Cois Fharráige mar cheann de na Limistéir Phleanála Teanga.

Is **rogha teanga** atá i gceist leis an nGaeilge i gCeantar Chois Fharráige anois, ach ní raibh am níos caoithiúla ná níos feiliúnaí riamh ann ar bhonn náisiúnta le rogha dhearfach a dhéanamh i leith na teanga. Is iomaí cúis a bheadh ag duine le tabhairt faoi seo - ar bhonn pearsanta, seans go mbeadh fonn ar dhuine leanacht le traidisiún neamhbhriste teanga a t(h)eaghlaigh - ach is cinnte go mbeadh dílseacht don phobal a mhair anseo roimhe seo, mórtas cine, meas ar an oidhreacht, saibhriú cultúrtha orainn féin, cur le hilghnéitheacht chultúr na hÉireann agus an domhain, ar chuid de na cúiseanna eile. Níl aon amhras ann ach go mbaineann buntáistí leis an nGaeilge ó thaobh deiseanna oibre de don duine aonair agus go bhfuil buntáistí geilleagracha ollmhóra inti do ghnóthaí an cheantair. Tá buntáistí ann don cheantar féin mar go dtugann an Ghaeilge sainaitheantas don áit, go bhfuil tarraingt ar an áit de bharr na Gaeilge agus an stádais Ghaeltachta agus go n-eascraíonn buntáistí eile, buntáiste eacnamúil gur fiú na milliúin euro in aghaidh na bliana é ina measc, as na buntáistí sin.

Pé cúis a spreagann daoine, ní bheidh rath ar an bPlean seo gan mhóriarracht agus comhoibriú pobail. Tá ról ag chuile dhuine sa bhfeachtas seo, cuma cén aois é/í, cuma cén líofacht Ghaeilge atá aige/aici. Tá tábhacht ag roinnt le chuile ghníomh a dhéantar, is cuma cén suíomh nó ócáid teanga a bhíonn i gceist, is cuma cé chomh minic is a tharlaíonn an ócáid sin agus is cuma cén líon daoine a bhíonn páirteach san ócáid sin. Le go mbainfear croí-spríoc an tionscadail seo amach – 70% ar a laghad den phobal a bheith ina gcainteoirí laethúla Gaeilge faoin mbliain 2023 – caitheann cuid de na nómshaireachtaí teanga atá á gcleachtadh sa bpobal faoi láthair a athrú. Is cinnte go mbeidh cainteoirí Gaeilge sa bpobal seo go ceann i bhfad, ach ní mór an deis a thapú anois lena chinntiú gur líon mór de na cainteoirí sin a bheas ann agus go leanfaidh na cainteoirí sin den teanga a thabhairt do na glúnta a leanfas iad féin.

Seo cúpla beart bunúsach: más tuismitheoir thú, labhair Gaeilge le do pháiste; más fostóir thú, ná ceil an Ghaeilge i láthair na hoibre; má tá seirbhís á soláthar agat don phobal, tabhair le fios go bhfuil fáilte roimh an nGaeilge; más ball de chumann thú, bíodh Gaeilge mar ghnáthurlabhra sa gcumann. Má tá tú ag caint le hógánaigh labhair i nGaeilge leo, tuigeann siad uilig Gaeilge (Gaeilge atá sna scoileanna). Úsáid an Ghaeilge sa mbaile agus taobh amuigh de; más cainteoir líofa thú, bí foighdeach leis an té nach bhfuil líofa fós; má tá beagán Gaeilge agat, cuir léi. Tabhair le fios gur mian leat go labhrófaí Gaeilge leat; más duine thú nach labhraíonn Gaeilge rómhínic faoi láthair, aimsigh ócáidí inar féidir leat Gaeilge a labhairt; más duine thú a d'éirigh as Gaeilge a labhairt ar bhonn rialta, tosaigh á labhairt arís.

Is í an Ghaeilge teanga phobal Chois Fharráige leis na glúnta i bhfad siar. Tá sí faoi bhrú faoi láthair. Ní mór cúram a dhéanamh di. Deis atá sa bPlean Teanga seo cúnadh a thabhairt don phobal ar bhealach struchtúrtha, córasach atá bunaithe ar aiseolas ón bpobal féin. Deis atá ann tacú leis an bpobal rogha dhearfach a dhéanamh i leith na Gaeilge. Deis atá ann bearta a cheapadh agus a chur i bhfeidhm le cuidiú leis an nGaeilge a bheith ar fáil sa bhfeirann poiblí i chuile ghné de shaol an cheantair.

An mórdhúshlán atá ann ná glúin dátheangach, a bhfuil an Ghaeilge ar a toil aici a thógáil agus go dtógfaidh na glúnta atá ag teacht glúnta dátheangacha chomh maith. Ní tharlóidh sé seo gan idirbheartaíochtaí dearfacha agus leanúnacha, le tacaíocht a thabhairt don mhionteanga, an Ghaeilge sa gcás seo.

4. Liosta Giorrúchán

Acrainm	Ainm
AG	Aonad Gaeltachta na Roinne Oideachais & Scileanna
BOOG&RC (GRETb)	Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe & Ros Comáin
CFanSp	Comhlucht Forbartha an Spidéil
CLG	Cainteoirí Laethúla Gaeilge (Daonáirimh)
CNCM	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
CNNG	Comhar Naíonraí na Gaeltachta
CoConaG	Comhairle Chontae na Gaillimhe
CPT	Critéir Pleanála Teanga
CPTCF	Cuideachta Pleanála Teanga Chois Fharraige
CRS	Cúntóir Riachtanais Speisialta
CST	Comharchumann Sailearna Teoranta
DNI	Daoine Nua Isteach
PCÁG	Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta
FCFPT	Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga
FSS	Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte
ITT	Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (Crann Taca, Indreabhán)
LPT	Limistéar Pleanála Teanga
OFT	Oifigeach Forbartha Teanga
OO	Oifigeach Oideachais
OÓG	Oifigeach Óige
POG	Polasaí don Oideachas Gaeltachta (2016)
REOGR TG	An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
ROS	An Roinn Oideachais agus Scileanna
RPT	Réimse Pleanála Teanga
SCT	Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007)
ÚnaG	Údarás na Gaeltachta

5. Achoimre Fheidhmeach

5.1. Cuspóir an Phlean seo

Tá sé mar chuspóir ag an bPlean seo gníomhaíochtaí dearfacha a chur i láthair pobail Chois Fharraige le cur ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar an iliomad dúshlán atá ag bagairt ar an nGaeilge mar theanga an teaghlaigh agus an phobail sa gceantar anois agus amach anseo go háirid.

Sainmhíniú ar an bhFadhb

Léiríonn an taighde is eolaíche, is cuimsithí agus is déanaí go bhfuil brú leanúnach (agus ag dul i dtreise) ón mBéarla ar an nGaeilge sa gceantar. Is pobal dátheangach ina iomláine é pobal Chois Fharraige, seachas na páistí réamh- agus luathbhunscoile atá á dtógáil ag a dtuismitheoirí i dteaghlaigh nach labhraítear ach an Ghaeilge leo. Ní dátheangachas deonach é ina roghnaíonn duine an Béarla a fhoghlaim sa mbreis ar an nGaeilge. Bíonn láithreach ag an mBéarla i saol an pháiste ón lá a mbeirtear é/í. Ní dátheangachas cothrom atá ann ach an oiread mar go bhfuil cumas an pháiste, de bharr uileláithreach an Bhéarla, fiú sna teaghlaigh nach labhraítear ach an Ghaeilge leo, sa mBéarla níos airde ná mar atá sa nGaeilge.

Tá páistí á dtógáil sa gceantar, ó thaobh na teangeolaíochta de, ina dtrí rannóg. Iad siúd atá á dtógáil le 1) Gaeilge amháin, 2) iad siúd atá á dtógáil le meascán teangacha, agus an Ghaeilge mar cheann acu, agus 3) iad siúd atá á dtógáil gan aon Ghaeilge, nó gan mórán Gaeilge. Bíonn na páistí i rannóg a 1 go minic faoi thionchar na bpáistí eile ó thaobh a bheith lánchumasaithe i nGaeilge, agus ó thaobh úsáide de, nithe a chruthaíonn deacrachtaí dóibh líofacht lán-iomlán shaibhir, a bhaint amach sa nGaeilge.

Chomh maith le sin, bíonn tionchar ar phróifíl teanga an phobail ag an eisimirce (i gcás daoine de bhunadh na háite), ag fillleadh na n-eisimirceach céanna (agus iad i gcleamhnas le duine gan Ghaeilge go minic), agus ag an inimirce féin. Tá tionchar nach beag ag suíomh an cheantair, gar do mhórchathair na Gaillimhe, ar chúrsaí teanga sa gceantar chomh maith. Léirigh an taighde, nach as an nGaeltacht do líon ard (40%) de thuismitheoirí óga (i.e. le páistí faoi bhun 19 bl.) an cheantair, agus cé go bhfuil an Ghaeilge ag cuid acu, nach bhfoghlaimíonn ach duine as gach cúigear de na daoine nua isteach seo Gaeilge.

Sa gcóras oideachais, tá ar scoileanna (ón réamhscolaíocht go bliain na hArdteiste) freastal ar na trí chineál páistí thuasluaite. Cruthaíonn sé seo timpeallacht theangeolaíoch chasta agus dhúshlánach sna scoileanna Gaeltachta a chuireann ualach níos troime ar an bhfoireann sna scoileanna.

5.2. Scóp

Go fisiciúil is é an ceantar ó theorainn thiar Bhearna chomh fada siar le droichead Chasla atá i gceist sa gcáipéis seo. Tá cúig thoghroinn i gceist i LPT Chois Fharraige. Is iad sin (chomh maith lena gcatagóir ó thaobh labhairt laethúil na Gaeilge de):

Figióir 1. Labhairt na Gaeilge sna toghranna san LPT 2011

Toghroinn	Gnáth Ainm	Catagóir SCT	% den phobal atá ina gcainteoirí laethúla Gaeilge
Na Forbacha	Na Forbacha	C	43%
An Spidéal	An Spidéal agus taobh thoir	B	64.6%
Cill Aithnín	Indreabhán	A	74.9%
Sailearna	An Tulaigh	A	81.1%
Cill Choimín	Ros a' Mhíl	A	84.5%
Meán san LPT			69.5%

Daonáireamh 2011 agus SCT

Tá béim sa bPlean ar ghníomhaíochtaí praiticiúla pobalbhunaithe sa gceantar. Fágtar gníomhaíochtaí a bhaineann le leibhéal an stáit nó na Gaeltachta ar an iomlán, faoi fhóiraim eile ach ní mór aird a dhíriú ar na ceisteanna seo chomh maith. Is fórsaí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta cuid de treochtaí atá ag brú an dátheangachais leataobhaigh seo ar an bpobal ach dá fheabhas na hiarrachtaí a dhéanfaidh an pobal áitiúil, mura bhfuil comhthacaíocht náisiúnta ann do na hiarrachtaí áitiúla is baolach nach n-éireoidh leo.

5.3. An Cur Chuige

Bunaíodh FCFPT mar fhreagra ar chuireadh chun tairisceana a d'éisigh ÚnaG (ÚnaG) le plean a dhréachtú faoi Acht na Gaeltachta 2012. Tar éis mórchuid taighde a dhéanamh, anailís a dhéanamh ar thorthaí an taighde, agus plé a dhéanamh le hionadaithe grúpaí pobail agus leis an bpobal féin, tá riar mhór bearta (curtha i láthair de réir téamaí), le fáil sa bplean seo. Anois tá an plean le cur i bhfeidhm le go mbeadh, mar thoradh air, an Ghaeilge á láidriú i gCois Fharráige mar rogha theanga mhórchuid na dteaghlach agus an phobail i gcoitinne.

5.4. Mórspríocanna ó 2017 go dtí 2023 - 'Cois Fharráige' chun tosaigh!

1. An Ghaeilge a bheith lárnach i chuire réimse den saol i gCois Fharráige.
2. Ardú (san LPT mar iomlán) de 5% i líon na gCainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) ó Dhaonáireamh 2016¹ go Daonáireamh 2021.
3. Ardú de 5% ar líon na gclann a bhfuil na tuismitheoirí ag labhairt Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó lena ngasúir agus a bhfuil na gasúir féin ag labhairt Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó eatarthu féin.
4. Tógáil ar an mbród agus ar an mórtas atá ag muintir Chois Fharráige as a n-oidhreacht.
5. Forbairt a dhéanamh ar bhrandáil 'Cois Fharráige' mar cheantar láidir Gaeltachta le comharthaí bóthair, le mana agus le lógó.

¹ Tugtar faoi deara nach mbeidh figiúirí CLG ó Dhaonáireamh 2016 á gcur ar fáil ag an bPríomhOifig Staidrimh go dtí níos déanaí i 2017. Cé go bhfuil ardú 6.9% ar dhaonra na bhForbacha, áit nach raibh líon na gCLG chomh hard i 2011 (43%), tá ardú beagnach chomh mór céanna, 4.4%, ar an daonra i gCill Aithnín freisin, áit ina raibh líon níos airde (74.9%) CLG. Mar sin tá chuire sheans ann gur gar do 69%, a bhéas ina gCLG i nDaonáireamh 2016 (69.5% a bhí ann i 2011).

6. Chuile aoisghrúpa agus chuile réimse den phobal ag obair as lámh a chéile ag roinnt na Gaeilge agus na hoidhreachta.

5.5. Na Príomh-mholtaí

1. Cuideachta Pleanála Teanga Chois Fharráige (CPTCF as seo amach) atá ionadaíoch ar an bpobal a bhunú leis an bPlean Teanga a stiúradh agus le monatóireacht a dhéanamh.
2. Foireann oilte a cheapadh agus oifig a oscailt; Moltar go bhfostófaí triúr. Oifigeach Forbartha Teanga (OFT), Oifigeach Oideachais (OO) agus Oifigeach Óige (OÓg).
3. Spreagbhileog a réiteach le scaipeadh go forleathan ar an bpobal le liosta rudaí gur féidir le duine aonair a dhéanamh ar mhaithe leis an nGaeilge a úsáid.²
4. Feachtas Poiblíochta a eagrú chun eolas a roinnt faoin bplean agus faoi na gnéithe éagsúla a bhaineann leis.
5. Stádas scoil Ghaeltachta a bheith ag chuile scoil agus aitheantas Gaeltachta ag chuile naíonra mar atá beartaithe sa bPolasaí don Oideachas Gaeltachta (POG).
6. Spreagadh a thabhairt do thuismitheoirí a bhfuil sí acu (agus a labhraíonn teanga eile lena bpáirtithe) Gaeilge - glan ón mBéarla - a labhairt lena gcuid gasúir.
7. Deis a thabhairt do ghasúir atá á dtógáil le Gaeilge a bheith saor ó thionchar an Bhéarla go dtí go mbeidh Gaeilge sealbhaithe acu (moltar go mbeidh siad in aois a seacht mbliana). Sin le rá go mbeadh polasaí buanaithe teanga ag na hionaid chúram leanaí, réamhscolaíochta, bhunscolaíochta, iarbhunscolaíochta, spóirt agus imeachtaí tar éis am scoile.
8. Cúnamh cuimsitheach a thabhairt do Dhaoine Nua Isteach ó thaobh mianta agus riachtanais teanga.
9. Cuidiú le thuismitheoirí tógáil ar a gcuid Gaeilge le cur lena gcumas a gclann a thógáil le Gaeilge agus a bheith páirteach i saol an phobail trí mheán na Gaeilge.
10. Tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí don Óige, a chruthaíonn timpeallacht shóisialta ina bhfuil an Ghaeilge mar theanga chumarsáide ag ógánaigh.
11. Fóra(i)m a bhunú do na scoileanna, do bhoird bhainistíochta, do na príomhoidí agus do na múinteoirí mar thacaíocht dóibh déileáil leis na dúshláin theangeolaíochta atá sna scoileanna agus do chur i bhfeidhm an POG.
12. Béim a chur ar bhealaí a chuirfeadh le húsáid na Gaeilge i láithreacha fostaíochta reatha agus tacú le fostaíocht a chruthú a chuirfeadh le labhairt na Gaeilge sa gceantar.
13. Idirghabháil dhearfach a dhéanamh ar son na Gaeilge i réimse shaol sóisialta an phobail.
14. Maoiniú a chinntiú do chur i bhfeidhm an phlean thar thréimhse seacht mbliana.
15. An oiliúint chuí a chur ar dhaoine fásta, ar chóitseálaithe, ar cheannairí agus orthu siúd a bhíonn ag obair leis an óige, agus ar cheannairí pobail eile, faoi na bealaí le Gaeilge a choinneáil chun tosaigh.
16. Dul i ngleic le nós iompú ar Bhéarla ag cruinnithe agus ócáidí poiblí.
17. Tús áite a thabhairt do chumas tuisceana Gaeilge seachas iompú ar Bhéarla, nuair nach mbíonn an cumas labhartha chomh láidir leis an gcumas tuisceana.
18. Cartlann Phobail a bhunú a chuimseodh ábhair físe, fuaimne agus scríofa.
19. Scileanna cinnreachta a fhorbairt sa bpobal le freastal ar riachtanais na hÓige.
20. Tacú le hionaid shainiúla don Óige a bhunú.

² Aguisín 19.

21. Tacú le gnólachtaí áitiúla, a bhíonn ag déileáil leis an bpobal, freastal ar éileamh an phobail ar sheirbhís i nGaeilge.
22. Leas a bhaint as nuatheicneolaíocht le haidhmeanna an phlean a chur i gcrích agus úsáid na Gaeilge a bheith lárnach sna meáin shóisialta.
23. Dul i ngleic le heaspa cosanta don Ghaeilge sa bpróiseas pleanála i gceantar an Spidéil go háirithe.
24. An earnáil shóisialta agus dheonach trí Ghaeilge a chothú agus an deonachas a chur chun cinn.
25. Láithreacht na Gaeilge i bhFéilte a chinntiú.
26. Dul i bhfeidhm ar mheon an phobail i leith seirbhísí poiblí ón státchóras a éileamh agus a úsáid.
27. An ceantar a bhrandáil mar 'An Cósta Gaelach'.
28. Na hEalaíona trí Ghaeilge a threisiú agus leas a bhaint astu le tacú leis an bplean.
29. Cur le soláthar ábhair chlóite Ghaeilge, cúrsaí áitiúla go háirithe.
30. Cois Fharraige a bheith páirteach in imeachtaí 'Gaillimh 2020'.

6. Fís Fhóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga

Chaith baill den Fhóram lá iomlán ag plé an fhís a bhí acu don cheantar agus an cineál pobail a bhí uathu mar thoradh ar an bPróiseas Pleanála Teanga. Is í seo an fhís a aontaíodh:

2017-2023

- Go mbeidh Cois Fharráige mar áit inar féidir an saol a chaitheamh trí Ghaeilge agus nach gá a bheith leithscéalach faoin nGaeilge. Go mbeidh meon dearfach ag an bpobal i leith na Gaeilge, an óige go háirid, agus iad bródúil as an gcultúr áitiúil
- Go mbeidh dearcadh dearfach ag tuismitheoirí óga ar an teanga agus tuiscint acu ar na buntáistí agus ar na dúshláin a bhaineann lena gcuid páistí a thógáil le Gaeilge, agus go dtógfaidh an tromlach mór na páistí le Gaeilge.
- Ceantar ina bhfuil córas oideachais cuimsitheach á chur ar fáil trí mheán na Gaeilge ón naíolann go naíonra go bunscoil go hiarbhunscoil ar ardchaighdeán. Gur córas é ina gcothófar mórtas teanga + mórtas pobail agus go saibhreofar an teanga chuile dhuine dá réir sin.
- Fostaíocht (a oibreoidh chun leas na Gaeilge mar theanga pobail) ar ardchaighdeán agus seirbhísí cuí do chuile aoisghrúpa a chur ar fáil gan stró i nGaeilge sa gceantar.

7. Cúlra an Phróisis Phleanála Teanga

Síolraíonn ullmhú an phlean teanga seo ón Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 inar sonraíodh gurbh é aidhm pholasáí an Rialtais i leith na Gaeilge go méadófaí ar úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga pobail ar bhonn córasach. Sonraíodh sa Straitéis go ndéanfaí forbairt ar chóras cuimsitheach phleanála teanga ag leibhéal an phobail sa nGaeltacht chun a chinntiú go mairfidh an Ghaeilge mar theanga pobail sa nGaeltacht. Le struchtúr feidhmithe a thabhairt don Straitéis, achtaíodh Acht na Gaeltachta in 2012. Tugann an tAcht feidhm reachtúil don Phróiseas Pleanála Teanga faoina mbeidh pleananna teanga á n-ullmhú ag leibhéal an phobail i gceantair a bhféadfaí aitheantas a thabhairt dóibh faoin Acht mar Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta (LPT). Chuige sin tá an Ghaeltacht roinnte i Limistéir Pleanála Teanga (LPT) agus déanfar plean teanga a réiteach i ngach Limistéir in am trátha. Faoin Acht beidh an Ghaeltacht bunaithe feasta ar chritéir theangeolaíocha seachas ar limistéir thírreolaíoch faoi mar a bhí go dtí seo.

Rinne an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ag an am, Donnchadh Mac Fhionnlaoich, T.D., na chéad trí fhógra i dtaca leis na Limistéir Phleanála Teanga ar an 20 Nollaig 2013 agus bhí Cois Fharraige ar cheann de na chéad fhógraí sin ag cur tús foirmiúil leis an bPróiseas Pleanála Teanga agus le réiteach plean teanga. Tugadh deis d'eagraíochtaí iarratas a chur faoi bhráid ÚnaG le plean teanga comhtháite seacht mbliana a ullmhú do LPT Chois Fharraige. Ba é ÚnaG a bhí freagrach as eagraíocht (ceanneagraíocht) phleanála teanga a roghnú le plean teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm agus é mar chúram ar an Údarás roghnú a dhéanamh ar an eagraíocht is fearr a léirigh cumas chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa teaghlach, sa bpobal, sa gcóras oideachais, go sóisialta agus i gcúrsaí gnó. Tugadh tréimhse dhá mhí do ghrúpaí le hiarratas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Údaráis le go roghnófaí mar cheanneagraíocht iad.

Tar éis d'iarratais dul faoi bhráid ÚnaG, rinne coiste measúnaithe san Údarás meastóireacht ar an iarratas bunaithe ar chritéir mharcála mar a bhí sonraithe san fhoirm iarratais. Tar éis don Údarás an t-iarratas a mheas, roghnaigh an tÚdarás FCFPT mar cheanneagraíocht le plean teanga a ullmhú. Shínigh an Fóram comhaontú leis an Údarás ar an 30 Deireadh Fómhair 2014 agus cuireadh maoiniú ar fáil dá réir chun plean teanga a réiteach thar thréimhse suas le dhá bhliain.

In Acht na Gaeltachta, 2012 sonraíodh go mbeadh aird ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar chritéir phleanála teanga chun pleananna Gaeilge a cheadú le haghaidh Limistéir Phleanála Teanga Gaeltachta.

Tá an Fóram buíoch don Údarás as an tacaíocht leanúnach a chur siad ar fáil agus an plean á réiteach, tá FCFPT buíoch as ucht sheirbhísí Aoife Ní Churraoin (a bhí ar scoláireacht phleanála teanga leis an Údarás) agus a thug an-chúnamh leis an réiteach don phlean teanga. Eagraíodh ceardlanna phleanála teanga, idir cheardlanna náisiúnta agus cheardlanna réigiúnacha, a fheidhmíonn mar fhóram chun deis a thabhairt do cheanneagraíochtaí plé a dhéanamh ar chomhcheisteanna maidir leis an bpróiseas phleanála teanga agus freisin le comhairle a fháil ó shaineolaithe i réimse éagsúla den phleanáil teanga.

8. Sonraí na Ceanneagraíochta

Nuair a fógraíodh go raibh Plean Teanga le hullmhú do Limistéar Chois Fharraige tuigeadh sa gceantar go dteastódh tiomantas agus tacaíocht láidir ó chuile chearn den limistéar le go mbeadh rath ar an tionscadal. Tháinig ionadaithe ó chumainn phobail agus institiúidí oideachais le chéile as ar eascair Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga (FCFPT). Chuir Comhlacht Forbartha an Spidéil (CFanSp), i gcomhar le Comharchumann Sailearna Teoranta (CST) na cáipéisí cuí i dtoll a chéile agus chuir siad comhiarratas ar an gconradh leis an bplean a réiteach, thar cheann an Fhóraithe, ar aghaidh chuig Údarás na Gaeltachta.

Tá na heagrais agus institiúidí seo a leanas cláraithe leis an bhFóram:

- Aisteoirí an Spidéil
- An Gaelacadamh, An Spidéal
- An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh (an Crann Taca), Indreabhán
- Bogha Ceatha, an Spidéal
- Club Óige Lurgan
- Coiste Pobail na Tulaí
- Coiste Pobail na bhForbacha
- Coiste Pobail Ros a' Mhíl
- Coláiste Chamuis
- Coláiste Cholm Cille, Indreabhán
- Coláiste Chroí Mhuire, an Spidéal
- Comharchumann Sailearna
- Comhlacht Forbartha an Spidéil
- Conradh na Gaeilge, na Forbacha
- Cumann Forbartha Chois Fharraige
- Cumann Liathróid Láimhe Mhicheál Breathnach
- Cumann Lúthchleas Gael Mhicheál Breathnach
- Cumann Lúthchleas Gael an Spidéil
- Éigse an Spidéil
- Mná Tí Choláiste Lurgan
- Scoil Cholmcille, an Tulaigh
- Scoil Éinne, an Spidéal
- Scoil Náisiúnta na bhForbacha
- Scoil Náisiúnta Sailearna, Indreabhán
- Scoil Náisiúnta Choilm Cille, Ros a' Mhíl
- Taispeántas Chois Fharraige
- Tuismitheoirí na Gaeltachta

Aontaíodh Coiste Stiúrtha (CS) a bheadh ionadaíoch ar an bpobal ar fad, a bhunú le gnáthobair an Fhóraithe a riaradh. Cinneadh ionadaí a roghnú as gach ceantar bunscoile sa limistéar mar aon le hAodán Mac Donncha, riarthóir Chomhlacht Forbartha an Spidéil agus Morgan Ó Conchubhair, riarthóir Comharchumann Sailearna, don Choiste Stiúrtha agus roghnaigh an Coiste Stiúrtha oifigigh an Choiste.

Seo thíos an Coiste Stiúrtha:

- Seán Breathnach, Na Forbacha
- Máire Ní Neachtain, An Spidéal: Cathaoirleach
- Donncha Ó hÉallaithe, An Cnoc: Rúnaí
- Tomás Ó Neachtain, An Tulach
- Ruairí Mac Con Iomaire, Ros a' Mhíl
- Aodán Mac Donncha, Comhlacht Forbartha an Spidéil: Cisteoir
- Morgan Ó Conchubhair, Comharchumann Sailearna Teoranta

Aontaíodh Téarmaí Tagartha³ don Fhóram agus don CS.

Bhíodh cruinnithe rialta, uair in aghaidh na míosa go hiondúil, ag an gCS agus cruinniú in aghaidh na ráithe ag an bhFóram, níos minice nuair ba ghá. Cuireadh tuairiscí ar obair, ar dhul chun cinn agus bearta i láthair an Fhórait le faomhadh a fháil le bogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.

Eagraíodh comórtas oscailte le foireann tacaíochta a fhostú chun cuidiú le sonraí a thiomsú, taighde a dhéanamh, tionscadail phiolótacha a riaradh agus tacú le scríobh an phlean. Ceapadh an comhlacht Seirbhísí Pleanála Teanga (SPT) agus bronnadh conradh orthu. Bhíodh SPT i láthair ag cruinnithe an CS agus an Fhórait.

Bhí dlúthcheangal ag an gCS le Rannóg Pleanála Teanga Údarás na Gaeltachta agus bhíodh Aoife Ní Churraoin ón Údarás i láthair ag cruinnithe CS agus cruinnithe an Fhórait agus thacaigh sí le roinnt de na tionscadail phiolótacha a déanadh mar chuid den taighde.

³ Téarmaí Tagartha ar fáil do FCFPT agus don Choiste Stiúrtha. Aguisín 3.

9. Léargas ar an Limistéar Pleanála Teanga


9.1. Ginearálta

Síneann ceantar Chois Fharráige Chonamara ó Na Forbacha siar le cósta ó thuaidh de Chuan na Gaillimhe chomh fada le Baile na hAbhann agus Ros a' Mhíl.

Do chríocha an phlean seo, áirítear na toghranna seo a leanas sa gceantar:

- Cill Chuimín (Ros a' Mhíl, Na Minna, An Tulach)
- Sailearna (Abhainn Chroimghlinne go hAbhainn an Chnoic)
- Cill Aithnín (Abhainn an Chnoic go hAbhainn an Spidéil)
- An Spidéal (Abhainn an Spidéil go dtí an Lipe)
- Na Forbacha (Doire Locháin soir go Sruthán na Líbeirtí)

Figiúr 2. LPT Chois Fharráige



<https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer>

Tá daonra de os cionn 6,500 duine i stráice dronuilleogach talún atá 24km ón taobh thoir go dtí an taobh thiar agus 1.5km ó chladach Chuan na Gaillimhe ó thuaidh chomh fada leis an mbratphortach íseal Atlantach atá ainmnithe mar Cheantar Speisialta Caomhnaithe.

Cónaíonn formhór an daonra cois cósta agus is é an R336 an príomhbhóthar iompair a fhreastalaíonn ar cheantar Chonamara Theas. Tá líon mór bóithre beaga áitiúla ag ceangal isteach ann ó gach aon taobh, ag ceangal tithe agus talamh leis an bpríomhbhóthar agus leis an bhfarráige. Téann an ceangal leis an bhfarráige siar na céadta bliain agus is cuid mhór de chultúr na háite é.

Is éard atá sa talamh go bunúsach ná brat tanaí fóid ar bheagán torthúlachta os cionn bunchloch eibhir. Tagann an cineál garrantaí atá san áit agus na teorainneacha atá ar na claíoch cloch anuas ón gcóras Rundale a bhí ag Bord na gCeantar Cúng ó 1891 go dtí 1923 chun talamh a roinnt, agus a tugadh ar lámh ina dhiadh sin do Choimisiún Talún na hÉireann.

Is é sráidbhaile an Spidéil, an t-aon lonnaíocht sa gceantar a bhfuil dlús daonra leis le go bhféadfaí ‘sráidbhaile’ a ghlaoch air.

9.2. Daonra

Figiúr 3. Daonra an LPT: Daonáireamh 1996 - 2016

Daonra Athrú ar an Daonra (%)							
	1996	2002	2006	2011	2016	2011 - 2016	1996-2016
Cill Chuimín	1273	1298	1304	1315	1312	-3 (-0.2%)	+39 (+3.1%)
Sailearna	1148	1299	1362	1448	1451	+3 (+0.2%)	+303 (+26.4%)
Cill Aithnín	840	831	963	1000	1044	+44 (+4.4%)	+204 (+24.3%)
An Spidéal	1166	1253	1356	1450	1440	-10 (-0.7%)	+274 (+23.5%)
Na Forbacha	1090	1272	1236	1312	1403	+91 (+6.9%)	+313 (+28.7%)
Iomlán	5517	5953	6221	6525	6650	+125 (1.9%)	+1,133 (+20.5%)

www.cso.ie

Léiríonn na figiúirí gur ag fás atá daonra an LPT, sa gcuid thoir den cheantar go háirithe. Tagann torthaí shuirbhé an teaghlaigh, leis seo mar go léiríonn sé go bhfuil brú forbartha ag teacht mar gheall ar Chathair na Gaillimhe a bheith ag leathnú amach agus siar.

Feictear gur ‘daoine nua isteach’ iad 60% de thuismitheoirí na toghroinne is faide soir (Na Forbacha) agus sa toghroinn is faide siar (Cill Chuimín) gur figiúr níos gaire do 26% atá i gceist.

Figiúr 4. Tuismitheoirí an LPT. An áit arb as dóibh. 2015.

Tuismitheoirí - LPT Chois Fharráige	
Freagróirí a tógadh sa nGaeltacht	
Toghroinn	%
Cill Chuimín	73.5
Sailearna	72.5
Cill Aithnín	64.3
An Spidéal	52.5
Na Forbacha	42.0

Aguisín 6.

9.3. Cois Fharráige agus an Ghaeilge

De réir an staidéar is deireanaí a d'fhoilsigh ÚnaG⁴ is mar seo a leanas staid na dtoghrann maidir le labhairt laethúil na Gaeilge:

Figiúr 5. Pobal Chois Fharráige agus labhairt na Gaeilge - Daonáireamh 2011.

Toghroinn: Daonáireamh 2011	Daonra 3+	CLG %. (Cainteoirí Laethúla Gaeilge)
Cill Chuimín	1260	84.5
Sailearna	1375	81.1
Cill Aithnín	956	74.9
An Spidéal	1380	64.6
Na Forbacha	1256	43.0
Meán san LPT		69.5

<http://www.cso.ie/en/census/census2011smallareapopulationstatisticsaps/>

Tagann an taighde ar thuismitheoirí óga sa gceantar le taighde an Údaráis, i.e. go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú, go háirithe sa taobh thoir den cheantar. Léiríonn sé leibhéal ard inimirce de dhaoine gan Gaeilge, nó ar bheagán Ghaeilge sa gcuid thoir agus gan ach duine as gach cúigear inimirceach a d'fhoghlaim Gaeilge go leibhéal sách ard, a chuirfeadh ar a gcumas páirt a ghlacadh trí Ghaeilge i saol an phobail.

Léirigh an taighde ar thuismitheoirí ráta ard seasmhachta teanga sa taobh thiar den LPT. Léirigh sé freisin ráta ard creimthe i nGaeilge ann de bharr idirphósadh agus eile idir duine le Gaeilge agus duine gan Ghaeilge.

9.4. Saoráidí Pobail

9.4.1. Oideachas

Tá cúig bhunscoil agus dhá mheánscoil sa gceantar (Indreabhán agus An Spidéal).

Tá cúig Choláiste Samhraidh ann chomh maith. Is iad sin:

- Coláiste Chonnacht, An Spidéal
- Coláiste Uí Chadhain, Na Mine
- Coláiste Chamuis, Ros a' Mhíl & An Tulach
- Cúrsa Drámaíochta, Fíbin, Indreabhán.
- Coláiste Lurgan, An Cnoc.

⁴ http://www.udaras.ie/media/pdf/002910_Udaras_Nuashonr%C3%BA_FULL_report_A4_FA.pdf.

Meastar gur fiú €20 milliún na Coláistí Samhraidh don eacnamaíocht áitiúil (Conamara agus Árann) i dtréimhse naoi seachtaine sa mbliain. Tá an figiúr seo bunaithe ar 11,000 + scoláire agus ag cur táillí, pá múinteoirí, deontais na mban tí, airgead póca agus cuairteanna ó thuismitheoirí san áireamh.

Is fiú a lua gur fíorbheagán deiseanna a bhíonn ag an aos óg leanacht lena gcuid scolaíochta ag an tríú leibhéal trí mheán na Gaeilge. Bíonn cúrsaí trí Ghaeilge ar fáil in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaillimh.

9.4.2. Fostaíocht

De bharr go bhfuil an ceantar buailte le cathair na Gaillimhe tá neart deiseanna fostaíochta ar fáil ansin. Ar ndóigh, tá fostaíocht ar fáil i ngnóthaí áitiúla ar nós siopaí san earnáil mhiondíola agus sa státchóras (múinteoirí, altraí agus araile). Léiríonn suirbhé a rinne ÚnaG⁵, mar chuid den phróiseas pleanála teanga, go bhfuil breis agus 1,500 duine fostaithe i gcuideachtaí i gCois Fharraige a fuair tacaíocht ón Údarás. Cé gur maith ann iad cruthaíonn siad dúshlán maidir le húsáid na Gaeilge de bharr go dtaistealaíonn an tríú cuid de na hoibrithe ó thaobh amuigh den Ghaeltacht chun a n-ionad oibre i gCois Fharraige. Tá sé soiléir go bhfuil úsáid na Gaeilge níos ísle sna hionaid oibre i gCois Fharraige ná mar atá i réimsí eile de shaol an phobail áitiúil.

9.4.3. Seirbhísí agus Fóntais

- Tá raon leathan seirbhísí ar fáil sa gceantar. Tá meascán seirbhísí miondíola (banc, ionad leighis agus oifig an phoist san áireamh) sa Spidéal ina n-áirítear sráidbhaile ceardaíochta agus páirc léiriúchán meán, ach tá siopaí áitiúla miondíola freisin scaipthe thart leis an R336 agus óstán mór sna Forbacha.
- Tá Ardoifig an Údaráis agus Ardoifig Roinn na Gaeltachta lonnaithe sna Forbacha.
- Tá brainse leabharlainne ag an gComhairle Contae sa Spidéal.
- Tá dhá chéibh sa Spidéal a mbaineann idir iascairí agus lucht na mbád pléisiúrtha úsáid astu.
- Seirbhísí Taistil
 - Bíonn seirbhís bus, de chuid Bus Éireann, ar fáil sé huaire in aghaidh an lae ó Luan go Satharn, a fhreastlaíonn ar an gceantar ó Ghaillimh go Leitir Mealláin trí Chois Fharraige. Bíonn dhá bhus ann ar an Domhnach agus seirbhís breise ó Luan go hAoine as Gaillimh go dtí An Spidéal amháin. Níl aon seirbhís bus amach as Gaillimh tar éis a 6 i.n.
 - Tá Calafort le seirbhísí farantóireachta go hOileáin Árann chomh maith le muiríne agus áiseanna iascaireachta i Ros a' Mhíl. Tá seirbhís bus ag Aran Ferries idir Cathair na Gaillimhe agus an Calafort.
 - Tá Aerfort ag freastal ar Oileáin Árann sna Mine. Tá seirbhís bus ag Aer Árann idir Cathair na Gaillimhe agus an t-aerfort.
- Tránna
 - Tá brat gorm ag an Trá Mhór in Indreabhán agus bhíodh brait ghorma ag an Dumhach Mhór agus An Chéibh Nua sa Spidéal. Tá go leor tránna beaga eile ar an gcósta chomh

⁵ Aguisín 10.

maith atá tábhachtach mar fhóntais áitiúla agus mar áiseanna turasóireachta. Baineann na Coláistí Samhraidh úsáid as cuid de na trána anseo.

9.5. Leibhéal Mhíbhuntáiste

Déanann an eagraíocht 'Pobal' anailís ar fhiigiúirí an daonáirimh. Is mar seo a leanas na staitisticí a bhaineann le leibhéal bhochtanaís sa gceantar:

Figiúr 6. Rátaí Míbhuntáiste i gCois Fharraige - 2011

Toghroinn	2006	2011	Stádas 2011
Cill Chuimín	-12.4	-8.3	Beagán faoin meán
Sailearna	-2.5	-2.5	Beagán faoin meán
Cill Aithnín	-0.09	-0.15	Fíorbheagán faoin meán
An Spidéal	+3.98	+4.1	Beagán ós cionn an mheáin
Na Forbacha	+4.13	+ 6.1	Beagán ós cionn an mheáin

<https://dahg.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=3c2ff4d2fc1b49448c17662f94e23cda>

10. **Sonraí an Taighde** (Léargas ar Ullmhú an Phlean san áireamh)

D'fhostaigh FCFPT an comhlacht Seirbhísí Pleanála Teanga le taighde a dhéanamh mar chuid den togra pleanála teanga seo.

Shocraigh an Coiste Stiúrtha (CS), de bharr méid an cheantair agus de bharr gur dearnadh mórthaighde i gcuid den limistéar 6 bliana⁶ ó shin go mbeadh sé níos éifeachtaí na hacmhainní a dhíriú ar thuismitheoirí le páistí sa gcóras oideachais, i.e. faoi bhun naoi mbliana déag d'aois. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le tuairimí gach duine sa bpobal, tá tábhacht faoi leith ag baint le thuismitheoirí óga, mar is iad atá ag tógáil na glúine a bheas ina 'pobal Gaeltachta' amach anseo.

Seo a leanas achoimre ar an taighde a rinneadh ó Mheitheamh 2015 go Deireadh Fómhair 2016:

Figiúr 7. Na Réimsí Taighde – 2015-2016.

Taighde	I bhFoirm
Seisiún Físe	Fócasghrúpa
Na Teaghlaigh (700+) le Páistí sa gCóras Oideachais	Suirbhé
Daoine Fásta faoi bhun 35 - Fir	Fócasghrúpa
Daoine Fásta faoi bhun 35 - Mná	Fócasghrúpa
Déagóirí áitiúla ag glacadh páirt in imeachtaí Choláiste Samhraidh Lurgan	Fócasghrúpa X 2
Campaí Samhraidh Spóirt do Pháistí: Páirc na bhForbacha (Peil, Sacar, Iomáint) Páirc an Spidéil (Peil) Páirc an Chnoic (Peil, Iomáint) Páirc Ros a' Mhíl (Peil) Club Seoltóireachta an Spidéil	Cuairt ar imeachtaí
Aosaigh - Tearmann Éanna	Agallamh
Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte (FSS, HSE)	Agallamh
Bunmhúinteoirí – 5 scoil	Fócasghrúpa agus Ceardlann
Múinteoirí Iarbhunscóile – 2 scoil	Fócasghrúpa agus Ceardlann
Polasaí don Oideachas Gaeltachta - Comhairliúchán 2015	Freastal ar Chruinnithe, Aighneachtaí a sheoladh isteach, anailís ar Thorthaí an Chomhairliúcháin.
Daoine Nua Isteach (Líofa)	Agallaimh
Daoine Nua Isteach (Neamhlíofa)	Agallaimh
Pleanáil – Co. Co. na Gaillimhe Cruinniú leis an Stiúrthóir Pleanála	Cruinniú
Cruinniú le Príomhfheidhmeannach agus Cathaoirleach ÚnaG (Fostaíocht Pleanáil agus araile)	Cruinniú
Naíonraí	Cruinniú +Suirbhé
Na hIonaid Seirbhísí Teanga. (Gaelacadamh agus An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh)	Cruinniú

⁶ Plean Teanga do Cheantar an Spidéil (2010).

Ionaid Chúram Leanaí x 3	Cruinniú
An Fhostaíocht (i bpáirt le ÚnaG) 1,600+ fostaithe	Suirbhé
Gnólachtaí Áitiúla 90+ (i bpáirt le Measmedia)	Suirbhé
Coláistí Samhraidh Gaeilge	Agallaimh
Déagóirí páirteach i dTogra 'Techspace'	Anailís
Taighde – 'Luach na Gaeilge' don Cheantar	Bailiú Eolais ó REOGRTG agus ó ÚnaG
Scrúdú ar an Daonáireamh agus faisnéis eile	Eolas Bailithe
Liosta d'Fhéilte Áitiúla	Eolas Bailithe
Liosta de na hEagrais Shóisialta	Eolas Bailithe
An Eaglais Chaitliceach	Cruinniú Fóin
Na hEagrais Náisiúnta Gaeilge	Cruinnithe agus Comhfhreagras
Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta	Cuairteanna
Club Foghlaimeoirí an Spidéil	Cuairteanna
Eolas a bhailiú ón SCT (Nuashonraithe 2015)	Eolas Bailithe

11. Na Bearta

11.1. An Ghaeilge sa Teaghlach

Bunaithe ar an Taighde ar Thuismitheoirí (Samhain 2015)⁷

Taighde: Bunaithe ar anailís ar an taighde a rinneadh ar thuismitheoirí an LPT ag deireadh 2015 agus ar aiseolas breise ó shin. Cuid mhór táblaí ar fáil sa tuarascáil ar an suirbhé sin agus é ar fáil in Aguisín 6.

Critéir Pleanála Teanga (CPT) do Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta: 8, 10, 11, 19

Réimse Pleanála Teanga (RPT): B (Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga).

11.1.1. Príomhphointí Thaighde 2015

1. Meastar thart ar 700 teaghlach a bheith ann le gasúir in aois scolaíochta. Tá scaipeadh garbh mar seo orthu sa gceantar: 400 taobh thiar den Spidéal, 150 sa Spidéal, 150 sna Forbacha.
2. Tá líofacht Ghaeilge ag 60% de thuismitheoirí Chois Fharraige.
3. Ní as Gaeltacht Chonamara ach do 60% de thuismitheoirí Chois Fharraige.
4. Tá líofacht Ghaeilge níos láidre sa gcuid thiar ná sa gcuid thoir, 75% de na tuismitheoirí, seachas 27% sna Forbacha.
5. Bíonn 55% (den 60% pointe 2 thuasluaite) de thuistí, gur de bhunadh na Gaeltachta iad, ag labhairt Gaeilge, nó Gaeilge den chuid is mó, lena bpáirtithe. Sin iomlán 33% den iomlán.
6. Labhraíonn 76% de thuistí, gur de bhunadh na Gaeltachta iad, Gaeilge lena gcuid gasúir, rud a chiallaíonn i roinnt mhaith teaghlach, go labhraíonn tuismitheoirí, atá líofa, Gaeilge leis na gasúir agus Béarla lena bpáirtithe.
7. Tuairiscítear go bhfreagraíonn 40% de na gasúir a gcuid tuismitheoirí i nGaeilge.
8. Is 'Gaeilge' nó 'Gaeilge den chuid is mó' atá á labhairt eatarthu féin ag 43% de na gasúir sna teaghlaigh (taobh thiar den Spidéal 63%; An Spidéal 31%; Na Forbacha 5%).
9. Is fearr a éiríonn leis an gcur chuige 'Gaeilge amháin'. Más é sin cur chuige na beirte tuismitheoirí, bíonn Gaeilge, nó Gaeilge den chuid is mó, á labhairt eatarthu féin ag 98% de na gasúir. Fiú, nuair is tuismitheoir amháin a bhfuil an cur chuige 'Gaeilge amháin' aige nó aici, is airde an méid Ghaeilge a labhraíonn gasúir eatarthu féin. Má tá Béarla ag tuismitheoir amháin agus leath Béarla, leath Gaeilge ag an tuismitheoir eile, is Béarla is mó a thagann chun cinn i measc na ngasúir.

⁷ Na torthaí ina n-iomláine sa Tuarascáil in Aguisín 6.

Figiúr 8. An líon teaghlach ina labhraíonn na gasúir Gaeilge lena chéile, 2015.

Teanga a labhraíonn le chéile	Cill Chuimín	Sailearna	Cill Aithnín	An Spidéal	Na Forbacha	Iomlán
Gaeilge nó Gaeilge is mó	68%	66%	53%	31%	5%	43%

Suirbhé – Fóram Chois Fharráige un Phleanáil Teanga – Aguisín 6

Figiúr 9. "Gaeilge amháin" á labhairt ag tuismitheoirí versus 'Gaeilge den chuid is mó', 2015.

Teanga a labhraíonn tuismitheoirí le gasúir	Teanga a labhraíonn gasúir eatarthu féin: Gaeilge amháin	Teanga a labhraíonn gasúir eatarthu féin: Gaeilge den chuid is mó	Teanga a labhraíonn gasúir eatarthu féin: Béarla/Béarla den chuid is mó
Gaeilge amháin ón athair	71%	21%	8%
Gaeilge amháin ón máthair	73%	21%	6%
Gaeilge amháin ón máthair agus athair	80%	18%	2%
Gaeilge den chuid is mó: athair	8%	35%	57%
Gaeilge den chuid is mó: máthair	7%	31%	62%

Suirbhé – Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga – Aguisín 6

11.1.2. Tacaíocht an Phobail don Phróiseas

Léirítear tacaíocht an-láidir (95%)⁸ maidir le stádas Gaeltachta cheantar Chois Fharráige a choinneáil sna blianta amach anseo. Tá comhthéacs láidir ann, de bharr an fonn atá ar chéatadán ard díobh sin nach bhfuil líofa i nGaeilge a bheith níos cumasaí á labhairt, chun céimeanna dearfacha a thógáil, a chuideodh le labhairt na Gaeilge sa mbaile.

Rud suntasach faoin taighde ná gur ghlac go leor freagróirí an cúram orthu féin a gcuid smaointe, tuairimí agus moltaí a scríobh ar na ceistneoirí agus cuimsítear iad sin sna bearta thíos.

Tá feidhm ag scoileanna, agus ag dream ar bith a eagraíonn imeachtaí don aos óg, athrú a dhéanamh ar an gcur chuige reatha a cheadaíonn don Bhéarla treisiú ar an nGaeilge.

11.1.3. Cinneadh ar son na Teanga

Léiríonn staidéir éagsúla⁹, an tábhacht atá le cinneadh dearfach a dhéanamh ar son na Gaeilge sa teaghlach go háirithe sa gcás nach bhfuil leanúnachas iomlán Gaeilge agus Gaeltachta ag an mbeirt thuistí. Léiríonn taighde na dtuismitheoirí¹⁰ go bhfuil níos láidir sa gceantar cinneadh dearfach teanga a ghlacadh sula mbeirtear an páiste is sine. Deir an taighde chomh maith gur minic, sa gcás go bhfuil leanúnachas Gaeilge ó ghlúin go ghlúin ann, nach ndéanann sciar mhaith den phobal taobh thiar den

⁸ Suirbhé – Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga – Aguisín 6.

⁹ Mar shampla: Tráchtas neamhfhoilsithe MA sa Phleanáil Teanga Mhéadhbh Uí Fhátharta (2008, Acadamh na hOllscolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) "An Mhionteanga a Sheachadadh ó Ghlúin go Glúin: Cad atá ag tarlú sa Ghaeltacht?"

¹⁰ Aguisín 6.

Spidéal cinneadh mar nach ritheadh sé le tuiste ach Gaeilge a labhairt. Comhartha bisiúil é go labhraítear Gaeilge le gasúir go nádúrtha gan aon chinneadh mór a dhéanamh "i gcás teangacha nach baol dá gcinniúint, (ní iondúil) go ndéanann tuismitheoirí 'cinneadh comhfiosach' faoin teanga a bheidh á labhairt acu lena gclann "(SCT, 2007: 443). Tá baol do chinniúint na teanga áfach má bhíonn Béarla láidir sa gcultúr sóisialta ina gcasann daoine óga ar a chéile. Beidh 'cinneadh comhfiosach' le déanamh ag tuismitheoirí óga líofa ar son na teanga, dá bhrí sin.

Mar sin féin tá dhá bhunchloch ann le gur féidir saol sláintiúil teanga cois teaghlaigh a chothú - cumas agus fonn a húsáide. "Má táthar le teacht i dtír ar an gcumas Gaeilge atá ag an nglúin reatha daoine óga Gaeltachta agus ar an bhfonn atá ar a bhformhór a gclann a thógáil le Gaeilge" ní tharlóidh sé gan "seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta teaghlaigh (a bheith curtha) ar fáil do thuismitheoirí ar mian leo."(SCT, 2007: 447).

Leag Ní Fhátharta an-bhéim ar an ngá atá ag lánúineacha óga le cinneadh a dhéanamh ar son na teanga agus go dteastódh tacaíocht uathu: 'tá an seachadadh teanga ó ghlúin go glúin neamhbhuan agus teastaíonn spreagadh agus eolas ó na lánúineacha' (2008, 73).

11.1.4. Na Dúshláin

1. Níl tuiscint, feasacht ná fiú an oiread sin suime sna próisis ina sealbhaítear teangacha agus ar an gcaoi a bhfaigheann teangacha láidre an lámh in uachtar.
2. Líon na ndaoine fásta gan Ghaeilge líofa sa bpobal, fiú sa gceantar taobh thiar den Spidéal.
3. Líon na ndaoine nua isteach (40%) agus a laghad acu a shealbhaíonn an Ghaeilge (duine as cúigear).
4. An bhearna mhór atá idir mian an phobail (95% ar son stádas Gaeltachta) agus an t-iompar teanga reatha atá ag roinnt tuismitheoirí agus daoine fásta eile.
5. Meascadh an dá theanga ina gcuid cainte ag roinnt mhaith daoine fásta, fiú iad sin atá líofa, agus é ag tarlú i ngan fhios díobh féin.
6. Ní aithníonn na córais oideachais agus leighis go háirithe, cearta an chainteora dúchais.¹¹
7. Ní bhíonn súil ag roinnt mhaith daoine le Gaeilge ar bith a bheith ag daoine nua isteach.
8. Tá nós tagtha chun cinn Béarla a labhairt le páistí, go háirithe sa taobh thoir den LPT, i suíomhanna traenála spóirt¹².
9. Is mó ná ariamh na tionchair sheachtracha (teicneolaíocht, meáin) atá ar iompar teanga an teaghlaigh.
10. Laige na Gaeilge i réimsí uile na seirbhíse poiblí a bhaineann le teaghlaigh.
11. A laghad imeachtaí iarscoile atá á reáchtáil i nGaeilge amháin, agus a bhfuil Polasaí Cosanta Teanga¹³ i bhfeidhm iontu (in ainneoin freastal maith trí Ghaeilge a bheith ann sa gcuid thiar den Limistéar).

¹¹ Tá súil go dtiocfaidh athrú air sin (POG, 2016). Plé air seo i Mír an Oideachais.

¹² Obair pháirce le linn an tsamhraidh 2015 ar champaí samhraidh spóirt.

¹³ Polasaí Cosanta Teanga don Óige: Cáipéis ghairid a leagfadh amach an nósmaireacht atá le leanúint nuair a labhródh gasúir i mBéarla le cóitseálaí. Gasúir a thuigeann Gaeilge óna gcuid scolaíochta ar a laghad. Moltar anseo cúrsaí oiliúna a bheith ann ar fheidhmiú pholasaí cosanta teanga.

12. Cruthaítear deacrachtaí móra i leith sheachadadh agus shealbhú teanga do theaghlaigh de réir mar a éiríonn an pobal dhátheangach.

11.1.5. Bearta Ginearálta

1. Go méadófaí líon na dteaghlach a roghnaíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh 5% trasna an LPT idir seo agus 2023.
2. Gur 'Gaeilge amháin', gan aon Bhéarla a mheascadh trithí, an cur chuige is fearr ag, ar a laghad ar bith tuismitheoir amháin, agus ag an mbeirt má tá líofacht acu.
3. Go soiléireofaí pointe 2 go cuimsitheach mar go bhfuil cur chuige aonteangach Gaeilge sách deacair a chur i bhfeidhm mura dtuigtear a bhfuil ag baint leis, go háirithe má tá nós ann Béarla a bheith in úsáid ag na tuismitheoirí eatarthu féin nó lena gcairde. Anuas air sin, tá an nós forleathan, fiú i measc na gcainteoirí is líofa ar fad, nathanna Béarla a úsáid i ngan fhios dóibh féin.
4. Go gcosnófaí an comhthéacs teanga ina bhfeidhmíonn teaghlaigh - dá mhéid Gaeilge atá timpeall orthu is ea is fearr, ní hamháin ag gaolta agus cairde na dtuismitheoirí ach sa bpobal ar fad agus sna seirbhísí cúram leanaí, naíonra, bunscoile, iar-bhunscoile, in imeachtaí iarscoile, sna siopaí agus sna hIonaid Leighis.
5. Go gcinnteofaí cearta teanga do dhaoine, idir óg agus aosta, a bhfuil riachtanais ar leith i ngach gné dá saol.
6. Ní leor é a fhágáil faoin gcóras oideachais Gaeilge a thabhairt do pháistí an cheantair, ach fós tá feidhm lárnach ag scoileanna, agus ag gach dream a eagraíonn imeachtaí don aos óg, le go mbeadh sé nádúrtha do na páistí an Ghaeilge a labhairt eatarthu féin taobh amuigh den teaghlach agus den chóras oideachais.
7. Go bhforbrófaí agus go gcuirfí le cumas labhartha na ndaoine óga. Má imíonn an cumas i léig ní féidir nós teanga a athrú ag pointe ar bith. Ní mór saibhreas na teanga a fhorbairt agus a chosaint sa mbaile agus ar scoil. Tuigtear go hidirnáisiúnta nach mbíonn an teanga sealbhaithe go hiomlán ag gasúr go dtí go mbíonn siad naoi mbliana d'aois. Ciallaíonn sé nach foláir béim a chur ar an gcainteoir dúchais óg i scéim na scoile, rud atá aitheanta anois sa bPOG (16).
8. Polasaí Cosanta Teanga a bheith i ngach gníomhaíocht a bhaineann leis an teaghlach.
9. Déagóirí a spreagadh le bheith rannpháirteach sa bpróiseas pleanála teanga.
10. Scéim/scéimeanna atá spreagúil agus tacúil a chur san áit a mbíodh Scéim Labhairt na Gaeilge (SLG).
11. Moltar tacú le gníomhaíochtaí agus imeachtaí 'Tuismitheoirí na Gaeltachta'.

11.1.6. An Ghaeilge sa Teaghlach - Bearta (RPT: 'B' & 'K')

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Cuairteanna baile ar lánúineacha len iad a spreagadh le rogha dearfach a dhéanamh i leith na Gaeilge roimh bhreith a gcéad pháiste.	Cuairteanna baile le labhairt leo faoin gcinneadh teanga agus faoin mbuntáiste a bhaineann le Gaeilge ón gcliabhán a bheith ag an bpáiste Gaeltachta.	OFT le labhairt leo trí chuairteanna baile	2017 agus go leanúnach tar éis tús a chur le feidhmiú an phlean.
2.	Líon na dteaghlach a roghnaíonn an Ghaeilge mar theanga teaghlaigh a mhéadú trí fheachtas feasachta dírithe ar thuismitheoirí.	Idirghabháil luath (sula dtagann páistí ar an saol) trí phoiblíocht, trí fhíseáin agus eolas a fhorbairt agus a scaipeadh sna meáin shóisialta, sna hIonaid Leighis, ag cúrsaí réamhbhreithe agus réamhphósta.	OFT i gcomhar leis an ITT, an Bogha Ceatha, an Chéad Eilt agus Comhar na Naíonraí Gaeltachta (CNNG).	2017 agus go leanúnach tar éis tús a chur le feidhmiú an phlean.
3.	Bród agus meon dearfach i leith na Gaeilge a chothú i measc thuismitheoirí.	Cruinnithe eolais a eagrú le thuismitheoirí sna Naíolanna, Naíonraí, sna bunscoileanna agus trí chuairteanna baile ina leagfaí béim ar oidhreacht an cheantair agus ar dhúchas teangeolaíoch an phobail a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile.	OFT i gcomhar leis an ITT, an Bogha Ceatha, an Chéad Eilt, CNNG, an Gaelacadamh agus eagrais theangabhunaithe an cheantair.	2017 agus go leanúnach tar éis tús a chur le cur le feidhmiú an phlean.
4.	Gaeilge ghlan, gan Béarla trithí, a chur chun cinn mar an nós labhartha sa mbaile is fearr le líofacht Ghaeilge a bhaint amach.	Cruinnithe eolais, feachtas feasachta a eagrú i gcomhar le naíolanna, naíonraí agus scoileanna	OFT, naíolanna, naíonraí agus scoileanna.	Go leanúnach ó 2017 tar éis feidhmiú an phlean
5.	Tábhacht ról an teaghlaigh, seachas braith ar an gcóras oideachais amháin, a léiriú ar mhaithe le líofacht Ghaeilge a thabhairt do ghasúir.	Cruinnithe eolais, feachtas feasachta a eagrú i gcomhar le naíolanna, naíonraí agus scoileanna	OFT, naíolanna, naíonraí agus scoileanna.	Go leanúnach ó 2017 tar éis feidhmiú an phlean
6.	Teaghlaigh nach bhfuil ach thuismitheoir amháin líofa i nGaeilge a spreagadh le go labhródh an thuismitheoir sin Gaeilge leis na gasúir. Tacaíocht a thabhairt don thuismitheoir eile teacht isteach ar an nGaeilge.	Feachtas feasachta, cuairteanna baile, scaipeadh eolais faoi ranganna agus ciorcail chomhrá Gaeilge agus grúpaí tacaíochta Gaeilge a eagrú.	OFT i gcomhar leis an ITT agus an Gaelacadamh. Tuismitheoirí na Gaeltachta.	Fómhar 2017 agus ar aghaidh go leanúnach.
7.	Teaghlaigh ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge a spreagadh le meon dearfach i leith na Gaeilge a léiriú agus tabhairt faoi Ghaeilge a fhoghlaim.	Feachtas feasachta agus cuairteanna baile. Ranganna agus ceardlanna a réachtáil.	OFT i gcomhar leis an nGaelacadamh agus an ITT.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

11.1.6. An Ghaeilge sa Teaghlach - Bearta (RPT: 'B' & 'K')

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
8.	Ócáidí/ranganna a eagrú le go bhforbrófaí agus go saibhreofaí cumas labhartha Gaeilge daoine óga.	Béim a leagan ar thábhacht na nEalaíona Gaeltachta/Gaeilge, na drámaíochta agus na hamhránaíochta, na léitheoireachta agus na scríbhneoireachta. Feidhm a bhaint as ilmheáin.	Tuismitheoirí na Gaeltachta, an Gaelacadamh, OÓG, na scoileanna, COGG, leabharlanna, Oireachtas na Gaeilge.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
9.	Scéim nua a chur in áit Scéim Labhairt na Gaeilge mar a moladh go sonrach san SCT.	Stocaireacht ¹⁴ a dhéanamh i gcomhar le ceanneagraíochtaí eile agus le ÚnaG agus REOGRG.	An OFT, ceanneagraíochtaí na LPTanna eile.	Samhradh 2017.
10.	Ardchaighdeán i seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a bheith ar fáil do theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge.	Anailís a dhéanamh ar an staid reatha. Stocaireacht a dhéanamh ar an bhFSS agus ROS chun seirbhís i nGaeilge a éileamh ar na seirbhísí poiblí ar fad.	An OFT, agus ceanneagraíochtaí na LPTanna eile i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus Oifig an Choimisinéara Teanga.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
11.	Liosta Feighlithe Linbh le Gaeilge líofa a chur le chéile agus a sholáthar.	Liosta a chur le chéile agus a bheith ar fáil do thuismitheoirí.	OFT	Earrach 2018.
12.	Liosta de Chúramóirí Páistí ina gcuid tithe féin le Gaeilge líofa a chur le chéile agus a sholáthar.	Liosta a chur le chéile agus a bheith ar fáil do thuismitheoirí.	OFT	Earrach 2018.
13.	Líonraí tacaíochta a bhunú do thuismitheoirí atá ag tógáil a gclann le Gaeilge.	Líonraí a chruthú, bunaithe ar riachtanais na dtuismitheoirí. Imeachtaí rialta agus ócáidiúla a chur ar fáil i gCois Fharraige.	OFT i bpáirt le Tuismitheoirí na Gaeltachta agus leis an nGaelacadamh.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

¹⁴ Féach freisin 'Stocaireacht', Caibidil a 12 mar a bhfuil na 30 Beart Stocaireachta ó na Réimsí ar fad.

An Teaghlach - Spriocanna

1. Go ndéanfaí an Taighde ar na Teaghlaigh arís go luath sa mbliain 2022 le fianaise a bhailiú maidir le dul chun cinn an phlean.
2. (Beart a 1.) Go dtiocfaidh ardú 5% ar líon na dteaghlach a dhéanann cinneadh a bpáistí a thógáil le Gaeilge faoi 2022.
3. (Beart a 2.) Go dtiocfaidh ardú 5% líon na dteaghlach atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge faoi 2022.
4. (Bearta a 3, 4, 5, 6, 7). Go n-eagrófaí cruinniú le tuismitheoirí gach Meán Fómhair. Cuirteanna baile a thabhairt ar thuismitheoirí nua isteach roimh thús na scoilbhliana.
5. (Beart a 8). Clár imeachtaí a chur le chéile. Moltar gach bunscoil sa gceantar a bheith páirteach sa bhFéile Scoildrámaíochta sa scoilbhliain 2017/2018. Clár píolótach drámaíochta do dhéagóirí a bheith tosaithe i 2018. Clár oibre le beachtú faoi Dheireadh Fómhair 2017.
6. (Beart a 9). Stocaireacht atá i gceist anseo agus polasaí a bheith aontaithe leis na LPTanna eile, bunaithe ar chomhairle na saineolaithe, roimh Shamhradh 2018. An polasaí seo le plé le REOGRTG ansin.
7. (Beart a 10) Stocaireacht arís agus clúdaithe i mír na Seirbhísí Poiblí chomh maith.
8. (Bearta 11,12). Curtha le chéile roimh dheireadh 2017.
9. (Beart a 13). Clár Píolótach tosaithe roimh dheireadh 2017.

An Teaghlach - Monatóireacht

Moltar go mbeadh cruinnithe rialta (míosúil) idir an OFT agus CPTCF le dul chun cinn a mheas, tacaíocht a thabhairt agus fadhbanna a réiteach go pras. Cuirfidh an tOFT tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre seo faoi bhráid CPTCF.

Beart 1: Déanfar anailís ar Dhaonáirimh 2016 agus 2021.

Beart 2: Go ndéanfar Suirbhé na dTuismitheoirí arís i 2021-22.

Bearta 3 - 7: Cuirfidh an tOFT liosta de na cruinnithe ar fáil go bliantúil do CPTCF chomh maith le tuairisc ar na cruinnithe.

Beart 8: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF ar rannpháirtíocht na scoileanna i bhFéilte agus i scéimeanna drámaíochta, san Oireachtas agus i gcomórtais is tionscnaimh ealaíona Ghaeltachta sa scoilbhliain 2017/2018, agus chuile bhliain uaidh sin amach, agus mar a d'éirigh leis an gclár píolótach drámaíochta do dhéagóirí i 2018.

Bearta 9 & 10: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF maidir le dul chun cinn na bhfeachtas stocaireachta (i bpáirt le LPTanna eile) roimh dheireadh 2017 chuile trí mhí ina dhaidh sin.

Beart 11: Cuirfidh an tOFT na liostaí faoi bhráid CPTCF faoi roimh dheireadh Lúnasa 2017.

Beart 12: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF roimh dheireadh 2017.

11.2. An Óige: Taobh Amuigh den Am Scoile

Taighde: Ó Bhealtaine 2015 go dtí Iúil 2016, tugadh cuairt ar imeachtaí don Óige, labhraíodh le daoine fásta a bhíonn ag plé leis an réimse, iarradh ar óg-eagrais ceistneoir a líonadh agus léadh an litríocht ábhartha. Nochtadh go leor tuairimí sa mórshuirbhé ar thuismitheoirí an cheantair (Samhain 2015).

CPT: 6, 10.

RPT: C (Seirbhísí don Aos Óg)

11.2.1. Ginearálta

Sa taobh thoir den LPT tá easnamh ar imeachtaí i nGaeilge do dhaoine óga taobh amuigh d'am scoile. Cuid den deacracht is ea go bhfuil líon ard tuismitheoirí nach ón nGaeltacht iad sa gceantar. Deacracht is ea go bhfuil na Forbacha mar 'leathpharóiste' de pharóiste Bhearna.

Tá scéimeanna ar bun idir óige an cheantair agus Coláiste Lurgan atá tairbhiúil. Bíonn baint ag daoine níos sine le Coláiste Chamuis agus leis an dá Choláiste eile - Coláiste Chonnacht agus Coláiste Uí Chadhain - ach is iondúil gur fostaithe mar mhúinteoirí a bhíonn siad. Moltar go bhfiosrófaí chuile ghné de na féidearthachtaí seo, féachaint leis na roghanna ar fad a chlárú le leas a bhaint as Scéim na gColáistí Samhraidh do gach duine óg san LPT.

Sa gcuid thiar de LPT Chois Fharraige is gá gnéithe dearfacha a aithint ar nós rannpháirtíocht na ndéagóirí óg in imeachtaí Choláiste Lurgan, sa drámaíocht, i ranganna an Ghaelacadaimh, i bhFéile an Oireachtais, sna cluichí Gaelacha agus an t-iliomad páistí atá ag freastal ar ranganna ceoil agus amhránaíochta. Ní mór aitheantas a thabhairt do Chlub Óige Lurgan atá, ní amháin seanbhunaithe ach, ina eiseamláir den cheannródaíocht i réimse na gClubanna Óige.

Níl "ag éirí leis an idirchaidreamh idir an ghlúin reatha tuismitheoirí, an córas oideachais sa Ghaeltacht agus na hinstiúidí Gaeltachta eile, glúin nua cainteoirí gníomhacha Gaeilge a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Eascraíonn an teip seo as oll-láithreach an Bhéarla sna próisis sóisialaithe trína ndéantar sóisialú ar dhaoine óga Gaeltachta an lae inniu, agus go háirithe áit an Bhéarla sa chóras oideachais a fheidhmítear sa Ghaeltacht agus sna meáin chumarsáide. Is é an toradh atá air seo nach bhfuil an córas idirghlúineach seachadta teanga ag feidhmiú mar is ceart sa Ghaeltacht. Is léir ón suirbhé ar dhaoine óga Gaeltachta gur fíor seo i gcás na glúine reatha tuismitheoirí agus gur dúshlánaí fós a bheidh sé don ghlúin tuismitheoirí atá ag teacht in inmhe anois." (SCT, 2007: 412).

An chonclúid mar sin gur gá "nósmhaireachtaí úsáide Gaeilge a leathnú níos forleithne ná comhthéacs an teaghlaigh agus caidreamh le comharsana" (SCT, 413). Teastaíonn go mbeadh an duine óg in ann a shaol poiblí tar éis am scoile a chaitheamh in imeachtaí agus i gclubanna atá eagraithe trí mheán na Gaeilge.

11.2.2. Na Dúshláin ón SCT (Lch. 413)

1. Cé go bhfuil cumas maith sa nGaeilge agus dearcadh fabhrach don Ghaeilge agus don Ghaeltacht ag formhór na ndaoine óga, níl ach an ceathrú cuid díobh ina gcainteoirí gníomhacha Gaeilge sa gcuid is láidre den Ghaeltacht, i measc a n-aoisghrúpa féin. (SCT, 338; Suirbhé 2006 i measc na hÓige).

2. Tá úsáid na Gaeilge i measc aos óg na Gaeltachta teoranta do chaidreamh sa teaghlach agus le comharsana den chuid is mó. Lasmuigh den dá chomhthéacs sin téann úsáid na Gaeilge ina measc i laghad de réir mar a théann siad in aois (ó aois na bunscoile go dtí blianta deiridh na hiar-bhunscoile).
3. Tá ag éirí leis an gcóras oideachais sa nGaeltacht cur le líofacht agus le cumas Gaeilge dhaoine óga Gaeltachta, iad siúd atá á dtógáil gan Gaeilge san áireamh. Comhthreomhar leis seo, áfach, tá gnás labhairt an Bhéarla ag treisiú ina measc. Tá feidhmiú an chórais oideachais sa nGaeltacht ag freagairt cuid mhór do na cúinsí sochtheangeolaíochta atá i réim sa nGaeltacht. Ní cúinse neodrach é an córas oideachais sa bpróiseas aistrithe teanga atá ag tarlú. Is léir nach leor polasaí teanga na scoile a bheith teoranta do theanga teagaisc na scoile amháin.

11.2.3. Na Dúshláin in LPT Chois Fharraige

1. Tá cumas líofa Gaeilge ag cuid mhaith den óige, go háirithe sa gcuid thiar, de bharr gurb í an Ghaeilge an teanga chlainne, teanga a muintire, teanga chuid mhaith de na comharsan agus teanga na scoile í¹⁵. Crainn taca iad na gnéithe atá luaite ach de bharr coitiantacht na bpóstaí teanga-mheasctha agus de bharr líon na n-inimirceach gan Ghaeilge tá an córas tacaíochta seo ag dul i laige. Sa gcuid thoir den LPT, cruthaíonn uileláithreach an Bhéarla deacrachtaí do thuismitheoirí atá ag tógáil a bpáistí le Gaeilge. Éiríonn leis na scoileanna méid áirithe Gaeilge a thabhairt do na páistí (nach bhfuil á dtógáil le Gaeilge) le cur ar a gcumas páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí a eagraítear i nGaeilge.
2. Cuireann uileláithreach an Bhéarla i saol an pháiste sula mbíonn an Ghaeilge sealbhaithe ina iomláine acu as dá líofacht i nGaeilge.
3. Tá an Teicneolaíocht Nua, trí mheán an Bhéarla de ghnáth, lárnach i gcaidreamh na ndaoine óg.
4. Tá na Cainteoirí Dúchais ina mionlach go sóisialta: Níl ach an ceathrú cuid den Óige (ceantair atá i gCatagóir A), ar a mhéid, ag labhairt na teanga lena n-aoisghrúpa féin.¹⁶
5. Tá na Cainteoirí Dúchais ina mionlach sa gceantar ar fad: Ní móramh iad na gasúir a thógtar le cuid mhór Gaeilge sa mbaile a thuilleadh, arís tá gné thoir-thiar, lag-níos láidre, i gceist¹⁷.
6. Tá Polasaí Cosanta Teanga in easnamh in imeachtaí dírithe ar an Óige: Tá na maidí á ligean le sruth, go minic, cheal polasaithe cosanta teanga ag leibhéal na ndaoine fásta a bhíonn ina gcóitseálaithe agus ina dteagascóirí¹⁸ i gClubanna. Is éard is brí le ‘Polasaí Cosanta Teanga’ ná cur chuige atá aontaithe ag Coiste an Chlub maidir le Gaeilge a choinneáil chun cinn agus a chosaint mar an t-aon teanga chumarsáide i ngnáthimeachtaí an Chlub.
7. Amanta, bíonn cur chuige dátheangach ag daoine fásta leis an óige, Gaeilge leis na cainteoirí dúchais agus Béarla leo sin nach bhfuil Gaeilge sa mbaile acu. Bíonn daoine óga an cheantair ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge ar scoil agus, dá bhrí sin, tuigeann siad Gaeilge. Ní

¹⁵ Taighde ar Thuismitheoirí 2015. Aguisín 6.

¹⁶ SCT, 334

¹⁷ Taighde na dTuismitheoirí, Aguisín 6.

¹⁸ Taighde na dTuismitheoirí, Aguisín 6.

chothaíonn cur chuige dátheangach, ná 'seanmóireacht'¹⁹ faoi Ghaeilge ardú i labhairt na Gaeilge. Is maith le daoine óga go gcaithfí mar a chéile le chuile dhuine.

8. Easpa Oiliúna ar dhaoine fásta: Bíonn imeachtaí don Óige ag tarlú agus (a) Oiliúnóirí gan Ghaeilge i gceannas agus (b) gan aon oiliúint i gcur i bhfeidhm Pholasaí Cosanta Teanga ag aon oiliúnóir. Dá bhrí sin, ní 'tearmainn teanga' iad imeachtaí don Óige go minic.²⁰
9. Tá easpa Ógchlubanna/ imeachtaí / clubanna sainspéise trí mheán na Gaeilge²¹ go háirithe sa gcuid thoir den cheantar.
10. Bíonn deacracht ann teacht ar dhaoine fásta a oibreoidh go deonach le daoine óga.
11. Tá easpa feasachta i measc an phobail, idir shean agus óg, maidir le próisis an aistrithe teanga.
12. Tá an Óige de bhunadh na háite gearrtha amach, cuid mhaith, ó Scéim na bhFoghlaimoirí de chuid REOGRTG (Coláistí Samhraidh).²²
13. Níl daoine óga lárnach sna próisis ina reáchtáiltear saol an phobail agus ina ndéantar cinntí i ngnóthaí pobail.
14. Tá easpa Féilte Pobail ann a dhíríonn ar an aos óg.
15. Dá láidre iad na healaíona Gaeltachta i measc an phobail, ní mór cosaint a thabhairt dóibh agus féachaint chuige go gcuirfear ar aghaidh iad chuig an gcéad ghlúin eile.
16. Tá easnamh sa líon agus i réimse sainspéiseanna atá á dtairscint trí mheán na Gaeilge, rud a fhágann go mbíonn go leor ag dul isteach go Gaillimh leis an mbearna a líonadh²³.
17. Is minic a fhreagraíonn daoine óga daoine fásta i mBéarla.²⁴
18. Níl oiread is aon ionad buan amháin ann do dhéagóirí, faoi mar atá i mBearna agus ar an gCeathrú Rua.
19. Níl aon Fhóram don Óige ag feidhmiú.
20. Go minic, ní thuigtear go bhfuil buntáistí forbartha pearsanta agus fostaíochta ag an duine atá líofa sa dá theanga.
21. Ní leor na hacmhainní atá ag Óige na Gaeltachta le seirbhís shásúil a chur ar fáil.

¹⁹ Taighde na dTuismitheoirí, Aguisín 6.

²⁰ 'Tearmann Teanga' is ea imeacht ina bhfuil sé soiléir gur Gaeilge amháin teanga na himeachta agus nach mbíonn brú ar dhaoine óga Béarla a labhairt.

²¹ Taighde na dTuismitheoirí Aguisín 6.

²² Fócasghrúpaí le déagóirí Chol. Lurgan, Aguisín 13.

²³ Taighde na dTuismitheoirí lch 22, Aguisín 6.

²⁴ Taighde na dTuismitheoirí lch 17, Aguisín 6. SCT, 335 - 28% nach labhraíonn Gaeilge i gcónaí le múinteoirí.

11.2.4. Eagraíochtaí a bhaineann le Réimse na hÓige

Figiúr 10. Eagraíochtaí atá ag plé leis an Óige sa gCeantar nó go náisiúnta – 2015 - 2016.

Ainm	Feidhm
Óige na Gaeltachta	Seirbhísí a fhorbairt, agus a chur chun cinn, trí mheán na Gaeilge, do dhaoine atá ag cur seirbhísí don óige ar fáil sa nGaeltacht.
Club Óige Lurgan	Spás sábháilte a chothú do dhéagóirí na háite, ag díriú ar an bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus phearsanta.
Clubanna CLG x 4	Cluichí Gaelacha a chur chun cinn.
Clubanna Spóirt eile	Spóirt éagsúla a chur chun cinn.
Clubanna Siamsaíochta	Ceol, damhsa, srl.
An Gaelacadamh	Ranganna Ceoil, Damhsa agus Amhránaíochta sa nGaeltacht
Ógras, Cumann na bhFiann, Spleodar, Foróige (Eagras Béarla).	Seirbhísí Náisiúnta Óige (3 cinn lán-Ghaeilge). Scileanna cinnireachta á gcur chun cinn acu. Níl aon cheann gníomhach i gCois Fharraige.

11.2.5. An Óige – Bearta (RPT: 'C')

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Fochoiste don Óige a bhunú.	Fochoiste ionadaíoch Óige a bhunú don LPT. Clár oibre cuimsitheach seacht mbliana a ullmhú, le fophlean bliana do 17-18. Oifigeach Óige (OÓg) le scileanna cuí a earcú.	CPTCF i gcomhar le clubanna óige an LPT agus le hÓige na Gaeltachta	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
2.	Tacú leis na hlmeachtaí lán-Ghaeilge don Óige atá ann cheana agus cur leo de réir a chéile.	Anailís ar an staid reatha agus tuarascáil ghairid a chur le chéile. An clár oibre a leasú agus a fhorbairt dá réir. Comórtais éagsúla a reáchtáil.	OÓg i gcomhar le clubanna óige an LPT agus le Óige na Gaeltachta.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
3.	Acmhainní a aimsiú le hógimeachtaí a bhunú agus a láidriú, go háirithe don aoisghrúpa ó 11 go 16 bl.	Anailís a dhéanamh ar na hacmhainní agus ar an gcóiríocht a d'fhéadfadh bheith ar fáil. Ansin foinsí maoinithe a aithint agus iarratais a dhéanamh dá réir. Feachtas feasachta i measc daoine óga agus a dtuistí a eagrú. Treallamh agus fearas a cheannach.	OÓg i gcomhar le clubanna óige an LPT agus le hÓige na Gaeltachta	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

11.2.5. An Óige – Bearta (RPT: 'C')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
4.	Oiliúint a chur ar dhaoine fásta le bheith ag obair leis an Óige le cur chuige aonteangach Gaeilge a úsáid.	Ceardlanna oiliúna feasachta teanga agus dea-chleachtais in obair óige tré Ghaeilge a eagrú.	OÓg i gcomhar le hÓige na Gaeltachta, Cumann na bhFiann agus Ógras.	Tús 2018 agus ceardlann bhliantúil as sin amach.
5.	Tacú le daoine óga áitiúla nach bhfuil líofacht Gaeilge acu fós.	Liosta de na deiseanna foghlama iar-am-scoile atá ann a réiteach agus a scaipeadh mar chuid de fheachtas feasachta. Stocaireacht a dhéanamh le go mbunódh REOGRG scéim faoina bhféadfadh na daoine óga seo páirt a ghlacadh sna Coláistí Gaeilge.	OÓg i gcomhar le bainistíocht na gColáistí Gaeilge.	Fómhar 2017 go Earrach 2018. Le forbairt ina dhiaidh sin go bliantúil.
6.	Tacú leis an scéim a eagraíonn Club Óige Lurgan le Coláiste Lurgan agus é a leathnú amach.	Na féidearthachtaí a bhaineann leis an scéim a leathnú chuig Coláistí Samhraidh eile a fhiosrú. Cruinnithe a eagrú le bainistíocht na gColáistí Samhraidh (x 5). Múnla a fhorbairt agus a aontú le freastal ar an LPT ar fad.	OÓg i gcomhar le bainistíocht na gColáistí Gaeilge.	Ullmhú Fómhar 2017 go Earrach 2018. Le forbairt ina dhiaidh sin go bliantúil.
7.	Scileanna cinnireachta a fhorbairt i measc na hóige.	Anailís a dhéanamh ar an staid reatha ar dtús. Mar chuid den chlár oibre déanfar ábhar-chinnirí a aithint, cúrsaí oiliúna a eagrú agus deiseanna a thabhairt dóibh na scileanna a chur i bhfeidhm.	OÓg i gcomhar Óige na Gaeltachta agus le hóg-eagraíochtaí náisiúnta.	2 chúrsa i 2017-18 agus go bliantúil as sin amach.
8.	Staidéar a dhéanamh ar na hóg-eagraíochtaí náisiúnta Gaeilge agus Béarla féachaint le foghlaim uathu le go mbeidh na dea-chleachtais is fearr i bhfeidhm i gCois Fharraige.	Sraith cruinnithe le hÓgras, Cumann na bhFiann, Spleodar, Feachtas (Eagraíochtaí Gaeilge) agus le Foróige (Eagraíocht Óige Béarla). Ceist le n-ardú leis na heagraíochtaí Gaeilge seo maidir le comhoibriú ginearálta agus acmhainní a roinnt.	OÓg in éineacht OFT/OO agus na heagrais luaite.	Earrach 2018 agus go tráthrialta sna blianta ina dhiaidh sin.

11.2.5. An Óige – Bearta (RPT: 'C')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
9.	Mic léinn iarbhunscoile 16 bl+ agus Ollscoile a chumasú le feidhmiú mar chinnirí in ógclubanna.	Staidéar le déanamh ar na dea-chleachtais agus múnlaí atá i bhfeidhm ag óg-eagrais náisiúnta a iniúchadh agus clár oiliúna a fhorbairt. Cur chuige áitiúil le dréachtadh dá réir. Córas íocaíochtaí mar atá ag ógeagrais náisiúnta a bhunú.	OÓg i gcomhar le Cumann na bhFiann, Ógras, Spleodar agus Foróige.	Ullmhú Fomhar 2017 agus Feachtas a thosú i 2018 agus ar aghaidh go bliantúil.
10.	Cabhrú le cíos na n-ionad óige a íoc agus dhá Ionad bhuana don Óige a bhunú. (Féach mír a 11.11.6 chomh maith).	Spásanna cuí a aithint. Acmhainní a aimsiú. Coistí tacaíochta a bhunú. Plean gnímh a thionscambh.	OÓg i gcomhar leis na clubanna óige, ÚnaG agus Óige na Gaeltachta.	Ionaid bhuana a bheith ann i 2019 sa gcuid thiar den LPT, 2021 sa gcuid thoir.
11.	Nósmhaireacht úsáid na Gaeilge sna Teicneolaíochtaí Nua agus sna Meáin Shóisialta a chothú.	Misneach a thabhairt don óige trí chomórtais rialta a eagrú agus urraíocht a aimsiú. Ceardlanna ar úsáid na meán shóisialta i nGaeilge a eagrú. Scileanna códála (m.sh. Coderdojo agus Techspace) a fhorbairt trí cheardlanna / ranganna a eagrú.	OÓg i gcomhar le CST agus leis na scoileanna & an OO.	Ceadlanna agus Comórtais ag tosú in Earrach 2018 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

An Óige - Spriocanna

1. Anailís a dhéanamh ar an Staid Reatha agus staidéar a dhéanamh ar dhea-chleachtais in earnáil na hÓige.
2. Stocaireacht a dhéanamh trí chruinnithe agus plé le hóg-eagrais, Coláistí Gaeilge, REOGR TG, srl.
3. Ógclubanna a bhunú i ngach toghroinn don aoisghrúpa 12-16 bl. agus cinn eile don aoisghrúpa 7-11 bl.
4. Tacú le Clubanna Ginearálta agus Sainspéise, Comórtais, Ceardlanna agus Ranganna, Coistí Tacaíochta.
5. Bearnaí sa soláthar a aithint, acmhainní, maoiniú agus a aimsiú.
6. Oiliúint: Cinnirí ó 16 bl. ar aghaidh.
7. Comhoibriú: Tuismitheoirí na Gaeltachta.

An Óige - Monatóireacht

Clár oibre le leagan amach a bhaineann leis an réimse oibre seo agus an clár oibre a aontú le CPTCF. Moltar go mbeadh cruinnithe rialta (míosúil) idir an Oifigeach Óige(OÓ) agus CPTCF le dul chun cinn a mheas, tacaíocht a thabhairt agus fadhbanna a réiteach go pras. Cuirfidh an tOÓ tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre seo faoi bhráid CPTCF.

Beart 1: Déanfar an Anailís ar an staid reatha roimh dheireadh 2017.

Beart 2: Cuirfear tús leis an stocaireacht agus tuairisceofar ina taobh chuile thrí mhí.

Beart 3: Tosófar ar an réamhphleanáil do bhunú Ógclubanna comhthreomhar leis an Anailís (Beart 1) agus le linn 2018 bunófar dhá chlub breise agus clubanna eile le linn na mblianta eile, ag súil le freastal (a) ar an gceantar ar fad agus (b) an dá aoisghrúpa thuasluaite.

Beart 4: Cuirfear tús leis an tacaíocht agus tuairisceofar ina taobh chuile thrí mhí.

Beart 5: Nuair a chuirtear críoch leis an Anailís ar an staid reatha liostáilfear na bearnaí sa soláthar.

Beart 6: Cuirfear Clár agus Plean Cinnireachta le chéile tar éis na hAnailíse agus na gcruinnithe leis na hÓgeagrais. Ba chóir seo a bheith réidh i samhradh 2018.

Beart 7: Déanfar teagmháil le 'Tuismitheoirí na Gaeltachta' i samhradh 2017 agus go tráthrialta ina dhiaidh.

11.3. Cúram Leanaí

Taighde: Cruinnithe le bainistíocht na dtrí ionad cúram leanaí le linn 2015-16. Eolas faoi chúram leanaí i dTaighde na dTuismitheoirí, Aguisín 6.

CPT: 7

RPT: B (Seirbhísí cúraim leanaí, réamhscolaíochta agus tacaíochta teaghlaigh, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta teanga).

11.3.1. Ginearálta

Tá trí Ionad Cúram Leanaí ag feidhmiú sa gceantar: An **Crann Taca** (Ionad Tacaíochta Teaghlaigh), An Cnoc; **Bogha Ceatha**, An Spidéal; **An Chéad Eitilt / First Flight**, Na Forbacha.

Faoi ghrúpaí pobail atá **An Crann Taca** agus **Bogha Ceatha** á mbainistiú agus is comhlacht príobháideach é **An Chéad Eitilt**. Bhuail comhairleoirí de chuid Sheirbhísí Pleanála Teanga le bainisteoirí na nIonad Cúram Leanaí mar chuid den togra taighde.

1. Léirigh céatadán de na páistí a thagann chuig na hIonaid agus an Ghaeilge sealbhaithe acu sa teaghlach, an stádas teangeolaíoch sa gceantar ina bhfuil siad féin lonnaithe, i.e. A, B, nó C.
2. Tá cóiríocht mhaith ag an trí Ionad.
3. Tá réamhscolaíocht idir Montessori agus eile, chomh maith le cúram leanaí ar fáil sna naíolanna freisin.
4. Trí Bhéarla a fheidhmíonn an tIonad sna Forbacha agus trí Ghaeilge a fheidhmíonn an dá Ionad níos faide siar.
5. Cuirtear cúrsaí oiliúna, idir Ghaeilge agus Bhéarla ar na baill foirne, ach níl rialtacht ag baint leis an soláthar trí Ghaeilge.
6. Cuireann Muintearas cúrsaí QQi leibhéal 5 agus a 6 i gCúram Leanaí ar bun go rialta.
7. Tá dian-rialúcháin i gceist leis na Naíolanna, rialúcháin atá níos déine ná mar atá i gceist le bunscoileanna.
8. Níl postanna buana ag an gcuid is mó de na fostaithe agus go minic bíonn siad ag brath ar 'champaí samhraidh' chun fostaíocht a choinneáil i rith an tsamhraidh.
9. Tá Gaeilge ag sciar suntasach den fhoireann atá ag obair i naíolann na bhForbacha.
10. Is minic a bhíonn drogall ar fhoireann bhainistíocht na nIonad idirdhealú a dhéanamh idir na trí chineál páistí (ar bhonn teangeolaíochta) a chuirtear chucu:
 - a. Páistí a bhfuil an Ghaeilge amháin á labhairt leo sa mbaile.
 - b. Na páistí atá á dtógáil i dteaghlaigh teanga-mheasctha (i.e. tuismitheoir amháin ag labhairt Gaeilge leis na gasúir agus an tuismitheoir eile ag labhairt Béarla nó teanga eile, nó tuismitheoir/í nach bhfuil an Ghaeilge go líofa acu).
 - c. Na páistí atá á dtógáil gan aon Ghaeilge, nó le fíorbheagán Gaeilge.

11.3.2. Na Dúshláin

1. Bíonn cúlra teanga-mheasctha ag gasúir.
2. Is 'Gaeilge shaibhir amháin' an cur chuige is fearr do ghasúir a bhfuil Gaeilge amháin sa mbaile acu agus faoi láthair, go minic, measctar na gasúir sin le gasúir eile agus ní bhíonn tréimhsí acu leo féin i ngrúpaí beaga.

3. Tá na Ranna Stáit san earnáil seo dall ar chearta teanga agus ar riachtanais teanga phobal na Gaeilge.
4. Níl an oiread Gaeilge i Naíolann na bhForbacha agus atá sna cinn níos faide siar cé go bhfuil cumas na Gaeilge ag sciar den bhfoireann ann.
5. Tá easnamh sna Cúrsaí Oiliúna i gCúram Leanaí trí Ghaeilge ó leibhéal 5 go dtí 8 (QQI).
6. Teastaíonn cúrsaí oiliúna i gCosaint Teanga.
7. Tá easnamh sa leanúnachas agus sna coinníollacha fostaíochta ag fostaithe san earnáil seo le hais mar atá ag Cúntóirí Riachtanais Speisialta (CRS).
8. Níl aon chóras ann maidir le cúntóirí teanga.
9. Tá tuairim ag roinnt tuismitheoirí, a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu, nach gá Gaeilge a labhairt lena gcuid gasúir mar go dtabharfaidh siad leo í ón Naíonra/Naíolann/Scoil.
10. Bíonn na páistí le Gaeilge go han-mhinic i gcomhlúadar páistí aonteangacha Béarla.
11. Tá easpa feasachta agus iarrachta i measc roinnt tuismitheoirí maidir le Gaeilge a labhairt i dtimpeallacht na nIonad Cúram Leanaí.
12. Ní leor an líon cúrsaí oiliúna QQI i gCúram Leanaí a chuirtear ar fáil.
13. Ní chuirtear maoiniú ar fáil do ranganna Gaeilge atá dírithe ar thuismitheoirí amháin.

11.3.3. Cúram Leanaí – Bearta (RPT ‘B’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Cúrsaí Oiliúna i gCúram Leanaí QQI (5 &6) trí Ghaeilge a bheith ar fáil ar bhonn rialta agus QQI (7) trí Ghaeilge a bheith ar fáil de réir éilimh.	Cruinnithe a eagrú leis na páirtithe leasmhara chun éileamh a bheachtú agus tráthchlár a aontú leis na soláthróirí. Poiblíocht a thabhairt do na cúrsaí.	OFT/OO i gcomhar leis na páirtithe leasmhara: foirne bainistíochta na nIonad, Muintearas, CNNG, GRETB agus Gaeloideachas.	Cruinnithe i 2017 agus ag tosú i 2017-18 QQI 5/6 go bliantúil. QQI 7 ó am go chéile.
2.	Traenáil Feasachta & Scileanna maidir le dúshlán in iompar teanga a bhaineann le cúram leanaí i gceantar teanga-mheasctha a chur fáil d’fhoirne agus do Bhoird bhainistíochta na nIonad.	Feachtas Feasachta a eagrú trí bhileoga eolais a scaipeadh agus ansin ceardlanna oiliúna le n-eagrú i modhanna saibhrithe teanga do chúramóirí.	OFT/OO i gcomhar le foirne bainistíochta na nIonad, CNNG, ITT, an Gaelacadamh, agus Gaeloideachas	Feachtas i Samhradh 2017 agus le linn 2017-18 do na ceardlanna.
3.	‘Rangú’ a dhéanamh le go mbeadh gasúir atá á dtógáil le Gaeilge le chéile mar ghrúpa le deis a bheith acu an Ghaeilge a shealbhú gan brú ón mBéarla agus iad an-óg. Feachtas ardaithe feasachta ar thairbhe an chur chuige seo a eagrú.	Cruinnithe le bainistíocht na nIonad Cúram Leanaí chun córas na ngrúpaí rangaithe a chruthú sna hIonaid. Cúramóirí an-líofa i nGaeilge agus oilte i modhanna saibhrithe teanga a bheith i mbun na ngrúpaí. Feachtas feasachta ina leith a eagrú.	OFT/OO i gcomhar le foirne bainistíochta na nIonad Cúram Leanaí, CNNG, Muintearas, Gaeloideachas.	Cruinnithe leis na hIonaid i 2017 agus go rialta ina dhiaidh sin. Feachtas Feasachta Earrach 2018.

11.3.3. Cúram Leanaí – Bearta (RPT ‘B’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
4.	Ranganna Gaeilge a chur ar fáil do thuismitheoirí dírithe ar fhoclóir agus riachtanais na tuismitheoireachta. Catalóg de leabhair, físeáin, dlúthdhioscaí, cluichí, srl i nGaeilge do pháistí a chur i dtoll a chéile & a scaipeadh.	Pacáiste tacaíochta a ullmhú agus a scaipeadh. Ansin na Ranganna a eagrú sna 3 hlonaid éagsúla. Catalóg a chur le chéile. agus ansin a scaipeadh. Aonach bliantúil ábhar a réachtáil.	OFT i gcomhar le foirne bainistíochta na nIonad Cúram Leanaí, CNNG, Muintearas, Gaeloideachas, foilsitheoirí Gaeilge	Ullmhú i Samhradh 2017, pacáiste eolais sa bhFómhar agus ranganna ag tús 2018.
5.	Féidearthachtaí a phlé le Naíolann na bhForbacha maidir le húsáid na Gaeilge a threisiú ann agus tacaíocht leanúnach a thairiscint dóibh.	Cruinnithe agus comhráit le foireann bainistíochta na naíolainne ar bhonn leanúnach.	OFT agus Bainistíocht na Naíolainne.	Samhradh 2017 ar aghaidh go leanúnach.
6.	Scéim ‘Sealbhú agus Saibhriú Teanga’ a bheith in úsáid sna naíolanna.	Cruinnithe a ghairm le bainistíocht na naíolanna, REOGRTG, saineolaithe sealbhaithe teanga agus eile leis na féidearthachtaí a phlé i dtaobh an scéim a chur le chéile, oiliúint a chur ar fáil agus an scéim a thabhairt isteach de réir a chéile.	Bainistíocht na Naíolanna i gcomhar leis an OFT/OO agus le saineolaithe sealbhaithe teanga an aosa an-óg.	Fómhar 2017 ar aghaidh go leanúnach.
7.	Polasaí Gaeilge agus Gaeltachta a éileamh ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.	Stocaireacht a dhéanamh in éineacht le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.	OFT/OO i gcomhar le Coistí Pleanála Teanga sna LPTanna eile, CNNG, Gaeloideachas, Conradh na Gaeilge, Oifig an Choimisinéara Teanga.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
8.	Cúntóirí Teanga a bheith ar fáil i Naíolanna & Naíonraí	Stocaireacht a dhéanamh le go dtarlóidh an tAthbhreithniú atá luaite san POG (37).	OFT i gcomhar le ceanneagraíochtaí sna LPTanna eile, CNNG, Gaeloideachas agus Muintearas.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.

Cúram Leanaí - Spriocanna

1. Stocaireacht le déanamh le ranna stáit, eagrais agus LPTanna eile chun freastal ar na héilimh.
2. Cúrsaí oiliúna i gCúram Leanaí trí Ghaeilge a bheith ar fáil go héasca agus go rialta. Cáilíocht i gCúram Leanaí trí Ghaeilge a bheith éigeantach do fhostaithe san earnáil.
3. Ranganna comhthreomhara²⁵ agus eile a eagrú do thuismitheoirí.
4. Cuir chuige éagsúla a fhorbairt i leith na dtrí naíolann.
5. Soláthar maoinithe a bheith ar fáil don Ghaelacadamh le clár cúrsaí Gaeilge a sheachadadh.

Cúram Leanaí - Monatóireacht

Clár oibre le leagan amach a bhaineann leis an réimse oibre seo agus an clár oibre a aontú le CPTCF. Moltar go mbeadh cruinnithe rialta (míosúil) idir an OFT agus CPTCF le dul chun cinn a mheas, tacaíocht a thabhairt agus fadhbanna a réiteach go tapa. Cuirfidh an tOFT tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre faoi bhráid CPTCF.

Bearta 1 & 2: Tosóidh an stocaireacht láithreach, agus, i bpáirt le heagrais is LPTanna eile, déanfar na héilimh i dtaobh oiliúna agus tuairisceofar ar an dul chun cinn chuile thrí mhí.

Beart 3: Fómhar 2017 cuirfear tús beag le 'ranganna' agus le feachtas feasachta. Méadófar air seo i 2018 agus as sin ar aghaidh.

Beart 4: Tosófar ar chomhráití le fóirne bainistíochta na dtrí naíolann láithreach i Samhradh 2017 agus cuirfear tuairisc ar na féidearthachtaí i láthair CPTCF mar thosaíocht i Samhain 2017.

²⁵ Ranganna comhthreomhara: Ranganna a tharlaíonn ag an am gcéanna le cúram leanaí.

11.4. Réimse an Oideachais (Réamhscoileanna, Bunscoileanna, Scoileanna Dara Leibhéal)

Taighde: Tagann na bearta seo as tuairimí a nochtadh ag dhá cheardlann múinteoirí (ceann don dara leibhéal agus ceann bunscoile) a tionóladh le linn an tsamhraidh, 2016 agus ceardlann (17 Deireadh Fómhair, 2016) a eagraíodh le baill an Fhóraitim um Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Bailíodh cuid mhór tuairimí scríofa ó shuirbhé na dteaghlach, 2015 chomh maith, faoi mar atá in Aguisín 6.

San áireamh anseo chomh maith tá tuairimí a nochtadh ag cruinniú poiblí faoin dréachtphlean a reáchtáladh ar an 28 Samhain, 2016.

Reáchtáladh tionscadal gairid le scoláirí na hIdirbhliana 2015-16 ón dá iarbhunscoil ar theicneolaíocht agus féiniúlacht (Aguisín 11).

CPT: 5, 6, 9, 19

RPT: A: Córas Oideachais (lena n-áirítear seirbhísí luathoideachais)

11.4.1. Cúlra agus an Polasaí don Oideachas Gaeltachta (POG), 2016

5 bhunscoil, 2 scoil dara leibhéal agus 6 Naíonra atá in LPT Chois Fharraige.

Is í an Roinn Oideachais a phléann leis na bunscoileanna idir churaclam, mhaoiniú agus fhostú na múinteoirí agus na CRSanna de. Muintearas a riarann scéim na gcúntóirí teanga. Is iad deoisí Caitliceacha na Gaillimhe agus Thuama na pátrúin atá ar na bunscoileanna.

Ag an dara leibhéal, meánscoil neamhspleách í Coláiste Chroí Mhuire, An Spidéal faoi chúram CEIST²⁶ le beagán faoi bhun 200 scoláire. Scoil de chuid BOOG&RC (Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin) í Coláiste Cholmille, Indreabhán le beagán faoi bhun 200 scoláire chomh maith. As Cois Fharraige formhór na scoláirí sa dá scoil iarbhuideoachais seo. Bíonn roinnt scoláirí ag freastal ar Choláiste na Coiribe, Gaelcholáiste a bhog anoir go Cnoc na Cathrach i nGaillimh i 2015. Bíonn roinnt eile ar scoileanna éagsúla dara leibhéal trí mheán an Bhéarla i gcathair na Gaillimhe.

Baineann trí cinn de na Naíonraí (Ros a' Mhíl, Na Mine & Na Forbacha) le Comhar Naíonraí na Gaeltachta (CNNG) agus is ball comhlach é Naíonra an Chrainn Taca de CNNG. 'Bogha Ceatha' an Spidéil an 5ú ceann agus 'An Chéad Eilt (*First Flight*)' na bhForbacha an 6ú ceann. Bíonn na háisíneachtaí seo a leanas ag plé le Naíonraí chomh maith - Coiste Cúraim Leanaí Chathair agus Chontae na Gaillimhe (cáilíochtaí agus aitheantas), Pobal, TUSLA (sábháilteacht) agus an Roinn Oideachais (cúrsaí curaclaim).

Ar an 28 Deireadh Fómhair, 2016 foilsíodh an **Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022 (POG)**. Beidh an polasaí seo ag tacú leis na bearta do réimse an oideachais a bheidh á gcur ar aghaidh as seo go ceann seacht mbliana faoin bplean seo. Is é an príomhphointe atá i bPOG ná go n-iarrfar ar scoileanna 'aitheantas a lorg mar scoil Ghaeltachta' (POG, 8) agus leagtar amach 'critéir teangabhunaithe' (10) a bheas le sásamh ag na scoileanna.

Bunghné amháin a bhaineann leis an bPOG ná an bhéim atá ann go nglacfaidh scoileanna agus naíonraí páirt sa bpróiseas pleanála teanga.

²⁶ CEIST: Oideachas Caitliceach, Iontaobhas Scoileanna Éireann. *Catholic Education, an Irish Schools Trust (CEIST)*.

11.4.2. Na Dúshláin sna Scoileanna ag an Dá Leibhéal

Polasaí don Oideachas Gaeltachta (POG)

1. Nil treoracha soiléire caighdeánacha forbartha go fóill.
2. Níl oiliúint ná forbairt ghairmiúil ar an gcuid is mó de na foirne maidir le mionsonraí an tumoideachais.
3. Tá na siollabais Ghaeilge ag chuile leibhéal lochtach.
4. Aitheantas cuí do scoláirí a leanfaidh an cúrsa nua Ardteiste Gaeilge a chinntiú.
5. Tacaíocht an phobail a chinntiú le go mbeidh rath ar an bPOG.
6. Tá éagsúlacht i gcumas is i gcúlra teanga na ngasúr.
7. Níl Scéim na gCúntóirí Teanga sásúil ó thaobh líon na gcúntóirí, oiliúint na gcúntóirí, coinníollacha oibre na gcúntóirí agus na huaireanta atá ar fáil do na scoileanna.
8. Polasaithe agus nósmaireachtaí éagsúla a bheith i bhfeidhm i scoileanna.
9. Tá córas na bpainéal ath-implonaithe do mhúinteoirí míshásúil do na scoileanna.
10. Bíonn ualach oibre breise ar bhaill foirne agus ar bhoird bhainistíochta scoileanna Gaeltachta.
11. Tá easpa tuisceana agus eolais ar an bpobal faoin tumoideachas.
12. Is minic a bhíonn easpa leanúnachais idir nósmaireacht Ghaeilge na scoile agus a mbíonn ag tarlú iar-am-scoile.
13. Is dúshlán don dá iarbhunscoil clár leathan ábhar agus imeachtaí a chur ar fáil.
14. Tá easpa tuisceana ar shuíomh na Gaeltachta ó thaobh na dtástálacha caighdeánaithe, na dtástálacha síceolaithe agus na dtástálacha cumais.

11.4.3. Scoileanna – Bearta (RPT 'A')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	OO a cheapadh san LPT.	Próiseas earcaíochta agus ceapacháin a chur sa tsiúl.	CPTCF i gcomhar le ÚnaG.	Meitheamh 2017.
2.	Gach scoil san LPT a spreagadh le h-iarratas a dhéanamh ar stádas mar scoil Ghaeltachta.	Cruinnithe le bainistíocht na scoileanna éagsúla san LPT.	OO i gcomhar le bainistíocht na scoileanna san LPT	2017 agus 2018.
3.	Comhoibriú a threisiú idir na scoileanna.	Fóraim (bun agus iarbhunscoil) agus Seimineáir idir-scoileanna a bhunú.	OO i gcomhar le bainistíocht na scoileanna san LPT agus Gaeloideachas.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Eolas a scaipeadh faoi bhuntáistí an dátheangachais líofa agus dul i ngleic le hamhras roinnt tuismitheoirí i leith an tumoideachais.	Feachtas eolais agus feasachta a eagrú. Bileog eolais dátheangach a réiteach.	OO i gcomhar le bainistíocht na scoileanna san LPT agus Gaeloideachas	Fómhar 2017 agus go bliantúil.

11.4.3. Scoileanna – Bearta (RPT ‘A’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
5.	Breis ama agus breis oiliúna a chur ar fáil do Chúntóirí Teanga agus cur lena líon. Conair cheart ghairme a fhorbairt do chúntóirí teanga.	Stocaireacht le go dtarlóidh an tAthbhreithniú atá luaite san POG. Tuilleadh stocaireachta ansin le go mbeidh feabhas leanúnach á chur ar an scéim.	OO, i gcomhar le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile, Aonad na Gaeltachta (AG) sa Roinn Oideachais is Scileanna, REOGRTG, Gaeloideachas agus Muintearas.	Geimhreadh 2017 agus go leanúnach.
6.	A chinntiú nach mbeadh bac ar aon scoil na baill foirne is feiliúnaí dóibh féin a roghnú.	Stocaireacht a dhéanamh ar phátrúin agus ar an Roinn Oideachais agus Scileanna le go leanfar na treoracha POG (24).	OO, i gcomhar le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile, Aonad na Gaeltachta (ROS), REOGRTG agus Gaeloideachas.	2017 agus go leanúnach.
7.	Clár ar Oidhreacht agus ar Fhéiniúlacht Ghaeltachta a bheith mar chuid de churaclam na scoileanna ó Rang na Naíonán go hArdteist.	Clár a aontú agus a fhorbairt. FGL a bheith ann do mhúinteoirí.	OO i gcomhar le CNCM ²⁷ , Aonad Gaeltachta na Roinne Oid., COGG agus Gaeloideachas.	Geimhreadh 2017. An clár a bheith i bhfeidhm faoi 2020.
8.	Comhordaitheoir a cheapadh i ngach scoil le bheith freagrach as pleanáil teanga agus teagmháil leis an bpróiseas áitiúil. Comórtais idir-scoileanna agus Seachtain Ealaíon a bheith ann.	Iarraidh ar gach scoil comhordaitheoir pleanála teanga a cheapadh. Córas oibre a aontú idir na comhordaitheoirí agus an tOO.	OO i gcomhar le bainistíocht na scoileanna.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
9.	Tuismitheoirí agus déagóirí an cheantair a spreagadh le rogha a dhéanamh leanacht lena gcuid oideachais iarbhunscoile sa nGaeltacht.	Taighde a dhéanamh ar an ábhar agus gníomhú ar na conclúidí trí fheachtas feasachta a eagrú.	OO i gcomhar le scoileanna ag an dá leibhéal.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
10.	Tacú le feachtas a d’éileodh ábhar nua/breise Ardteiste Gaeilge in oiriúint do chainteoirí cumasacha Gaeilge. Aitheantas i bhfoirm pointí breise, cuma cén cúrsa 3ú leibhéal a roghnódh an dalta, a bheith ag an gcúrsa seo.	Stocaireacht le déanamh ar an CNCM, ar na hinstiúidí tríú leibhéal, ar an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ar pháirtithe leasmhara eile.	OO i gcomhar le LPTanna eile, Gaeloideachas, na heagrais náisiúnta agus áitiúla Ghaeilge.	Earrach 2018 agus go leanúnach.

²⁷ An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

11.4.3. Scoileanna – Bearta (RPT ‘A’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
11.	Leas a bhaint as Cartlann Phobail ina mbeadh stór fairsing de logainmneacha agus de shaothair scríofa, físe agus fuaime an cheantair.	Struchtúr a chruthú le cartlann a bhunú agus a bhainistiú.	OO i gcomhar le hÚnaG, RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, An Gaelacadamh, CST, CFanSp.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
12.	Forbairt a dhéanamh ar an oideachas aosach trí Ghaeilge, anuas ar a bhfuil molta sa bplean seo i dtaobh na bhfoghlaimoírí Gaeilge fásta.	Anailís a dhéanamh ar an staid reatha, bearnaí a aithint. Plé leis na páirtithe leasmhara lena bhfuil ar fáil sa réimse a leathnú agus a fhorbairt.	OO i gcomhar le ÚnaG, Muintearas, Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (GRTEB) agus le hInstitiúidí Tríú Leibhéal.	Earrach 18 agus go leanúnach.

11.4.4. Na Dúshláin sna Naíonraí

1. Tá easpa áite, aitheantais agus tacaíochta ag an nGaeilge agus ag an nGaeltacht sa gcóras náisiúnta réamhscolaíochta.
2. Tá easpa córais chuimsithe oiliúna trí mheán na Gaeilge ann atá caighdeánaithe agus dírithe ar obair i Naíonraí Gaeltachta.
3. Tá droch-choinníollacha oibre ag na fostaithe.
4. Braitheann na fostaithe easpa measa áirithe ó thuismitheoirí amanta.²⁸
5. Bíonn teaghlaigh na ngasúr teanga-mheasctha.
6. Tá easpa oiliúna ar na fostaithe maidir le tumoideachas.
7. Tá easpa aontais ar chur chuige an 'Seomra Naíonra ar leith do chainteoirí dúchais'.
8. Tá easpa tuisceana ar an ngéarghá go n-oibreoidh cainteoirí dúchais leo féin le go sealbhódh siad an Ghaeilge go hiomlán agus go cruinn.
9. An Dara Bliain saor in aisce agus na himpleachtaí a ghabhann leis, ní hamháin i dtaobh na Gaeilge, ach ó thaobh chúrsaí spáis, curaclaim, agus fostaíochta de.
10. Easpa Cúntóirí Teanga agus CRSanna do Naíonraí.
11. Tuismitheoirí le Gaeilge nach labhraíonn í le páistí agus nach bhfeiceann buntáistí na Gaeilge mar theanga teaghlaigh.
12. Tuismitheoirí ar fhórbheagán Gaeilge.
13. Gan aon choinníoll teanga a bheith ag baint le deontais réamhscolaíochta a chuirtear ar fáil ón Stát.

²⁸ Ceardlann de chuid FCFPT ina raibh fostaithe de chuid Naíonra/Naíolainne sa gceantar páirteach, Deireadh Fómhair, 2016.

11.4.5. Naíonraí - Bearta (RPT 'B')

Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú	
1.	Gach naíonra san LPT a spreagadh le haitheantas a fháil mar naíonra "mar atá leagtha síos ag REOGRGTG agus ÚnaG" (POG, 42).	Cruinnithe le bainistíocht na naíonraí éagsúla san LPT.	OO i gcomhar le bainistíocht na naíonraí, CNNG.	2017-18 agus go leanúnach.
2.	Tumoideachas, mar a bheidh i bhfeidhm i ranganna na naíonán sa mbunscoil, a bheidh i bhfeidhm sna naíonraí. Cúrsa cuimsitheach oiliúna caighdeánaithe, trí Ghaeilge, faoi shealbhú teanga i suíomh tumoideachais, a bheidh éigeantach do na fostaithe.	Stocaireacht agus comhoibriú leis an AG (ROS) chun seo a bhaint amach.	OO i gcomhar le CNNG, boird na naíonraí, AG (ROS) agus LPTanna eile.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
3.	Cainteoirí óga dúchais a chur i ngrúpaí leo féin. I naíonraí móra seomra dá gcuid féin a bheidh acu.	Tacú le naíonra an ITT chun seomraí éagsúla a eagrú de réir cúlra teanga agus an gnás seo a leathnú chuig naíonraí eile. I naíonraí beaga, obair ghrúpa a dhéanamh le cainteoirí óga dúchasacha.	OO i gcomhar le CNNG agus naíonraí.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Dul i ngleic le hamhras roinnt tuismitheoirí i leith an tumoideachais.	Eolas a scaipeadh faoi bhuntáistí an dátheangachais líofa agus Feachtas eolais agus feasachta a eagrú. Bileog Eolais dátheangach a réiteach.	OO i gcomhar le bainistíocht na naíonraí san LPT, CNNG agus Gaeloideachas	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
5.	Scéim na gCúntóirí Teanga a bheidh i bhfeidhm sna naíonraí.	Stocaireacht a dhéanamh le go dtabharfaidh an tAthbheithniú atá luaite san POG (37) aghaidh ar an gceist seo.	OO, i gcomhar le Gaeloideachas, CNNG, boird na naíonraí agus LPTanna eile, le plé le REOGRGTG, ÚnaG agus Aonad na Gaeltachta (Roinn Oid.) agus Muintearas.	Geimhreadh 2017 agus go leanúnach.
6.	Coinníollacha Gaeilge a bheidh le gach deontas réamhscolaíochta san LPT.	Stocaireacht ar na húdarais chúí (Roinn Leanaí & Ghnóthaí Óige). Oibriú i gcomhar leis na LPTanna eile maidir leis an gceist seo.	OO i gcomhar le CNNG, boird na naíonraí agus ceanneagraíochtaí LPTanna eile.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
7.	Conair ghairme chinnte a bheidh i bhfeidhm d'fhostaithe san eanáil.	Stocaireacht ar na páirtithe leasmhara éagsúla.	OO i gcomhar le CNNG, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, boird na naíonraí agus ceanneagraíochtaí na LPTanna eile.	Earrach 2017 ar aghaidh.

Naíonraí - Spriocanna

1. Feachtas feasachta i leith an tumoideachais a chur sa tsiúl.
2. Go mbainfeadh gach uile scoil agus naíonra stádas scoil Ghaeltachta amach faoi mar atá sainnithe sa POG.
3. Go gcuirfí an POG i bhfeidhm.
4. Comhghuaillíocht a chothú agus stocaireacht a dhéanamh maidir le maoiniú agus feidhmiú an POG.
5. Comhoibriú láidir a bheith idir naíonraí, scoileanna agus CPTCF á éascú ag an OO.
6. Coinníollacha oibre agus cáilíochtaí oiliúna a fheabhsú in earnáil na réamhscolaíochta.
7. Staid reatha oideachais aosach an cheantair a bheachtú, bearnaí ann a aithint agus clár oibre ina leith a leagan amach.

Naíonraí - Monatóireacht

Clár oibre le leagan amach don Oifigeach Oideachais (OO). Moltar go mbeadh cruinnithe rialta (míosúil) idir an tOO agus CPTCF le dul chun cinn a mheas, tacaíocht a thabhairt agus fadhbanna a réiteach.

Tosófar láithreach (Samhradh 2017) ar chruinnithe leis na scoileanna agus naíonraí ar fad idir bhoird bhainistíochta agus phríomhoidí/stiúrthóirí naíonra chun iad a chur ar an eolas faoin bplean teanga, go háirithe Mír an Oideachais agus na naíonraí.

Le linn na scoilbhliana 2017-18 tosófar ar gach aon cheann de na céimeanna stocaireachta, na feachtais feasachta agus ar réiteach na gclár nuálacha.

Bearta 11 & 12 (scoileanna): I bhFómhar 2017 déanfar anailís ar staid reatha i réimse na n-aosach agus, i 2018, oibreofar ar an gCartlann Phobail.

11.5. Daoine Nua Isteach nach ón nGaeltacht iad

Taighde: Suirbhé ón Taighde ar Thuismitheoirí; freastal ar ranganna Gaeilge; freastal ar Scéim Phíolóiteach Chlub Foghlaimeoirí an Spidéil; agallaimh le daoine nua isteach nua, idir iad sin atá agus nach bhfuil líofa sa nGaeilge.

CPT: 10 & 11

RPT: D

11.5.1. Ginearálta

Ní as an nGaeltacht iad 40% de thuismitheoirí pháistí an cheantair atá 19 mbliana déag nó níos óige.²⁹

As an sciar suntasach (40%) seo den phobal (i.e. tuismitheoirí nár tógadh sa nGaeltacht), níor éirigh ach le 20% acu an Ghaeilge a shealbhú³⁰.

Tá nós seanbhunaithe agus coitianta ann nuair a bhíonn duine aonteangach (Béarla) i gcomhlúadar dhuine nó ghrúpa dátheangach (Gaeilge agus Béarla) go gcasann baill dhátheangacha an ghrúpa ar an mBéarla lena bheith 'béasach' leis an duine nach bhfuil ach Béarla acu. De réir mar a mhéadaíonn dlús na mBéarlóirí sa bpobal laghdaítear ar dheiseanna úsáid na Gaeilge sa bpobal.

Bíonn tionchar ag páistí na dtuismitheoirí nach bhfuil ag tógáil a gcuid gasúir le Gaeilge, de bharr easpa cumais nó ar chúiseanna eile, ar na páistí atá á dtógáil le Gaeilge. Is tionchar diúltach é seo ó thaobh na Gaeilge de.

Bíonn tionchar ag daoine nua isteach, gan Gaeilge, ar an saol sóisialta agus ar an iompar teanga san ionad oibre go háitiúil chomh maith. Sa dá chás laghdaítear deiseanna úsáidte agus feidhm na teanga dá bharr sin.

11.5.2. Foghlaim na Gaeilge agus Daoine Nua Isteach

Luaitear sa SCT gur ghá do 67%+ den phobal a bheith ina gCainteoirí Laethúla Gaeilge (CLG) mar íostairseach le go mbeadh an pobal teanga bisiúil. Ag glacadh leis an méid sin, níorbh fholáir do riar suntasach de na daoine nua isteach an Ghaeilge a shealbhú le go bhféadfadh siad páirt a ghlacadh i saol an phobail trí mheán na Gaeilge. Léiríonn an taighde nach bhfuil líofacht Ghaeilge ach ag 20% de thuismitheoirí nua isteach.³¹

Ar ÚnaG atá an cúram 'ranganna' Gaeilge a chur ar fáil. Is iad an ITT in Indreabhán agus an Gaelacadamh sa Spidéal a eagraíonn na ranganna Gaeilge seo. De réir shuíomh idirlín an Údaráis, is é caighdeán Theastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ó Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad, an caighdeán creidiúnaithe atá aitheanta go hidirnáisiúnta, atá in úsáid sna hionaid seo³².

Is cosúil nach bhfuil éileamh ag tromlach rannpháirtithe na ranganna ar an Teastas Eorpach. Is fearr le tromlach na rannpháirtithe ranganna níos neamhfhoirmeálta atá dírithe ar chúnamh a thabhairt dóibh comhrá a dhéanamh lena gcomharsana nó tacú le hobair bhaile a gcuid gasúr. Is ar mhúnla teagaisc dhá uair an chloig in aghaidh na seachtaine a fheidhmíonn ranganna Gaeilge an ITT agus an

²⁹ Taighde ar Thuismitheoirí, 2015, Aguisín 6

³⁰ Taighde ar Thuismitheoirí, 2015, Aguisín 6

³¹ Taighde ar Thuismitheoirí, 2015, Aguisín 6

³² <http://www.udaras.ie/an-ghaeilge-an-ghaeltacht/tionscnaimh-teanga/ionaid-seirbhisi-teang>

Ghaelacadaimh. Tá teangeolaithe in amhras an leor é sin le líofacht a bhaint amach i gcás mionteanga i bpobal dátheangach.

Bíonn na himeachtaí seo a leanas ar bun le cúnamh a thabhairt do dhaoine nua isteach an Ghaeilge a shealbhú.

1. Ranganna Gaeilge leis an nGaelacadamh oíche amháin sa tseachtain i Stiúideo Cuan. Dhá rang atá i gceist, ceann do dhaoine gan aon Ghaeilge agus ceann eile do dhaoine a bhfuil cumas eicínt Gaeilge acu.
2. Rang Gaeilge uair sa tseachtain i rith an lae ag an ITT.
3. Ranganna neamhfhoirmeálta, le háisitheoirí, ar cainteoirí dúchais iad, eagraithe ag Club Foghlaimeoirí an Spidéil³³. Bíonn rang amháin ar bun i rith an lae agus ceann eile sa trathnóna.

11.5.3. Na Dúshláin

1. *'It's too easy to speak English'*³⁴ an tuairim atá ag cuid de na daoine nua isteach.
2. Próiseas sealbhaithe teanga Gaeltachta cuimsitheach, struchtúrtha agus dea-eagraithe a theastaíonn ó dhaoine nua isteach.
3. Tá éagsúlacht sa gcur chuige ag teastáil. Imeachtaí 'trí mheán na Gaeilge', atá ó fhoghlaimeoirí chomh maith le ranganna.
4. Tá tacaíocht neamhfhoirmeálta an phobail líofa ag teastáil ó dhaoine nua isteach.
5. Tá fadhbanna stairiúla ann le meascadh caighdeáin in aon rang amháin agus le heaspa leanúnachais.
6. Tá easpa fógraíochta ann faoi ranganna agus ní bhíonn sé éasca a theacht ar eolas fúthu ná faoi thacaíochtaí foghlama teanga.
7. Cliseann ar mhísneach chuid mhaith de na daoine nua tar éis tamaill ar an dá leibhéal: (i) iarrachtaí a dhéantar Gaeilge bhriste a labhairt go sóisialta agus (ii) an córas ranganna, ciorcail chomhrá agus rl. – nach bhfuil sásúil dóibh.
8. Bíonn drogall ar roinnt foghlaimeoirí leas a bhaint as scrúdú an TEG.
9. Bíonn roinnt tuismitheoirí scoile gan Ghaeilge agus níl acmhainní ag na scoileanna le cuidiú leo.
10. Tá an comhoibriú idir na háisíneachtaí múinte teanga áitiúla easnamhach.
11. Tá dea-thoil ag cainteoirí líofa tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí agus do dhaoine nua isteach, ach is minic nach mbíonn aithne acu ar a chéile.
12. Níl córas ann le daoine nua isteach a aithint a luaithe agus a bhogann siad isteach agus córas sealbhaithe teanga gairmiúil ar bhealaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a thairiscint dóibh.
13. Ní chuirtear maoiniú ar fáil don Ghaelacadamh le forbairt a dhéanamh ar a gcuid cúrsaí Gaeilge.

³³ <https://www.facebook.com/gaeilge.club/?fref=ts>

³⁴ Torthaí Thaighde na dTuismitheoirí 2015. Aguisín 6.

11.5.4. Daoine nua isteach nach ón nGaeltacht iad – Bearta (RPT ‘K’)

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Teagmháil a dhéanamh le daoine nua isteach a luaithe agus is féidir, d'fhonn tacaíocht foghlama teanga a thairiscint dóibh nuair a thagann siad chun cónaithe sa gceantar.	Daoine nua isteach a aithint trí shúil a choinneáil ar an margadh tithíochta, iarratais ar chead pleanála agus modhanna eile (naíonraí, naíolanna, scoileanna). Cuirteanna baile a thabhairt orthu agus cúrsaí teanga a phlé. Tacaíocht a thairiscint do dhaoine ar mhian leo feabhas a chur ar a bhfuil de Ghaeilge acu. Pacáiste tacaíochta teanga a fhorbairt ina mbeadh eolas faoi áiseanna sa gceantar, ranganna & rl. a thabhairt do dhaoine nua isteach. Na ranganna agus na ciorcail chomhrá ghairmiúla a eagrú i bpáirt leis na páirtithe leasmhara.	OFT/OO i gcomhar leis na hIonaid Chúraim Leanaí, naíonraí, scoileanna agus an Gaelacadamh i gcomhar leis an ITT.	Ullmhú chuige ó Samhradh 2017 agus feidhmiú ón bhFómhar 2017 agus go leanúnach ina dhiaidh sin.
2.	Soláthar níos ilghnéithí, níos minice agus níos iomláine de ranganna, ciorcail chomhrá agus dianchúrsaí Gaeilge a chur ar fáil.	Anailís chuimsitheach a dhéanamh ar an soláthar reatha foghlama Gaeilge agus bearnaí a aithint. Ranganna a chur ar fáil bunaithe ar riachtanais agus ar shainspéiseanna. Ranganna & ciorcail chomhrá a bhunú, agus iad ag rith comhthreomhar le scoileanna / naíonraí / naíolanna / imeachtaí spóirt. Dianchúrsa píolótach seachtaine a chur ar bun i 2018.	OFT/OO i gcomhar le hÚnaG, an Gaelacadamh, ITT na hIonaid Chúram Leanaí, naíonraí, scoileanna agus clubanna spóirt.	Ullmhú chuige ó Samhradh 2017 agus feidhmiú ón bhFómhar 2017 agus go leanúnach ina dhiaidh sin.

11.5.4. Daoine nua isteach nach ón nGaeltacht iad – Bearta (RPT ‘K’)

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
3.	Líonraí sóisialta agus cairdis trí mheán na Gaeilge a bhunú.	Suirbhé a dhéanamh le sainspéiseanna a aithint, agus liosta daoine a bhfuil Gaeilge acu agus scileanna i sainspéiseanna a bhailiú. Líonraí a bhunú agus iad a phoibliú. Leas a bhaint as na meáin shóisialta. Tuismitheoirí nua isteach gan Ghaeilge/ar bheagán Gaeilge a chur in aithne do thuismitheoir a bhfuil Gaeilge ar a t(h)oil aige/aici.	OFT/OO i gcomhar le Coistí Forbartha Áitiúla, an Gaelacadamh, an ITT, ÚnaG, Oireachtas na Gaeilge, Glór na nGael.	Suirbhé i bhFómhar 2017, líonraí a thosú ag tús 2018. 2 líonra sa bhliain le bunú as sin amach.
4.	Dearcadh dearfach i leith na Gaeilge a chothú i dtuismitheoirí nua isteach agus tacaíocht a thairiscint len iad a chumasú lena gcuid gasúir a thógáil le Gaeilge.	Mar atá i mBeart a 1, cuairteanna baile a thabhairt ar thuistí. Bileog eolais faoi bhuntáistí an dátheangachais ag an leibhéal aonair agus ag an leibhéal pobail a ullmhú agus a scaipeadh.	OFT/OO i gcomhar leis na hIonaid Chúram Leanaí, naíonraí agus scoileanna.	Ullmhú chuige ó Fómhar 2017 agus feidhmiú ón Earrach 2018 agus go leanúnach ina dhiaidh sin.
5.	Líonraí teaghlach a chruthú le tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí atá ag tógáil a gcuid páistí le Gaeilge	I gcomhar le, nó ar mhúnla Thuismitheoirí na Gaeltachta, grúpaí do thuismitheoirí / leanaí a bhunú. Imeachtaí rialta agus ócáidíúla a chur ar fáil. Líonra i ngach toghroinn faoi 2020.	OFT/OO i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta.	Fómhar 2017 agus go leanúnach uaidh sin ar aghaidh.
6.	Tacú le teaghlaigh nach bhfuil ach tuismitheoir amháin líofa i nGaeilge	Cuairteanna baile a thabhairt ar theaghlaigh. Bileog eolais a réiteach agus a scaipeadh le straitéisí maidir le suíomh teaghlaigh teanga-mheasctha.	OFT/OO i gcomhar le CNNG, na hIonaid Chúram Leanaí, naíonraí agus scoileanna	Réiteach i bhFómhar 2017. Scaipeadh i Earrach 2018 agus teagmháil leanúnach ina dhiaidh sin.

11.5.4. Daoine nua isteach nach ón nGaeltacht iad – Bearta (RPT 'K')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
7.	Teaghlaigh ar bheagán Gaeilge nó gan aon Ghaeilge a shníomh isteach in imeachtaí pobail trí Ghaeilge.	Cuairteanna baile a thabhairt ar theaghlaigh. Teaghlaigh le Gaeilge a bheith ag cuidiú ar bhonn 'teaghlach le teaghlach' mar thacaíocht. Liosta a ullmhú de theaghlaigh a bheadh sásta a bheith ina 'gcairde'.	OFT/OO i gcomhar leis an ITT, an Gaelacadamh, na hIonaid Chúram Leanaí, naíonraí 's scoileanna	Ullmhú chuige ó Fómhar 2017 agus feidhmiú ó thús 2018 agus go leanúnach ina dhiaidh sin.
8.	Cur le líon na dteagascóirí Gaeilge a bhfuil oiliúint orthu le daoine fásta a mhúineadh agus/nó le bheith ina spreagthóirí do chiorcail chomhrá.	Liosta daoine a bhfuil an oiliúint seo orthu cheana féin a réiteach. Cúrsa oiliúna don earnáil seo a eagrú go háitiúil. Daoine a aimsiú leis an gcúrsa seo a thabhairt. Maoiniú a aimsiú.	OFT i gcomhar le ÚnaG, an ITT an Gaelacadamh agus an tIonad na dTeangacha, Ollscoil Mhá Nuad, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.	Ullmhú chuige ó Samhradh 2017 agus feidhmiú ón bhFómhar 2017 agus go leanúnach ina dhiaidh sin.
9.	Gnólachtaí áitiúla a spreagadh le cuidiú le foghlaimeoirí. <i>Féach – Gnólachtaí Áitiúla - 11.7.2.</i>	Cuairteanna agus cruinnithe aonair a eagrú le polasaí teanga a phlé le gnólachtaí. Ceardlanna feasachta teanga a eagrú do lucht gnó freisin.	OFT/OO i gcomhar leis na Coistí Forbartha Áitiúla, CFanSp, CST.	Fómhar 2017 ar aghaidh.

Daoine nua isteach nach ón nGaeltacht iad - Spriocanna

1. Líon na ndaoine nua isteach ar tuismitheoirí iad agus a labhraíonn Gaeilge a ardú ó 20% go dtí 25% faoi 2023.
2. Líon na gcuairteanna baile a bheith ag 50 in aghaidh na scoilbhliana.
3. Cur le líon na ndaoine sa gceantar atá oilte ar mhúineadh Gaeilge do dhaoine fásta - 10% in aghaidh na bliana.
4. An tOFT/OO, (i gcomhar leis an nGaelacadamh agus an ITT) le liosta a chur le chéile de chairde líofa sa nGaeilge a bheadh ar fáil d'fhoghlaimeoirí.
5. Na féidearthachtaí a bhaineann le ranganna, dírithe ar riachtanais tuismitheoirí óga a chioradh.
6. Gnólachtaí áitiúla a bheith gníomhach i dtacú le DNI lena gcuid Gaeilge a úsáid. 20 cruinniú/cuairt aonair sa mbliain a eagrú. Ceardlann bhliantúil chomh maith.
7. Dianchúrsaí seachtaine a bheith ar fáil go leanúnach ó 2018 ar aghaidh.
8. Bileog eolais chuimsitheach agus dhátheangach faoi sheirbhísí, clubanna, ranganna, féilte agus araile áitiúla a chur le chéile.
9. Córas éifeachtach a bhunú le DNI a aithint agus cuairt a thabhairt orthu go gairid tar éis dóibh teacht.

Daoine nua isteach nach ón nGaeltacht iad - Monatóireacht

An tOFT le Clár Oibre a réiteach agus a aontú leis an gCPTCF (Fomhar 2017). Cuirfidh an tOFT tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre I faoi bhráid CPTCF.

Beart 1: Cuirfidh an tOFT an bhileog eolais faoi bhráid CPTCF chomh maith le tuairisc faoi líon na ndaoine nua isteach, an teagmháil atá déanta leo agus an tinreamh ar chiorcail chomhrá, ranganna agus/nó ar imeachtaí eile.

Beart 2: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF faoi fhorbairtí ar ranganna agus mar atá ag éirí leo. Beidh córas cuimsitheach aiseolais i bhfeidhm le gur féidir le rannpháirtithe a dtuairimí faoina bhfoghlaím a roinnt le CPTCF.

Beart 3: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF maidir le dul chun cinn na líonraí.

Bearta 4 - 7: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF maidir le líon na gcuairteanna baile agus an dul chun cinn a bhaineann le haicmí difriúla na dteaghlach agus Gaeilge mar theanga baile acu.

Beart 8: Cuirfidh an tOFT an liosta ar fáil do CPTCF roimh dheireadh 2017.

Beart 9: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF maidir leis an gcaoi ar éirigh leis an bhfeachtas roimh dheireadh 2017.

11.6. An Fhostaíocht Áitiúil

Taighde: Bunaithe ina iomláine ar an tuarascáil taighde de chuid ÚnaG atá in Aguisín 10 sa bPlean seo.

CPT: 14

RPT: E (An Earnáil Ghnó).

11.6.1. Ginearálta

Tá múnlaí éagsúla fostaíochta ar fáil i LPT Chois Fharraige, ina measc tá:

- An Earnáil Phríobháideach - Siopaí, Bialanna, Ceardaithe agus araile
- An Earnáil Phoiblí - Múinteoirí, Altraí, Gardaí, FSS, TG4, REOGRTG, ÚnaG, agus araile
- CliantChomhlachtaí ÚnaG

Tá FCFPT buíoch de ÚnaG as ucht suirbhé a eagrú i measc a chliantchomhlachtaí (ina bhfuil cúigear nó ós a chionn fostaíthe iontu) san LPT le léargas a fháil ar an bpróifíl fostaíochta agus teanga sna hIonaid Oibre seo atá faoina gcúram. Tá torthaí an taighde seo le fáil ina iomláine mar Aguisín 10.

11.6.2. Ról Údarás na Gaeltachta

Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bhchuspóir atá le polasaí ÚnaG³⁵.

Tá ÚnaG freagrach as trí chuspóir a bhaint amach. Is iad sin:

- An Cuspóir Eacnamaíochta
- An Cuspóir Cultúrtha
- An Cuspóir Sóisialta.

Ar fhianaise an taighde a rinneadh, ní léir go bhfuil cothromaíocht idir na trí chuspóir thuasluaite. Leagann an tÚdarás níos mó béime ar an bhforbairt eacnamaíochta (an fhostaíocht mar dhlúthchuid de) ná mar a chuirtear ar an dá chuspóir eile. Tá ríthábhacht ag baint le tacaíocht a thabhairt le go mbeadh fostaíocht ar fáil ag muintir na Gaeltachta sa gceantar ach le pleanáil teanga éifeachtach a chur i bhfeidhm níor mhór don fhostaíocht seo a bheith ag teacht le bunchuspóir an Údaráis - caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo.

Léiríonn an taighde gurb é an Béarla atá chun tosaigh mar theanga oibre agus shóisialta i dtromlach Ionaid Oibre chliantchomhlachtaí an Údaráis san LPT.

11.6.3. An Cur Chuige

Ag deireadh na bliana 2015, le comhoibriú idir FPTCF agus ÚnaG, dearadh ceistneoir.

³⁵ www.udaras.ie/faoin-udaras/ar-rol.

I mí Feabhra 2016 sheol ÚnaG ceistneoir amach chuig 37 comhlacht atá san LPT ina raibh os cionn cúigear fostaithe iontu. Tháinig 26 ceistneoir ar ais, sin ráta freagartha de 70.3%. Nuair a chuirtear na ceistneoirí a tháinig ar ais nach raibh inúsáidte,³⁶ ráta bailí de 68% atá i gceist.

Gealladh i litir mhíniúcháin ó Phríomhfheidhmeannach ÚnaG go ndéanfaí comhbhailiú ar an bhfaisnéis agus nach luafaí ainm na gcomhlachtaí san eolas a chuirfí ar fáil do dhreamanna taobh amuigh de ÚnaG, FPTCF san áireamh. Maidir le húsáid na faisnéise go himheánach in ÚnaG, luadh sa litir mhíniúcháin gur ar mhaithe le cuspóirí anailíse agus pleanála a bhí an fhaisnéis á bailiú ó thaobh sholáthar agus dháileadh na fostaíochta sa nGaeltacht.

11.6.4. Torthaí an Taighde

Léiríonn Suirbhé Fostaíochta ÚnaG 2016³⁷, go bhfuil **1,684** fostaithe i gcomhlachtaí an Údaráis san LPT seo. Nuair a chuirtear san áireamh go bhfuil daonra de 6,259 (3 bliana+) san LPT is mór an líon é seo.

Pointe tábhachtach a tháinig as an taighde go dtagann **58% as an nGaeltacht, 42% as taobh amuigh den Ghaeltacht.**

Torthaí eile

1. As an 1,684 fostaí, is fostaithe lánaimseartha iad 1,621 díobh, agus fostaithe páirtaimseartha an chuid eile.
2. Tá an céatadán d'fhir (61%) atá ag obair sna comhlachtaí sa sampla níos mó ná an céatadán d'fhir atá ag obair sa tír ina hiomláine (53% dar le Daonáireamh 2011).
3. Tá céatadán ard (42%) de na fostaithe ina n-oibríthe gairmiúla nó lucht bainistíochta / teicniúla i gcomparáid le hoibríthe leathoilte agus oibríthe neamhoilte.
4. Ní Éireannaigh iad 21% de na fostaithe a bhí páirteach sa suirbhé.
5. Polainnis, Rúisis agus Laitvis na teangacha is coitianta tar éis na Gaeilge agus an Bhéarla.
6. Tuairiscíonn 7 gcomhlacht go bhfuil baint dhíreach acu leis an nGaeilge.
7. Tá 3 chomhlacht (as 26) ina n-úsáidtear an Ghaeilge níos ná 90% den am.
8. Cé go bhfuil 58% de na fostaithe ina gcónaí sa nGaeltacht is líon an-bheag comhlachtaí atá ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge.

11.6.5. Na Dúshláin

1. Líon ard na bhfostaithe gan Ghaeilge atá ag obair i gcliantchomhlachtaí ÚnaG.
2. Bíonn coimhlint idir cruthú fostaíochta agus cuspóir ÚnaG an teanga a chaomhnú.
3. Teastaíonn líon ard cainteoirí Gaeilge i measc na foirne le go mbeadh an Ghaeilge in uachtar in Ionaid Oibre.
4. Níl áit chúil ag an nGaeilge sna próisis earcaíochta.
5. Níl Polasaí Cosanta Teanga cuí sna cuideachtaí.

³⁶ Toisc líon ard ceisteanna a bheith gan fhreagra iontu.

³⁷ Féach Aguisín 10.

6. Níl dóthain ranganna ná deiseanna cleachtaidh agus foghlama teanga ag fostaithe.
7. Níl dóthain maoinithe ag an nGaelacadamh le fógraíocht a dhéanamh ná le clár na ranganna a eagraítear a sheachadadh

11.6.6. An Fostaíocht Áitiúil – Bearta (RPT 'E')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Polasaithe fostaíochta agus maoinithe ÚnaG a bheith ag teacht le bunchuspóir na heagraíochta.	Cruinniú a eagrú le hOifig Réigiúnda ÚnaG leis an gceist a phlé.	OFT, ÚnaG.	Samhradh 2017
2.	An Ghaeilge a láidriú san ionad oibre. An Ghaeilge a bheith níos feiceálaí agus inchloiste i ngnó na gcliant-chomhlachtaí ón gcéad lá agus go leanúnach.	a) Moladh do na comhluchtaí Plean Teanga sna hionaid oibre a réiteach a chuimsíonn spriocanna, ó thaobh úsáid na Gaeilge de, maidir le stáiseanóireacht, láithreach ar líne dátheangach, freagairt fóin, Gaeilge ar ríomhphoist, agus araile. b) Duaischiste don fhoireann ag brath ar thoradh dearfach a theacht as monatóireacht ar an bplean.	OFT, ÚnaG, na Cliant-chomhlachtaí.	Fómhar 2017 agus Tús 2018
3.	Comórtas Scoraíochta ³⁸ agus Ealaíona Gaeltachta idir na monarchana a eagrú	An cheist a phlé le hÚnaG agus le coistí na bhfostaithe sna cliantchomhlachtaí.	ÚnaG, OFT, Oireachtas na Gaeilge, Glór na nGael.	Ag Tosú 2018. Go bliantúil ina dhiaidh sin
4.	Feasacht a threisiú i measc bhainistíocht na gcliantchomhlachtaí faoi thábhacht na Gaeilge in Ionaid Oibre agus seo a bheith le sonrú sa bpróiseas earcaíochta.	Cruinnithe a eagrú le comhluchtaí, agus molfar go mbeidh an Ghaeilge agus na himpleachtaí a bhaineann le hobair sa nGaeltacht soiléirithe sa bpróiseas earcaíochta.	OFT, ÚnaG, bainistíocht na gcliant-chomhlachtaí agus na comhlachtaí earcaíochta.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
5.	Líon na gcainteoirí Gaeilge a ardú sna hIonaid Oibre.	Ag cruinnithe le bainistíocht na gcomhluchtaí, molfar go dtabharfar an buntáiste do chainteoirí Gaeilge sa bpróiseas earcaíochta.	OFT, ÚnaG, bainistíocht na gcliant-chomhlachtaí agus na comhlachtaí earcaíochta.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

³⁸ Aiseolas ón gcruinniú poiblí 28 Samhain 2016.

11.6.6. An Fhostaíocht Áitiúil – Bearta (RPT ‘E’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
6.	Polasaí Gaeilge faoi leith a dhréachtadh sna cliantchomhlachtaí atá ag plé go díreach leis an nGaeilge.	Dréachtpholasaí a aontú & a fhoilsiú. Teimpléad a chruthú a bhéas le plé le cliantchomhlachtaí eile nuair a lonnaíonn siad sa gceantar.	OFT, ÚnaG i gcomhar le bainistíocht na gcliant-chomhlachtaí cuí.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
7.	Ranganna Gaeilge a chur ar fáil do lucht bainistíochta ³⁹ sna hlonaid Oibre, ach go háirithe dóibh siúd, a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht.	Na ranganna a bheith dírithe ar an nGaeilge san ionad oibre. Teacht ar shocrú maidir le ranganna a chur ar fáil le linn uaireanta oibre, agus/nó ag tráthanna eile.	OFT i gcomhar le ÚnaG agus bainistíochta na gcliant-chomhlachtaí, Gaelacadamh, ITT.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

An Fhostaíocht Áitiúil - Spriocanna

1. Plean Teanga feidhmiúil a bheith aontaithe faoi 2021 le 90% de na cliantchomhlachtaí.
2. Aitheantas don Ghaeilge sna polasaithe earcaíochta ar fad faoi Nollaig 2018.
3. Deiseanna foghlama Gaeilge a bheith ar fáil le linn uaireanta oibre sna hlonaid Oibre faoi dheireadh 2017.
4. An Comórtas Scoraíochta idir comhlachtaí a athbhunú faoi thús 2018.

An Fhostaíocht Áitiúil - Monatóireacht

An tOFT le Clár Oibre a réiteach agus a aontú le CPTCF. Cuirfidh an tOFT tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre faoi bhráid CPTCF.

Samhlaítear gur comhfhiontar a bheas sa réimse oibre seo idir OFT CPTCF agus ÚnaG. Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF ar bhonn ráithiúil maidir le dul chun cinn sa réimse oibre seo.

³⁹ Ag teacht as agallamh le hiarbhainisteoir monarchan – Meitheamh 2016.

11.7. Gnólachtaí Áitiúla (a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal)

Taighde: Taighde a rinne Measmedia (Aguisín 11), thar ceann an Fhóraitim agus aiseolas ó dhaoine nua isteach agus ó fhoghlaimoirí. Chuimsigh togra Measmedia fócasghrúpaí, ceistneoirí (le muintir na háite agus le cuairteoirí), agallaimh le Gaillimh le Gaeilge, Glór Mhaigh Eo, CoConaG, ÚnaG agus REOGRG.

CPT: 13, 14

RPT: E (An Earnáil Ghnó).

Is cuid den saol pobail na gnólachtaí áitiúla. Ó thaobh na pleanála teanga de, tá sé tábhacht go mbeadh feidhm ag an nGaeilge agus gach deis úsáidte ag an bpobal a labhraíonn í. Fostaíodh 'Measmedia'⁴⁰ chun eolas a fháil ar dhearcadh agus ar chleachtais (maidir leis an nGaeilge) ghnólachtaí an cheantair. Is ar ghnólachtaí a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal amháin a déanadh an taighde. Chuaigh 'Measmedia' i dteagmháil le 45 gnólacht. Bhí réimse leathan seirbhísí i gceist, ina measc siopaí, gruagairí, ionad leighis, stáisiúin peitрил, tithe ósta agus araile. Tá cóip den phlépháipéar le fáil in Aguisín 11.

An Cur Chuige

D'éagraigh Measmedia suirbhé i measc gnólachtaí agus bhí ceithre mhórchéist le plé. Is iad sin:

1. Dearcadh an ghnó i leith na Gaeilge.
2. Cumas an ghnó seirbhís chuimsitheach trí Ghaeilge a chur ar fáil don phobal.
3. Toilteanas an ghnó feabhas a chur ar an tseirbhís a chuirtear ar fáil trí Ghaeilge.
4. Toilteanas an ghnó páirt a ghlacadh i scéim a chinnteodh go mbeadh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil agus feiceálach ag an bpobal.

Chomh maith leis an suirbhé, reáchtáladh Grúpaí Fócais. Labhraíodh le heagrais ar nós 'Gaillimh le Gaeilge' agus 'Gnó Mhaigh Eo'⁴¹. Labhraíodh le heagrais phoiblí a thacaíonn le scéimeanna chun lucht gnó a ghríosadh i dtreo na teanga. Bailíodh roinnt dearchtaí ó chuireoirí chuig an nGaeltacht maidir lena dtaithe sa gceantar.

11.7.1. Na Dúshláin

1. Is minic nach n-aithníonn gnólachtaí go bhfuil éileamh ag an bpobal áitiúil ar sheirbhísí i nGaeilge.
2. Níl sé mar pholasaí ag tromlach na ngnólachtaí Gaeilge a labhairt ar dtús (teanga réamhshocráithe) le custaiméirí.
3. Ní léir do ghnólachtaí na buntáistí eacnamaíocha a bhaineann le bheith i mbun gnó sa nGaeltacht.
4. Ní bhíonn Polasaí Cosanta Gaeilge i bhfeidhm i ngnólachtaí, go hiondúil.
5. Is beag aird atá ag gnólachtaí ar ról na Gaeilge sa turasóireacht.

⁴⁰ www.measmedia.com

⁴¹ www.gaillimhlegaeilge.ie agus www.gnomhuigheo.ie

11.7.2. Gnólachtaí Áitiúla – Bearta (RPT ‘E’)

(a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal)

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Seirbhís i nGaeilge a bheith ar fáil gan dua.	Cuairteanna ar na hIonaid Ghnó ar fad. Polasaí Gaeilge a fhorbairt sna gnólachtaí ina mbeadh: féiniúlacht Ghaeltachta, earcaíocht, Gaeilge mar theanga réamhshocráithe le custaiméirí, an teanga oibre i measc na foirne, comharthaíocht, fuaimriain, agus araile.	OFT i gcomhar le húinéirí na ngnólachtaí.	Samhradh 2018 agus go leanúnach.
2.	Cumas maith Gaeilge a bheith ag an bhfoireann. ⁴² Foireann le Gaeilge a bheith so-aitheanta.	É a bheith soiléir sa bpróiseas earcaíochta gur riachtanas, nó buntáiste é, Gaeilge a bheith ag an iarrthóir. Suaitheantas á chaitheamh ag an bhfoireann leis an gcumas agus an toil acu seirbhís trí Ghaeilge a thabhairt.	OFT i gcomhar le húinéirí na ngnólachtaí.	Samhradh 2017 agus go leanúnach nuair atá foireann dá earcú.
3.	Na buntáistí eacnamaíochta ⁴³ a bhaineann le stádas Gaeltachta a léiriú do na gnólachtaí le béim ar ról na Gaeilge sa turasóireacht.	Figiúirí a bhailiú. Seimineár a eagrú & eolas a scaipeadh ar úinéirí ghnólachtaí. Comhoibriú le tograí forbartha turasóireachta.	OFT i gcomhar le húinéirí na ngnólachtaí.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Gnólachtaí a spreagadh le cur leis an tseirbhís i nGaeilge atá á cur ar fáil acu.	Comórtas ‘Gradam ⁴⁴ ’ leis an ngnólacht is mó a chuireann an Ghaeilge chun cinn go bliantúil a eagrú.	OFT i gcomhar le Glór na nGael agus Gaillimh le Gaeilge.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
5.	Féiniúlacht Ghaeltachta a chothú agus a láidriú san earnáil.	Branda ⁴⁵ / Lipéad aitheantais gairmiúil do chomhlachtaí Gaeltachta a dhearadh agus a úsáid.	OFT i gcomhar le ÚnaG, comhlacht margaíochta agus LPTanna eile	Earrach 2018 agus go leanúnach
6.	Bialanna a spreagadh le biachláir dhátheangacha a úsáid.	Cúnamh a thairiscint dóibh le biachláir dhátheangacha le Gaeilge chruinn a dhearadh agus a úsáid.	OFT i gcomhar le Glór na nGael agus Gaillimh le Gaeilge.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
7.	Staidéar ar na féidearthachtaí a bhaineann le ‘Cumann Tráchtála Chois Fharraige’ a bhunú.	Cruinnithe a eagrú agus tuairisc a scríobh.	OFT i gcomhar le ÚnaG agus gnólachtaí áitiúla	Earrach 2018.

⁴² Ceist 5,6 - Aguisín 16. Measmedia

⁴³ Ceist 12 - Aguisín 16. Measmedia

⁴⁴ Ceist 12 - Aguisín 16. Measmedia

⁴⁵ Aguisín 16. Measmedia

11.7.2. Gnólachtaí Áitiúla – Bearta (RPT ‘E’)				
(a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
8.	Lámhleabhar a bheith ar fáil de sheirbhísí áitiúla.	Lucht ceardaíochta agus eile áitiúla a aithint agus sonraí teagmhála a liostáil agus é ar líne freisin.	OFT i gcomhar le ÚnaG agus soláithreoirí seirbhísí.	Samhradh 2018 agus go leanúnach.
9.	Polasaí Gaeltachta a fhorbairt leis na hollmhargaí atá lonnaithe i gCois Fharraige, agus gar dó.	Grúpa a bhunú le rannpháirtithe ó ceanneagraíochtaí na LPTanna uile. Polasaí a dhréachtadh agus a chur i bhfeidhm.	OFT i gcomhar le LPTanna eile agus le bainistíocht sna hollmhargaí, Glór na nGael agus Gaillimh le Gaeilge.	Fómhar 2017. Polasaí dréachtaithe i 2018.
10.	Go mbainfí buntáiste breise as cuairteanna tuismitheoirí chuig daltaí Choláistí Gaeilge agus ‘eispéaras Gaeltachta’ a thabhairt dóibh.	Comhoibriú le na Coláistí Gaeilge. Bileog a chur le chéile le seirbhísí agus siamsaíocht trí Ghaeilge.	OFT i gcomhar leis na Coláistí Gaeilge agus an Gaelacadamh.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
11.	Seirbhís aistriúcháin éifeachtach ar fáil do ghnólachtaí.	Seirbhís le freagra sciobtha a chur ar fáil.	OFT i gcomhar le Gaillimh le Gaeilge ÚnaG, FnaG.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.

Gnólachtaí Áitiúla - Spriocanna

1. Seirbhís i nGaeilge a bheith ar fáil gan dua.
2. Polasaí Teanga a bheith i bhfeidhm i ngnólachtaí.
3. Féiniúlacht Ghaeltachta a bheith le haithint go soiléir.
4. Aitheantas a thabhairt do thábhacht agus ról na Gaeilge sa turasóireacht, Coláistí Samhraidh go háirithe.
5. Comórtas ‘Gradam’ leis an ngnólacht is mó a chuireann an Ghaeilge chun cinn a eagrú chuile bhliain.

Gnólachtaí Áitiúla - Monatóireacht

An tOFT le Clár Oibre a réiteach agus a aontú le CPTCF. Cuirfidh an tOFT tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre faoi bhráid CPTCF.

Bearta 1 – 6: An tOFT le clár oibre a chur faoi bhráid, agus a aontú leis an CPTCF – Fómhar 2017. Tuairisc maidir le dul chun cinn a chur ar fáil roimh dheireadh 2017.

Bearta 7 & 8: Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil don CPTCF sa bhFómhar 2017.

Beart 9: An tOFT le plé a dhéanamh faoin gceist le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile – Fómhar, 2017. An cheist a ardú leis na hollmhargaí agus tuairisc curtha ar fáil do CPTCF in Earrach 2018. Polasaí dréachtaithe ansin.

Beart 10: An tOFT le plé a dhéanamh faoin gceist leis na Coláistí Gaeilge, leis an nGaelacadamh (An Gaelacadamh le ceoltóirí/oirfidigh a chur ar fáil) agus le hionaid siamsaíochta áitiúla. Seisiúin phíolótacha eagraithe le linn Samhradh 2017 agus tuairisc curtha ar fáil do CPTCF sa bhFómhar, 2017.

Beart 11: Féach Mír na Seirbhíse Poiblí 11.14.5.

11.8. An Nuatheicneolaíocht

Taighde: Tuarscáil ar an Nuatheicneolaíocht le Julianne Ní Chonchobhair (Aguisín 12), agus fócasghrúpaí na ndaoine faoi bhun 35bl. d'aois (Aguisíní 15 agus 16) agus tuairimí a bailíodh i gcruinnithe le príomhoidí i scoileanna áitiúla.

CPT: 6, 8, 16

RPT: G

11.8.1. Ginearálta

Tháinig ceist na nuatheicneolaíochta aníos sna fócasghrúpaí a d'éagraigh FCFPT le daoine fásta faoi bhun 35⁴⁶ agis i gcruinnithe le príomhoidí na scoileanna. D'iarr FCFPT air chomhairleoir sa Nuatheicneolaíocht - Julianne Ní Chonchobhair – an cheist a chíoradh chomh fada agus a bhaineann leis an bpopal san LPT. Chuir sí tuairisc taighde ar fáil (Aguisín 12).

11.8.2. Torthaí an Taighde

Léirigh an taighde gur mór an úsáid a bhaineann daoine óga (faoi bhun 35bl.), go háirithe, as an teicneolaíocht nua mar áis chumarsáide agus gur Béarla is mó a roghnaíonn siad mar theanga cumarsáide ar líne nó téacs. De bharr lárnacht na nuatheicneolaíochta i saol an phobail sa lá atá inniú ann, agus an *de facto* úsáid a bhaintear as an mBéarla agus na meáin seo á n-úsáid, tá an Ghaeilge imeallaithe, nó a húsáid íslithe sa réimse seo de shaol an phobail. Tá an nuatheicneolaíocht lárnach sa saol inniu agus caitheann daoine an-chuid ama leis go háirithe daoine níos óige. Tá go leor buntáistí don oideachas, gnó agus saol sóisialta ag baint leis. Is dúshlán do bheocht mhionteangacha é go mbreathnaítear ar an mBéarla mar theanga na nuatheicneolaíochta. Moltar dul i ngleic leis seo trí normalú ó aois óg, is é sin, deiseanna nádúrtha praiticiúla a thabhairt do dhaoine óga le húsáid na nuatheicneolaíochta trí Ghaeilge a éascú agus a spreagadh.

a. Úsáid na Nuatheicneolaíocht agus an Ghaeilge. Daoine Óga

1. Lasmuigh den chóras oideachais is mó a chaitheann daoine óga a gcuid ama leis an nuatheicneolaíocht. Is i mBéarla den chuid is mó a bhíonn na gléasanna sin (ríomhairí, taibléidí agus gutháin).
2. Go minic, is i mBéarla a bhíonn daoine óga agus fásta ag cumarsáid (teachtaireachtaí ar ghutháin agus na meáin shóisialta), fiú iad siúd a labhraíonn Gaeilge lena chéile. Léirítear easpa muiníne maidir lena gcuid Gaeilge mar chúis leis seo. Ní bhíonn siad buartha faoi bhotúin a dhéanamh i mBéarla.

⁴⁶ Aguisíní 11 agus 12

3. Thuairisc siad freisin gurb é an fón póca cliste a rogha gléas. Bhí sé i bhfad chun tosaigh ar ríomhaire (glúine nó deasc).

b. Scileanna Maidir le hÚsáid na Nuatheicneolaíochta

1. Tá meon ag an bpobal go bhfuil daoine óga an-eolach i dtaobh na nuatheicneolaíochta. Cé go bhfuil siad an-chompondach ag baint úsáid as an nuatheicneolaíocht agus gur buntáiste é seo is iad ag dul i ngleic leis, níl siad an-eolach air.
2. Ní fhoghlaimíonn a bhformhór ach scileanna bunúsacha. Bíonn deacrachtaí ag go leor le Word agus Excel, agus le ceangaltáin a chur le ríomhphost. Tá géarghá le forbairt scileanna sa nuatheicneolaíocht i measc daoine óga.
3. Níl ríomhairí riachtanach mar ábhar scoile agus ní bhíonn deis, dá bharr, ag daltaí scileanna ríomhaireachta a fhoghlaim. Tugann roinnt daltaí faoin gCeadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí (*ECDL*) san Idirbhliain agus tá ríomhairí in úsáid mar chuid den chúrsa Gairmchlár na hArdeistiméireachta (*LCVP*), dóibh siúd a bhíonn ag tabhairt faoi.

c. An Nuatheicneolaíocht sa Chóras Oideachais

1. Níl sé d'acmhainn ag gach scoil seomra ranga le ríomhairí a chur ar fáil. Bíonn ríomhaire nó dhó ag gach seomra ranga ina áit. Cuidíonn sé sin le húsáid na nuatheicneolaíochta mar chuid den rang, ach ní thugann sé deis do dhaltaí scileanna bunúsacha a fhoghlaim ná dul i ngleic le húsáid na Gaeilge leis an nuatheicneolaíocht.
2. Tá scoileanna i gCois Fharráige, múinteoirí agus daltaí, dearfach i leith na nuatheicneolaíochta agus forbairt scileanna ach tá tacaíocht agus áiseanna de dhíth.
3. Níl maoiniú ar fáil do scoileanna ar mhaithe le ríomhairí agus trealamh teicniúil eile. Tá saolré ríomhairí agus gléasanna eile gearr agus gan d'acmhainn ag an scoil cinn nua a cheannach.
4. Tá plean i leith na nuatheicneolaíochta ag an Roinn Oideachais, Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015–2020, a foilsíodh mí Dheireadh Fómhair 2015. Pléann sé úsáid na teicneolaíochta sa chóras oideachais, bearta maidir le forbairt scileanna ICT agus uasghrádú ar threalamh agus leathanbhanda do scoileanna. Gealladh infheistíocht don bhliain 2016 ach níl eolas faoi aon scéim foilsithe go fóill.⁴⁷

11.8.3. An Nuatheicneolaíocht mar Áis Forbartha Pobail

Níl aon áit lárnach do Chonamara Theas ar líne a dhéanann ionadaíocht ar cheantar Chois Fharráige agus atá ar fáil i nGaeilge. Nuair a dheintear cuardach ar líne ar 'Conamara' nó 'Connemara' feictear an-chuid suíomhanna ag feidhmiú mar eolairí gnó agus foinsí eolais do Chonamara, ach an chuid is mó acu taobh amuigh den Ghaeltacht, taobh an Chlocháin. Is beag trácht a dhéantar ar Chonamara Theas, agus tá deis cailte anseo don cheantar.

⁴⁷ <https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Straiteis-Dhigiteach-do-Scoileanna-2015-2020.pdf>

Níl eolas faoi sheirbhísí áitiúla ag teacht le gnáthúsáid laethúil daoine. Níl aon áit lárnach ag daoine le teacht ar eolas fúthu agus i nGaeilge. Bíonn orthu iompú ar an mBéarla go minic dá bharr is iad ar líne ag cuartú eolais. Is míbhuntáiste don cheantar agus cúrsaí fiontraíochta an easpa eolais fúthu seo chomh maith.

Mar gheall ar an easpa cleachtadh ar bhogearraí agus suíomhanna idirlín a úsáid i nGaeilge, tá meon cruthaithe go bhfuil sé níos deacra tabhairt faoin teicneolaíocht i nGaeilge.


Tá deiseanna cailte ag daoine óga dul i ngleic leis an teicneolaíocht i nGaeilge agus taithí a fháil ar chumarsáid sa nuatheicneolaíocht a dhéanamh i nGaeilge. Leis an méid ama a chaitheann daoine ar ríomhairí, ar líne agus ag cumarsáid tríd an nuatheicneolaíocht, bíonn drochthionchar aige ar ghnáthchumarsáid trí Ghaeilge nuair atá siad ag iompú go rialta agus go laethúil ar an mBéarla.

11.8.4. An Leathanbhanda i gCeantar Chois Fharráige

Tá leathanbhanda snáthOFTAice (*OFTic fibre*) ag feidhmiú sa gceantar, bosca sna Forbacha, péire sa Spidéal agus péire in Indreabhán. Níl aon cheann ar an Tulach ná i Ros a' Mhíl. Tá seirbhís ar fáil do na tithe atá cóngarach (níos lú ná 1km) do na boscaí seo thar na línte copair. Tá sé ráite ag Eir go mbeidh ceangal trí chábla snáthOFTAice a leagan anuas ar na cáblaí reatha chuig tromlach mhór na dtithe roimh 2020. Is ansin a bheas árdluas ar fáil ag, deirtear, 80% de na tithe príobháideacha.

Féach faoi www.openeir.ie / NGA FIBRE BROADBAND NETWORK.

Figiúr 11. Leathanbhanda i gCois Fharráige – 2016.



http://www.openeir.ie/Our_Network/

Príomh-mholadh agus Cur Chuige:

Tá sé tábhachtach seirbhísí praiticiúla teicneolaíochta a fhreastlaíonn ar riachtanais an phobail, idir óg agus aosta, a chur ar fáil le go bhféadfadh an pobal cumarsáid a dhéanamh i nGaeilge gan smaoinemh fiú.

11.8.5. An Nuatheicneolaíocht – Bearta (RPT ‘G’)

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Scileanna ríomhaireachta a chur chun cinn i measc daoine óga.	Cúrsaí oiliúna ar CoderDojo agus Techspace a eagrú sna scoileanna (bun. + iarbhun.) agus taobh amuigh díobh.	OFT/OO i gcomhar le ÚnaG, le Muintearas nó eagrás eile, le príomhoidí agus le REOGRTG.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
2.	Suíomh idirlín a bhunú mar áis uilechuimsitheach pobail. (Na meáin shóisialta san áireamh)	Riachtanais a phlé le Coistí Pobail agus suíomh idirlín a dhearadh agus a choinneáil suas chun dáta.	OFT i gcomhar le Coistí Pobail, Comhairleoir sa Nuatheicneolaíocht.	Geimhreadh 2017-18 agus go leanúnach.
3.	Seirbhís shásúil leathanbhanda a bheith ar fáil don phobal ar fud Chois Fharraige.	Stocaireacht ar EIR agus páirtithe leasmhara.	OFT i gcomhar le EIR, ÚnaG agus Coistí Pobail.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Coinneáil chun dáta le haon tionscnamh sa réimse seo de chuid REOGRTG nó ÚnaG	Cruinnithe le na hOifigigh chuí REOGRTG agus ÚnaG. Tuarascáil bhliantúil le réiteach.	OFT i gcomhar le REOGRTG agus ÚnaG.	Cruinnithe rialta. Tuarascáil bhliantúil.

An Nuatheicneolaíocht - Spriocanna

1. Scileanna maithe ríomhaireachta a bheith ag sciar maith den phobal sa gceantar.
2. Leathanbhanda ar ardluas a bheith ar fáil ag gach teach agus gach gnólacht san LPT.
3. Suíomh idirlín, agus áit lárnach ag an Ghaeilge inti, a bheith in úsáid mar áis lárnach pobail do mhuintir an LPT agus úsáid forleathan á bhaint as.

An Nuatheicneolaíocht - Monatóireacht

An tOFT le Clár Oibre a réiteach agus a aontú leis an CPTCF. Cuirfidh an tOFT tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre faoi bhráid an CPTCF.

Beart 1: Cuirfidh an tOFT clár oibre le chéile agus tuairisc ar fáil do CPTCF - Fómhar 2017.

Beart 2: Cuirfidh an tOFT staidéar féidearthachta faoi bhráid CPTCF go luath i 2018. Beidh suíomh idirlín bunaithe roimh Shamhradh 2018. Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF ar bhonn rialta.

Bearta 3 & 4: Buailfidh an tOFT leis na páirtithe leasmhara agus cuirfidh sé/sí tuairisc ar fáil do CPTCF i bhFómhar 2017 (4) agus in Earrach 2018 (3).

11.9. An Pleanáil Fhísiciúil

Taighde: Plean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2008- 2018, Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021, An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht (2007), Cruinnithe le Príomhfheidhmeannach ÚnaG agus le hOifigigh sinsearach de chuid Rannóg na Pleanála i gCoConaG.

CPT: 17

RPT: I - Pleanáil agus Forbairt Fhísiceach

11.9.1. Ginearálta

Gné amháin den pleanáil teanga sa nGaeltacht is ea an pleanáil fhísiciúil. Faoi Chomhairle Chontae na Gaillimhe (CoConaG) atá sé polasaí a shocrú agus a chur i bhfeidhm maidir leis an bpleanáil fhísiciúil i gceantar Chois Fharraige. Chuige sin tá Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta⁴⁸ (PCÁG), a tháinig i bhfeidhm sa mbliain 2008, á úsáid ag CoConaG mar threoir don chaoi a ndéileáiltear le pleanáil fhísiciúil i gceantar Chois Fharraige.

Aithnítear i bPCÁG go bhfuil dualgas ar an údarás pleanála faoin Acht Pleanála & Forbartha 2000 ‘oidhreacht teanga agus cultúir na Gaeltachta a chosaint, ar a n-áirítear cur chun cinn na Gaeilge mar theanga an phobail’.

Aithnítear chomh maith go bhfuil sé mar aidhm ag CoConaG ‘cosaint a thabhairt do stádas an Spidéil mar Shráidbhaile Gaeltachta agus cur i gcoinne aon fhorbairt a dhéanfadh díobháil do theanga ná do chultúr an phobail⁴⁹. Tá ceantar Chois Fharraige taobh istigh den limistéar pleanála ar a dtugtar ‘Ceantair atá taobh istigh de Theorainn Staidéir Iompair agus Pleanála na Gaillimhe, (GTPS)’ agus dá réir sin tá Cuid (a) den Cháilíocht Chónaitheach Gaeltachta á fheidhmiú i gcás forbairtí cónaitheacha ina bhfuil 2 theach nó níos mó iontu, cáilíocht chónaitheach a chiallaíonn go bhfuil Clásal Feidhme Teanga ar feadh 15 bliana curtha mar choinníoll ar 80% (slánaithe suas) ar a laghad de na haonaid chónaithe in aon scéim tithíochta⁵⁰.

11.9.2. Tithe Aonair

Ní chuirtear an Clásal Feidhme Teanga mar choinníoll ar thithe aonair. Taobh amuigh den Spidéil, ní thugtar cead i leith tithe aonair ach sa gcás go bhfuil riachtanas tithíochta ag an iarratasóir agus go bhfuil ceangal ag an iarratasóir leis an gceantar. Tuigtear gur leor a bheith ag obair sa gceantar chun an ceangal leis an gceantar a chruthú, beag beann ar chumas teanga. Dá bharr seo, tá baol mór ann go mbeidh tithe á dtógáil ag daoine atá fostaithe san áit, gan dóthain Gaeilge acu le páirt a ghlacadh sa bpobal trí Ghaeilge. Cheana féin tá forbairtí tithe aonair ag cur brú mór ar an nGaeilge, sa Spidéil agus sna Forbacha go háirithe. Léirigh an taighde⁵¹ nach as an nGaeltacht (Conamara ná Gaeltacht eile) 58% de na tuismitheoirí atá i dtoghroinn na bhForbacha agus 47% díobh sin atá i dtoghroinn an Spidéil.

⁴⁸

<http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/pleanannaceantairaitiula/pleanceantairaitiulnagaeltachta2008-2018/>

⁴⁹ Mír 7.6.1 - PCÁG 2008-2018

⁵⁰ Mír 5.4.2.1 - PCÁG 2008-2018

⁵¹ Taighde ar Thuismitheoirí, 2015. Aguisín 6.

Aithnítear sa bplean seo go bhfuil, agus go mbeidh, tionchar láidir ag feidhmiú na bpolasaithe maidir le forbairt tithíochta i gceantar Chois Fharráige ar a bhfuil i ndán don Ghaeilge mar theanga an phobail. Mar a léiríonn an tábla thíos, tá comhchoibhneas an-láidir idir céatadán na dtuismitheoirí nach de bhunadh na Gaeltachta iad agus céatadán na bpáistí a labhraíonn Gaeilge lena chéile taobh istigh den teaghlach.

Figiúr 12. Tuismitheoir an LPT. An áit a tógadh iad agus ráta labhartha an Ghaeilge a bpáistí lena chéile – 2015.

Toghroinn	Na Forbacha	An Spidéal	Cill Aithnínn	Sailearna	Cill Chuimín
% Tuismitheoirí de bhunadh na Gaeltachta	42	53	64	73	74
% Páistí a labhraíonn Gaeilge lena chéile	5	31	53	66	68

Taighde ar Thuismitheoirí, 2015. Aguisín 6

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh deis ag cainteoirí Gaeilge ón nGaeltacht fanacht ina gcónaí sa nGaeltacht agus nach mbeadh an iomarca bacanna orthu le cead pleanála a fháil le teach a thógáil. Ar an gcaoi chéanna tá sé tábhachtach nach mbeadh cead pleanála á thabhairt do thithe aonair, beag beann ar chúinsí teanga, mar atá ag tarlú faoi láthair. An cleachtas atá ag CoConaG i leith tithe aonair, tá sé ag teacht salach ar na polasaithe agus na haidhmeanna atá ag Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015 – 2021 (Mír 10.5). Is soiléir ón taighde go bhfuil ceangal idir líon na n-inimirceach agus an sciar den phobal a bhfuil Gaeilge acu agus an líon teaghlach a úsáideann Gaeilge⁵².

11.9.3. Cleachtas an Údarás Pleanála


Bhuail ionadaithe de chuid FCFPT le hOifigigh de chuid na Rannóige Pleanála i mí Lúnasa 2016 le cúrsaí pleanála i LPT Chois Fharráige a phlé agus le fáil amach faoin gcleachtas reatha i dtaobh chosaint na Gaeilge ar fhorbairtí a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don Ghaeilge mar theanga pobail i bhfianaise na bpolasaithe atá sonraithe i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus i bPlean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018.

Soiléiríodh ag an gcruinniú go gcaitear ar bhealach difriúil le hiarratais phleanála, ag brath ar an iarratas le teach aonair a thógáil nó ar iarratas ar dhá theach nó níos mó atá ann. Míníodh go bhfuil sé mar pholasaí, de réir na bpleananna forbartha (Contae agus Gaeltachta), a bheith báúil do mhuintir na háite agus do dhaoine le Gaeilge (as áit ar bith) ar mhian leo teach a thógáil sa nGaeltacht. Níl sé soiléir, áfach, cén chaoi a ndéantar an polasaí sin a fheidhmiú, gan aon mhír faoi leith a bheith ar an bhFoirm Iarratas Pleanála do theach aonair, a d'fhiosródh cumas Gaeilge an iarratasóra. Líontar foirmeacha faoi láthair i nGaeilge ach ní ionann sin is a rá go bhfuil Gaeilge ag an iarratasóir.

Soiléiríodh ag an gcruinniú chomh maith nach bhfuil aon ról ag an gcóras pleanála i ndíol ná i gceannach tithe athlámhe. Tá sé tugtha le fios ag na hoifigigh sinsearacha atá freagrach as polasaithe pleanála CoConaG a chur i bhfeidhm, go dtugtar cead pleanála sa Spidéal do thithe aonair ar thailte sa gceantar atá ainmnithe mar Thailte Cónaitheacha (Céim 1) gan chúinsí teanga a chur san áireamh. Tá na tailte cónaitheacha i gcomharsanacht an Spidéil daite i mbuí trom ar an léarscáil seo thíos.

⁵² <http://www.galway.ie/ga/seirbhisi/pleanail/polasaiforbatha/phleanforbarthachontaenagaillimhe2015-2021/>

Figiúr 13. Ceantar Zónáilte an Spidéil – 2008 – 2018.



CoConaG. Plean Ceantair Áitiúil na Gaeltachta 2008-2018. Lch 140.

11.9.4. Tionchar an Staid Reatha

Tá sé mar thoradh air seo go bhféadfadh díobháil a bheith á dhéanamh d’úsáid na Gaeilge sa Spidéal áit a gceadaítear tithe aonair ar imeall an Spidéil beag beann ar chúrsaí teanga agus dá réir sin go bhféadfadh nach bhfuil CoConaG ag cloí leis na haidhmeanna is na polasaithe atá leagtha síos i bPlean Forbartha an Chontae agus i bPlean Áitiúil na Gaeltachta a leagan síos i Mír 7.6.1, ag tagairt go sonrach don Spidéal, go bhfuil sé mar aidhm ag an gComhairle Chontae ‘cur i gcoinne aon fhorbairt a dhéanadh díobháil do theanga ná do chultúr an phobail’. Ach mar nach n-iarrtar ar iarratasóirí ar thithe aonair a gcumas sa teanga a chur in iúl agus mar nach gceanglaítear Clásal Feidhme Teanga le cead pleanála i gcás theach aonair i nGaeltacht na Gaillimhe, caithfear a rá nach bhfuil an chosaint atá ar fáil don Ghaeilge sa gcóras pleanála i gceantar Chois Fharráige sásúil, mar go bhfuil sé ‘teoranta agus neamhchinnte’, mar a tugadh le fios sa SCT⁵³ (2007, 229).

Níor mhiste a mheabhrú gur dúradh an méid seo a leanas sa SCT (2007):

‘níl aon pholasáí teanga ag aon cheann de na húdaráis phleanála Gaeltachta i leith tithe aonair. Dá bhrí sin, táthar ag brath ar na polasaithe a éilíonn léiriú ar riachtanas tithíochta chun cosaint éigin a thabhairt don Ghaeilge ón tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag forbairtí tithíochta aonair. Níl feidhm ag an riachtanas seo, áfach, sna criosanna forbartha timpeall ar bhailte agus ar

⁵³ <http://www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2015/12/staidear-cuimsitheach-teangeolaioch-ar-usaid-na-gaeilge-sa-ghaeltacht-tuarascail-iomlan.pdf>

shráidbhailte, rud a fhágann nach bhfuil aon chosaint ar fáil don Ghaeilge ó fhorbairtí tithíochta aonair sna ceantair seo.'

Fuair an SCT amach gur mó i bhfad an líon tithe aonair a cheadaítear i nGaeltacht na Gaillimhe ná tithe i bhforbairtí le dhá theach nó níos mó. Ní leor, mar sin, a bheith ag brath ar riachtanas tithíochta le cosaint a thabhairt don Ghaeilge i gCois Fharráige i gcás tithe aonair, go háirithe nuair a ghlactar leis go bhfuil sé de cheart ag duine gan Ghaeilge atá ag obair sa gceantar cead pleanála a fháil ar bhonn riachtanas tithíochta.

Fuair an SCT amach idir 2000 agus 2005 gur cheadaíodh 85 teach aonair sna Forbacha agus 64 teach aonair sa Spidéal agus 106 teach aonair i Sailearna (ceantar an Chnoic). Ní fhéadfaí a rá ach gur iarratasóirí áitiúla a bhí ag plé le thart ar leath de na tithe seo. Seo mar a chuirtear síos ar thithe aonair i nGaeltacht na Gaillimhe sa SCT:

'I nGaillimh ní féidir linn aon rud níos cinnte a rá ach go raibh 49% den phleanáil tionscanta ag daoine áitiúla go cinnte, bhí 2% de ha iarratasóirí nach raibh áitiúil, bhain 2% le gnó/pobal/forbróir agus ní fios cár bh as an 47% eile.' (SCT, 243).

11.9.5. Ról Údarás na Gaeltachta

D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag ÚnaG i gcinntiú go bhfuil an tÚdarás Pleanála ag cloí le haidhmeanna agus polasaithe, mar atá leagtha síos i bPlean Áitiúil na Gaeltachta 2008 – 2018. Cuirtear an tÚdarás ar an eolas faoi aon fhorbairtí sa nGaeltacht agus bheadh sé de cheart ag ÚnaG achomharc a dhéanamh chuig an mBord Pleanála i gcás aon fhorbairt tithíochta, forbairtí tithe aonair san áireamh, nach bhfuil ag leagan síos Clásal Feidhme Teanga cuí, lena chinntiú nach mbeadh an fhorbairt ag déanamh dochair do theanga ná do chultúr an phobail.

Ba mhór an cuidiú é don phlean teanga seo dá mbeadh sé níos éasca, ná mar atá faoi Phlean Áitiúil na Gaeltachta agus faoi Phlean Forbartha an Chontae faoi láthair, ag cainteoirí Gaeilge ón nGaeltacht agus ag cainteoirí líofa nach as an nGaeltacht dóibh ach gur mhaith leo lonnú sa nGaeltacht agus páistí a thógáil le Gaeilge, cead pleanála a fháil le tithe aonair a thógáil ar shuíomhanna feiliúnacha.

Tá seantraidisiún ann de dhaoine óga a bheith ag tógáil tithe ar shuíomhanna a fhaigheann siad óna muintir. Tá tábhacht leis seo sa gcaoi go gcoinníonn sé páistí i ndlúthcheangal lena seantuismitheoirí den ghlúin a bhfuil an Ghaeilge mar ghnáth-theanga laethúil acu. Tá patrún lonnaíochta an-scaipthe sa gceantar le tromlach na ndaoine ina gcónaí i dtithe aonair ar phaistí talún de 0.5 acra ar a laghad. Is minic a bhíonn deacrachtaí móra ag daoine áitiúla, nach bhfuil talamh feiliúnach ag a muintir, suíomh feiliúnach a aimsiú. Mar gheall air sin is minic a shocraíonn siad dul chun cónaithe taobh amuigh den cheantar. Is cailliúint mhór don phobal aon uair a imíonn cainteoir dúchais Gaeilge as an gceantar. Chuideodh sé le daoine áitiúla, nach bhfuil talamh feiliúnach ag a muintir, dá bhforbrófaí suíomhanna do thithe a mbeadh seirbhísí curtha ar fáil leo mar aon le cead imlíneach pleanála. Moltar go ndéanfaí iniúchadh ar na féidireachtaí a bhainfeadh le scéim píolótach mar seo a chur ar bun ag usáid talamh atá in úinéireacht ÚnaG gar do Shráidbhaile an Spidéil. Mar chuid den staidéar féidireachta theastóidh dul i gcomhairle le ÚnaG, REOGRG, CST, CFanSp, Tearmann Éanna Teo. agus Comhairle Chontae na Gaillimhe féachaint cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag gach ceann acu i scéim píolótach tithíochta a bheadh mar aidhm aige suíomhanna le cead imlíneach pleanála a fhorbairt, le díol ar aghaidh le daoine áitiúla agus le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu.

11.9.6. An Bóthar Nua idir Bearna agus Scríob

Is fadhb í an éiginnteacht a bhaineann leis an mbóthar nua atá á bheartú idir Bearna agus Scríob⁵⁴. Tá seacht mbealach féidearthachta ann agus, dá bharr sin, tá cosc ar thógáil ar réimse leathan talamh ar fhaitíos go dtógfaí teach/tithe ar cheann de na bealaí seo. A luaithe agus a roghnófar bealach amháin is ea is fearr é le go saorfaí réimse maith talún ar a bhféadfaí forbairtí tithíochta a cheadú do dhaoine áitiúla Gaeltachta agus do chainteoirí líofa Gaeilge ar mhaith leo cur fúthu i gCois Fharraige. Is faoi chúram Rannóg na mBóithre sa gComhairle Chontae atá sé bealach a roghnú agus go dtí go ndéantar é sin, beidh sé deacair ar dhaoine áitiúla cead pleanála a fháil i gcuid mhaith den talamh i gceantar Chois Fharraige.

11.9.7. Na Dúshláin

1. Tithe aonair á gceadú ar imeall an Spidéil gan Clásal Feidhmiú Teanga.
2. Deacracht ag daoine áitiúla nó cainteoirí Gaeilge, ar mhian leo teach a thógáil, tíocht ar shuíomh feiliúnach, a mbeadh cead pleanála le fáil air.
3. Easpa gníomhaíochta Údarás na Gaeltachta i leith achomharc a chur faoi bhráid an Bhoird Pleanála lena chinntiú go bhfuil cosaint á dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga an phobail.
4. An méid talún atá reoite de bharr na mbealaí atá ainmnithe le bheith san áireamh don bhóthar nua.
5. Tarraingteacht Chois Fharraige mar áit chónaithe do dhaoine atá ag obair i gCathair na Gaillimhe, a ardaíonn praghas na suíomhanna agus a bhrúnn daoine áitiúla amach as an margadh.
6. Costas ard ag baint le hoibreacha suímh, cheal seirbhísí séarachais, agus ar aile.
7. Srianata reachtaíochta ar ÚnaG ó thaobh usáid a bhaint as talamh feiliúnach, atá ina seilbh, le suíomhanna tithíochta a fhorbairt do chainteoirí líofa Gaeilge.
8. Gan aon cheist ar an bhFoirm Iarratas Pleanála, atá in úsáid ag CoConaG, a d'fhiosródh cumas Gaeilge na n-iarratasóirí.
9. An méid talún in aice shráidbhaile an Spidéil, atá ainmnithe mar Thailte Cónaitheacha (Céim a 1), ar a gceadaítear tithe faoi láthair gan chúinsí teanga a chur san áireamh agus gan Clásal Feidhme Teanga. Má leathnaítear an polasaí seo, do Thailte Cónaitheacha (Céim a 2), is brú ollmhór a bheas ann don Ghaeilge mar theanga phobal an Spidéil.
10. I gcás lánúine, gur leor Gaeilge a bheith ag duine amháin, le teach a cheannach i scéim tithíochta leis an Clásal Feidhme Teanga a shásamh.
11. Nach bhfuil caighdeán aitheanta i labhairt na Gaeilge, ar nós leibhéal TEG mar shampla, á usáid ag CoConaG don tástáil faoin Clásal Feidhme Teanga.

⁵⁴ www.galway.ie/en/media/Tuarascáil%20an%20Staidéir%20Féidearthachta.pdf

11.9.8. An Phleanáil Fhisiúil – Bearta (RPT ‘I’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Monatóireacht a dhéanamh ar iarratais phleanála in LPT Cois Fharraige.	Fochoiste Pleanála (de chuid CPTCF) a bhunú leis an obair mhonatóireacht a dhéanamh.	Fochoiste Pleanála agus an OFT	Fómhar 2017 agus á dhéanamh go míosúil
2.	Súil a choinneáil ar ullmhúchán Phlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2018-24.	An dréacht den phlean nua a scrúdú agus aighneachtaí a réiteach agus a sheoladh isteach chuig CoConaG agus stocaireacht a dhéanamh ar ÚnaG agus ar na heagrais phobail le aighneachtaí a dhéanamh. Stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairleoirí Chonamara	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le heagrais phobail agus ÚnaG.	2017-18.
3.	Súil a choinneáil ar ullmhúchán Phlean Forbartha an Chontae 2021-2027.	An dréacht den phlean nua a scrúdú agus aighneachtaí a réiteach agus a sheoladh isteach chuig CoConaG Stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairleoirí Chonamara.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le heagrais phobail agus ÚnaG.	2020/21.
4.	A chur faoi ndeara do CoConaG nach leor 'fostaíocht sa gceantar' in iarratas pleanála le ceangal leis an áit a chruthú.	Leasuithe cuí a éileamh ar Phlean Ceantar Áitiúil na Gaeltachta agus stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairleoirí Chonamara.	Fochoiste Pleanála agus an OFT.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
5.	Forbairtí a dhéanann dochar don Ghaeilge mar theanga an phobail a stopadh.	Cúnamh a thabhairt do Choistí Pobail le haighneachtaí a chur chuig an Údarás Pleanála. Brú a chur ar ÚnaG achomharc a dhéanamh ar an mBord Pleanála nuair is gá.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le heagrais pobail agus le ÚnaG.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
6.	Athrú a chur ar an gcleachtas atá ag an Údarás Pleanála gan cheist a chur ná eolas a iarraidh ar an bhfoirm iarratais faoi chúlra ná cumas Gaeilge na n-iarratasóirí.	Stocaireacht a dhéanamh ar CoConaG an Fhoirm Iarratais Pleanála a leasú le go mbeadh mír faoi leith ann faoi chúlra agus cumas Gaeilge na n-iarratasóirí.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
7.	An Fhoirm Iarratais ar chead pleanála a leasú le go gcuimsítear ceist faoi chumas Gaeilge an iarratasóra.	Stocaireacht a dhéanamh ar CoConaG agus iarraidh ar ÚnaG, más gá, achomharc a dhéanamh ar an mBord Pleanála le clásál teanga a chur le forbairtí tithe aonair.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG.	Earrach 2018 agus go leanúnach.

11.9.8. An Phleanáil Fhisiúil – Bearta (RPT ‘I’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
8.	Caighdeán aitheanta i labhairt na Gaeilge a úsáid chun tástáil faoin gClásál Feidhme Teanga a dhéanamh.	Stocaireacht a dhéanamh ar CoConaG caighdeán aitheanta a leagan síos don tástáil Ghaeilge.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le CoConaG agus ÚnaG.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
9.	Deiseanna chun suíomhanna tithe a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge ón nGaeltacht agus cainteoirí gníomhacha Gaeilge ó thaobh amuigh den Ghaeltacht a scrúdú.	Stocaireacht a dhéanamh ar ÚnaG chun talamh feiliúnach a fhorbairt agus cead pleanála imlíneach a fháil, ar a bhféadfaí suíomhanna a dhíol le daoine le Gaeilge ar mhian leo bogadh isteach sa gceantar. An cheist a phlé le heagraíochtaí tithíochta.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG, CFanSp agus CST.	Fómhar 2018 agus go leanúnach ina dhiaidh sin.
10.	Tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh teach a thógáil sa gceantar.	Stocaireacht a dhéanamh a dhéanamh ar Aire Stáit na Gaeltachta feidhm a bhaint as cumhachtaí an Aire faoin reachtaíocht le cúnamh a thabhairt do chainteoirí líofa Gaeilge teach a thógáil nó a fheabhsú sa gceantar.	OFT agus Fochoiste Pleanála i gcomhar le REOGRTG.	Samhradh 2018 agus go leanúnach.
11.	Tógáil tithe aonair a éascú do mhuintir na háite	Stocaireacht a dhéanamh ar an gComhairle Chontae bealach amháin a roghnú don bhóthar nua R336 go luath.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG, CFanSp agus CST.	2017/18 agus go leanúnach.

An Phleanáil Fhisiúil - Spriocanna

1. Fochoiste Pleanála Fhisiúil de chuid CPTCF a bheith bunaithe.
2. Aighneachtaí cuimsitheacha a réiteach ar Phlean Áitiúil na Gaeltachta 2018 agus ar Phlean Forbartha an Chontae 2021.
3. ÚnaG a bheith níos gníomhaí sa gcóras pleanála.
4. Scéim phíolótach a fhorbairt faoina bhféadfaí suíomhanna tithíochta a réiteach ar thalamh feiliúnach agus cead imlíneach pleanála a fháil, le díol ar aghaidh le daoine a bhfuil Gaeilge líofa acu agus atá ag iarraidh lonnú sa nGaeltacht.
5. Cumas Gaeilge a bheith mar cheann de na ceisteanna riachtanacha ar fhoirmeacha iarratais pleanála.

An Phleanáil Fhisiúil - Monatóireacht

Ginearálta: OFT le freastal ar chruinnithe den bhFochoiste Pleanála (**Beart a 1**) agus clár oibre a chomhaontú leo. Cuirfidh an tOFT tuairisc ar fáil do CPTCF maidir le dul chun cinn an chláir oibre chuile ráithe.

Bearta 2 – 3: CPTCF le cinntiú go bhfuil aighneachtaí réitithe go tráithiúil ag an OFT agus curtha faoi bhráid CoConaG.

Bearta 6 – 11: Féach Mír a 12 'Stocaireacht i bpáirt le LPTanna eile'. Beidh dul chun cinn na stocaireachta seo le plé go leanúnach ag cruinnithe den bhFochoiste Pleanála, ar a mbeidh an tOFT ag freastal.

11.10. Eagraíochtaí Deonacha / Pobail i gCeantar Chois Fharraige

Taighde: Aiseolas agus tuairimí faighte ó ionadaithe pobail ar Fhórait Chois Fharraige um Pleanáil Teanga. Freastal ar chruinnithe poiblí agus pobail. Taighde ar Thuismitheoirí 2015 - liostáil nósmaireacht teanga na n-imeachtaí sin agus tuairimí an phobail ina leith. Suirbhé ar na hEagraíochtaí Sóisialta.

CPT: 10, 12

RPT: J

11.10.1. Ginearálta

Ó thaobh na teangeolaíochta de is féidir saol an duine a bhriseadh síos i réimsí difriúla, ar nós saol an teaghlaigh, an saol oibre, an córas oideachais (do dhaoine óga) agus an saol pobail. Is cuid lárnach de shaol na Gaeltachta go mbíonn an Ghaeilge á húsáid sa saol pobail agus poiblí, rud a thugann feidhm don teanga agus deis úsáidte dá lucht labhartha.

11.10.2. An Taighde

Ag cruinnithe FPTCF, bailíodh eolas maidir leis na heagraíochtaí sóisialta agus spóirt atá ag feidhmiú sa gceantar. I rith an tsamhraidh 2015 déanadh taighde maidir leis na campaí spraoi agus spóirt (ar nós Cúlcamp) a eagraítear i rith an tsamhraidh sa gceantar. Clúdaítear na himeachtaí sin i mír An Óige.

Baill an Fhórait a chuir liosta de na clubanna/ eagraíochtaí deonacha pobail ar fáil. 35 eagraíocht a bhí i gceist. Seoladh ceistneoir simplí chuig na heagraíochtaí. Fritheadh freagraí thar cheann 25 eagraíocht. Bhí leibhéal freagartha níos airde ó na heagraíochtaí atá ag feidhmiú sa gceann thiar den cheantar, i.e na ceantair ina bhfuil an Ghaeilge níos láidre iontu. Is ar bhonn na féintuarascála a bhí an suirbhé.

11.10.3. Na Dúshláin

1. Is pobal teanga-mheasctha é pobal Chois Fharraige le sciar den phobal nach bhfuil Gaeilge acu. Is mó de dhúshlán é seo ó cheantar an Spidéil soir.
2. Gaeilge a choinneáil mar theanga chumarsáide i gcruinnithe: bíonn daoine ar choistí ar bheagán Gaeilge.
3. Traenáilaithe / Cóitseálaithe Spóirt ag úsáid Béarla, fiú, amanta, agus Gaeilge acu féin agus Gaeilge ag na gasúir.
4. Tá Polasaithe Cosanta Teanga, agus oiliúint ina leith, in easnamh, maidir leis an gcaoi lena chur i bhfeidhm.
5. Níl aon chúrsa ann chun cóitseálaithe a ullmhú le bheith i mbun oibre trí Ghaeilge, go deonach nó ar bhonn íocaíochta, i gclubanna don óige.

6. Tá réimse na n-imeachtaí, don aoisghrúpa 18mbl go 35bl teoranta.

11.10.4. An Saol Sóisialta: Eagraíochtaí Deonacha - Bearta (RPT 'J')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Polasaí praiticiúil Gaeilge a dhearadh agus a chur i bhfeidhm i gClubanna Spóirt, agus clubanna eile.	Plé le CLG ar ardleibhéal, Cumann Peile na hÉireann, agus le hoifigigh na gclubanna spóirt.	OFT i gcomhar le hOifigigh na gClubanna, Glór na nGael.	Geimhreadh 2017 agus go leanúnach.
2.	Feasacht teanga a bheith mar chuid de thraenáil na dtraenáilaithe/cóitseálaithe.	Seisiún oiliúna a chur ar fáil, faoi stiúir duine oilte, do thraenáilaithe atá ag feidhmiú sa nGaeltacht.	OFT/OO, i gcomhar le Glór na nGael, oifigigh Gaeilge agus oifigigh eile sinsearacha sna clubanna agus ag leibhéal an chondae.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
3.	Tuilleadh Gaeilge á úsáid ag oifigigh de chuid an CLG ag leibhéal an Chontae agus iad ag plé le muintir na Gaeltachta.	Bualadh le hoifigigh ag leibhéal an chontae chun polasaí a dhréachtú agus a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm.	OFT i gcomhar le Glór na nGael, oifigigh Gaeilge sna clubanna	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Ranganna agus imeachtaí trí Ghaeilge a bheith ar fáil agus fógartha go héifeachtach d'fhoghlaimoirí mar chúnamh dóibh a bheith rannpháirteach in eagraíochtaí áitiúla.	Ciorcail chomhrá agus ranganna a chur ar fáil do fhoghlaimoirí sna clubanna. Mar atá pléite i mír 11.5 'Daoine Nua Isteach'.	OFT/OO, An Gaelacadamh, ITT.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
5.	Polasaí a bheith ag clubanna a bheith ag seoladh téacsanna fóin i nGaeilge shoiléir.	Plé le hoifigigh na gclubanna.	OFT i gcomhar le hoifigigh Ghaeilge na gclubanna.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
6.	An 'deonachas' a chur chun cinn tríd an earnáil shóisialta agus dheonach agus bearnaí sna hearnálacha sin a aithint.	Suirbhé cuimsitheach a dhéanamh ar an bpobal. Eagraíochtaí nua a bhunú / a éascú mar thoradh ar an suirbhé. Rannpháirtíocht bhreise i measc na ndaoine fásta óga a spreagadh.	OFT	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
7.	Bunachar sonraí a chur le chéile de dhaoine le scileanna a d'fhéadfadh a bheith gníomhach imeachtaí pobail ar bhonn deonach.	Suirbhé ar an bpobal agus cuireadh clárú.	OFT	Earrach 2018 agus go leanúnach.
8.	Lámhleabhar a chur i dtoll a chéile maidir le deachleachtais i riaradh cruinnithe.	Lámhleabhar a ullmhú i gcomhar le páirtithe leasmhara.	OFT i gcomhar le Glór na nGael.	Fómhar 2018.
9.	Modhanna a d'éascódh cumarsáid ag cruinnithe nuair nach mbíonn Gaeilge ar a dtoil ag chuile dhuine a fhorbairt.	Modhanna éagsúla a fhiosrú agus a thástáil.	OFT i gcomhar le hÚnaG agus Glór na nGael.	Earrach 2018 agus go leanúnach.

An Saol Sóisialta - Spriocanna

1. Go mbeadh Polasaí Cosanta Gaeilge á chur i bhfeidhm ag gach eagraíocht pobal.
2. Go mbeadh suirbhé cuimsitheach déanta ar an bpobal leis na bearnaí san éileamh san éarnáil shóisialta a aithint.
3. Bunachar sonraí de dhaoine, le sainscileanna Gaeilge acu, agus a bheadh ar fáil le hobair dheonach a dhéanamh sa bpobal.
4. Lámhleabhar a chur le chéile bunaithe ar dhea-chleachtais i riaradh cruinnithe, i gcomhthéacs teanga-mheasctha, go háirithe.

Eagraíochtaí Deonacha - Monatóireacht

An tOFT le Clár Oibre a réiteach bunaithe ar na féidearthachtaí a bhaineann leis na spriocanna thuas agus ansin é a aontú leis an CPTCF, faoi Nollaig 2017. Cuirfidh an tOFT tuairisc maidir leis an réimse oibre seo faoi bhráid CPTCF chuile thrí mhí.

11.11. Áiseanna Pobail i gCois Fharraige

Taighde: Aiseolas Ó Choiste Stiúrtha FCFPT. Aiseolas ó Choláiste Uí Chadhain maidir le Seanscoil na Mine.

CPT: 3, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12.

RPT: F (Comharchumainn agus Eagraíochtaí Pobail) agus I (Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach)

11.11.1. Ginearálta

Áiseanna agus acmhainní luachmhara pobail iad na hionaid agus na campais phobail. Is iontu a réachtáiltear ógchlubanna, coláistí Gaeilge, cruinnithe poiblí, ranganna (idir lae agus oíche), naíonraí agus an iliomad imeachtaí eile. Bíonn cuid de na háiseanna ag brath go mór ar an ioncam a ghintear as réachtáil na gcoláistí Gaeilge iontu.

Foirgnimh fhisiciúla seachas páirceanna imeartha atá faoi thrácht anseo. Glactar leis go ndéanfar athchóiriú ar Choláiste Chonnacht agus ar Choláiste Lurgan (campais phobail) i rith shaolré an phlean agus moltar go bhféachfaí le hionaid bhuana a chur ar fáil le freastail ar riachtanais óige an cheantair agus gurbh fhiú an dá champas seo a chur san áireamh chuige sin.

Seo thíos na háiseanna pobail atá sa gceantar:

- Ionad Pobail na bhForbacha
- Coláiste Chonnacht
- Coláiste Lurgan
- An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh - An Crann Taca
- Seanscoil Sailearna
- Seanscoil na Mine
- Halla na Tuláí
- Seansiopa 'Joyce', An Tulach
- Ionad Cois Cuain - Ionad Pobail Ros a' Mhíl

11.11.2. Na Dúshláin

1. Droch-chóiríocht ar chuid de na hionaid.
2. Deacrachtaí maoinithe agus bainistíochta ag cuid de na hionaid.
3. Easpa fáil ag an bpobal áitiúil ar roinnt áiseanna le linn an tsamhraidh.
4. Easpa soiléireachta faoi úinéireacht roinnt de na hionaid.

11.11.3. Áiseanna Pobail - Bearta (RPT 'F' agus 'I')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Cinntiú go bhfuil polasaí cosanta Gaeilge ag gach áis pobail.	Teimpléad polasaí a aontú atá in oiriúint do phróifíl teanga an cheantair ina bhfuil an áis suite. Cruinnithe a eagrú le coistí bainistíochta na n-áiseanna chun polasaí a shocrú agus a chur i bhfeidhm. Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bpolasaí trí chruinnithe bliantúla.	OFT i gcomhar le coistí bainistíochta na n-áiseanna pobail.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
2.	Cinntiú go bhfuil polasaí cosanta Gaeilge ag gach eagraíocht a úsáideann áiseanna pobail.	Teimpléad polasaí a aontú atá in oiriúint do phróifíl teanga an cheantair ina bhfuil an eagraíocht suite. Cruinnithe a eagrú le coistí bainistíochta na n-eagraíochtaí cuí chun polasaí a shocrú agus a chur i bhfeidhm. Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar an bpolasaí trí chruinnithe bliantúla.	OFT i gcomhar le coistí bainistíochta na n-áiseanna pobail agus oifigigh na n-eagraíochtaí cuí.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
3.	Imeachtaí a chaomhnóidh, a bhuanóidh agus a neartóidh pobal Gaeilge an cheantair, a bheith ar bun sna háiseanna pobail.	Cruinnithe rialta a eagrú le coistí bainistíochta na n-áiseanna agus na n-eagraíochtaí cuí.	OFT i gcomhar le coistí bainistíochta.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Pobal na gColáistí Samhraidh agus gach eagraíocht eile a bhaineann úsáid as na háiseanna pobail, a spreagadh le tacú leis an bPlean Teanga.	Cruinnithe rialta idir an OFT, bainistíocht na gColáistí Samhraidh agus na heagraíochtaí cuí.	OFT i gcomhar le bainistíocht na gColáistí Samhraidh agus oifigigh na n-eagraíochtaí ábhartha.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
5.	Tuarascáil a réiteach faoin obair chothabhála nó faoi na feabhsúcháin riachtanacha atá ag teastáil le go mbeidh na háiseanna pobail feiliúnach do chuspóirí an Phlean Teanga.	Anailís a dhéanamh ar staid reatha agus tacú leis na coistí bainistíochta le stocaireacht a dhéanamh chun maoiniú a fháil chun na feabhsúcháin a chur i gcrích.	OFT i gcomhar le coistí bainistíochta na n-áiseanna pobail agus le hÚnaG.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
6.	Dhá ionad a aithint mar ionaid bhuna le freastal ar riachtanais óige an cheantair. Féach 11.2.10.	Stocaireacht a dhéanamh le cóiríocht bhuan a aimsiú d'áiseanna óige.	OFT i gcomhar le hÚnaG, Óige na Gaeltachta agus clubanna óige	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

Na hÁiseanna Pobail - Spriocanna

1. Polasaithe Cosanta Teanga a bheith i bhfeidhm ag gach áis pobail agus ag gach eagraíocht atá ag feidhmiú iontu.
2. Dhá ionad bhvana a bheith ag feidhmiú le freastal ar riachtanais óige an cheantair (féach mír na hÓige).
3. Tacú le pleananna forbartha/cothabhála a bheadh á réiteach ag coistí na n-áiseanna pobail.

Áiseanna Pobail - Monatóireacht

Beart 1: Seo le tarlú comhthreomhar le Beart a 1 (Mír a 11.10 Eagraíochtaí Deonacha).

Beart 2: Baineann seo freisin le Mír na hÓige, 11.2.

Ar an iomlán, tá an tOFT le Clár Oibre a réiteach agus a aontú le CPTCF. Cuirfidh sé/sí tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre seo faoi bhráid CPTCF chuile thrí mhí. Mórthuirisc bliaintúil le cur faoi bhráid CPTCF.

11.12. Seirbhísí Eaglasta

Taighde : Aiseolas ó bhaill FCFPT, glaoch fóin le Rúnaí Dheoise Thuama.

CPT: 15

RPT: F (Eagraíochtaí Pobail)

11.12.1. An Eaglais Chaitliceach – An Stádas Reatha

Deoisí, Séipéil & Paróistí

- a. Paróiste an Chnoic: Indreabhán & An Tulach (Deoise Thuama)
- b. Paróiste an Spidéil: An Spidéal, Na Mine & Ros a' Mhíl (Deoise na Gaillimhe)
- c. Na Forbacha (leathpharóiste de Pharóiste Bhearna, Deoise na Gaillimhe)

I nGaeilge a reáchtáiltear imeachtaí rialta na séipéal, cé go n-éilítear roinnt Béarla scaití le linn searmanais teaghlaigh ar nós póstaí, baistí, sochraidí, srl. Cuirtear nuachtlitir sheachtainiúil i gcló, i nGaeilge, i bparóiste an Spidéil agus an Chnoic agus fáiltítear roimh fhógraí nó eolas pobail. I mBéarla a bhíonn nuachtlitir Pharóiste Bhearna den chuid is mó. Tá tábhacht shiombalach an-mhór ag roinnt le teanga an tséipéil ó thaobh shainitheantas an phobail mar phobal Gaeltachta agus mar gur áit é a dtagann sciar mór den phobal le chéile go rialta agus go gcloiseann daoine ar bheagán Gaeilge, nó nach bhfuil páirteach in imeachtaí pobail, an Ghaeilge in úsáid.

Bíonn dea-thoil i leith úsáid na Gaeilge in imeachtaí creidimh na bparóistí ag na sagairt phobail a tháinig go dtí an áit go dtí seo agus, go deimhin, léirigh, agus léiríonn siad, díograis agus dílseacht i leith na teanga. Ní mór polasaí cinnte a bheith i bhfeidhm ag leibhéal deoisí lena chinntiú nach dtiocfaidh aon chontúirt amach anseo ar an dea-chleachtas teanga atá seanbhunaithe i bparóistí an Spidéil agus an Chnoic. Tá brú ón mBéarla sna Forbacha de bharr gur leathpharóiste de chuid Bearna é, an líon ard daoine nach cainteoirí Gaeilge iad agus nach bhfuil sagart cúnata ar leith ina chónaí sna Forbacha anois.

11.12.2. Na Dúshláin

1. Go dtiocfadh éileamh ar theanga eile seachas an Ghaeilge in imeachtaí rialta an tséipéil.
2. Tá ganntanas sagart le Gaeilge ann.
3. Níl aon pholasáí follasach ag an Eaglais Chaitliceach i leith úsáid na Gaeilge sa nGaeltacht.

11.12.3. Seirbhísí Eaglasta / An Eaglais Chaitliceach – Na Bearta (RPT ‘F’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Polasaí teanga dearfach i leith na Gaeilge a bheith i bhfeidhm ag leibhéal na ndeoisí i gcás na bparóistí Gaeltachta.	Cruinnithe leis na sagairt agus Coistí Liotúirge. Cruinnithe le húdaráis na ndeoisí. Tacaíocht a chur ar fáil d’údaráis na ndeoisí le polasaí teanga a réiteach.	OFT i gcomhar le sagairt, Coistí Liotúirge, Easpaig na ndeoisí agus le ceanneagraíochtaí na Lptanna eile.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
2.	Tacú leis na sagairt pobail maidir le hábhar a sheoltar chucu i mBéarla amháin a chur ar fáil don phobal áitiúil i nGaeilge.	Stocaireacht a dhéanamh ar Chomhdháil na nEaspag le hábhar a sholáthar i nGaeilge (preaseisiúintí, fógraí, srl). Leagan Gaeilge de shuíomhanna idirlín na nDeoisí a éileamh. Daoine sa bpobal a aithint a chuirfeadh tacaíocht ar fáil maidir le haistriúchán agus cruinneas Gaeilge.	OFT i gcomhar leis na sagairt paróiste, na coistí liotúirge, oifigeach cumarsáide an easpaig, oifigigh cumarsáide na ndeoisí, Glór na nGael.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
3.	Feasacht i leith dhúchas agus oidhreacht na Gaeilge i gcúrsaí creidimh agus ceol eaglaise a neartú.	Leabharlann idir ábhar scríofa agus fuaime a chur le chéile do gach paróiste. Ceardlanna le sagairt, coistí Liotúirge agus córacha paróistí.	OFT i gcomhar le sagairt, coistí liotúirge agus córacha paróistí.	Samhradh 2018 agus go leanúnach.
4.	Líofacht Ghaeilge a bheith ag sagairt nua agus ábhair sagairt.	Socrúcháin foghlama teanga a eagrú d’ábhair sagairt le tréimhse a chaitheamh sa nGaeltacht. Ábhair sagairt a spreagadh le tréimhsí a chaitheamh ag cuidiú le sagairt Ghaeltachta.	OFT i gcomhar le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile, le hEaspaig, sagairt paróiste agus Comhairlí na bParóistí.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
5.	Tacú le heaglaisí eile an Ghaeilge a chur chun cinn ina gcuid searmanas.	Cruinnithe le heaglaisí nua a lonnaíonn sa gceantar. Tacaíocht a chur ar fáil maidir le húsáid na Gaeilge. Tacaíocht aistriúchán a chur ar fáil.	OFT i gcomhar leis na heaglaisí cuí.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

Seirbhísí Eaglasta - Spriocanna

1. A dheimhniú gur freastal iomlán i nGaeilge, i ngach gné de shaol spioradálta an phobail, a bheas á thabhairt ag an Eaglais Chaitliceach ag leibhéal an pharóiste.
2. Go dtabharfar aitheantas do fhéiniúlacht na Gaeltachta i seirbhísí eaglasta.
3. Polasaí Cosanta Gaeilge a bheith i bhfeidhm ag leibhéal na ndeóisí do pharóistí Gaeltachta.
4. Suíomhanna idirlín na nDeóisí Caitliceacha a bheith dátheangach agus naisc iontu chuig ábhar scríofa i nGaeilge ar nós, leabhráin aifrinn, paidreacha, iomainn, ábhar d'ócáidí ar leith (póstaí, sochraidí, srl)
5. Tacaíocht a chur ar fáil do shagairt agus do choistí liotúirge i leith ábhar i nGaeilge a sholáthar.
6. Teagmháil a dhéanamh le tacaíocht a thairiscint d'aon ghrúpaí creidimh eile a thagann chun cinn san LPT.

Seirbhísí Eaglasta - Monatóireacht

OFT le Clár Oibre a réiteach bunaithe ar na bearta agus na spriocanna. Sin a aontú le CPTCF in Earrach 2018. Cuirfidh sé/sí tuairisc maidir le dul chun cinn sa réimse oibre seo agus mórthuirisc bliantúil faoi bhráid CPTCF.

11.13. Féilte agus Imeachtaí Ócáidíúla Pobail

Taighde: Tugadh cuairt ar fhéilte ó Bhealtaine 2015 go dtí Iúil 2016. Tugadh aiseolas ag cruinnithe agus ceardlanna de chuid FPTCF.

CPT: 12

RPT: J (Seirbhísí Sóisialta agus Caitheamh Aimsire) & **K** (Staid na Gaeilge sa Limistéar)

11.13.1. Ginearálta

Eagraítear féilte áitiúla sa gceantar, cuid acu nua go maith, agus cuid eile acu seanbhunaithe. Is é nádúr féilte go bhfásann siad le coistí atá lán le fuinnimh ina mbun. Bunaítear cinn nua ó am go chéile, fanann cuid acu agus titeann cinn eile i léig. Tá ról acu i dtarraingt le chéile an phobail agus le féiniúlacht an phobail a léiriú dóibh féin agus don saol mór. Bíonn brú ar úsáid na Gaeilge i bhféilte, mar atá i chuile réimse eile de shaol Chois Fharraige, ón mBéarla. Níl láithreach na Gaeilge chomh láidir sin i gcuid de na féilte nuabhunaithe. Sa Spidéal atá go leor de na féilte lárnaíthe.

Tá béim ar thacaíocht a chur ar fáil do choistí le féilte a eagrú, le foinsí maoinithe a aimsiú, le poiblíocht i nGaeilge, nó go dátheangach, a eagrú agus le háit na Gaeilge sna féilte a neartú, sa bplean seo.

Tá béim chomh maith ar na féidearthachtaí a bhaineann le roinnt ócáidí agus féilte eile a eagrú sa gceantar, a chabhróidh le Cois Fharraige a chur chun cinn faoi bhranda an 'Cósta Ghaelach'.⁵⁵ Tá áiseanna réasúnta maith sa gceantar le féilte agus ócáidí poiblí a eagrú idir Amharclann Chois Fharraige, Coláiste Chonnacht, Hallaí Pobail eile, tithe ósta agus dhá óstán. An fhadhb is mó le féilte a eagrú ná coistí eagraithe éifeachtacha a chur le chéile agus foinsí maoinithe a aimsiú. Faoin bplean seo bheadh duine den triúr a fhóstar san OFT ar fáil le tacú le haon choiste a bheadh ag eagrú féile le seirbhísí oifige/áirithintí/poiblíochta a chur ar fáil, le seirbhísí aistriúcháin a sholáthar, an fhad is go mbeadh áit lárnaíoch poiblí ag an nGaeilge sa bhféile.

Figiúr 14. Na Féilte Pobail san LPT – 2016.

Féile	Áit	Téama	Tráth den bhliain
Féile na gCurrachaí	An Spidéal	Rásaíocht báid thraidisiúnta	Meitheamh
Éigse An Spidéil	An Spidéal	Féile Chultúrtha agus Ealaín Ghaeltachta	Márta
Spiddal Gathering / Tionól an Spidéil	An Spidéal x 2	Ceol traidisiúnta thar dheireadh seachtaine	Feabhra Samhna
Seachtain Ceoil Chois Fharraige / Spiddal Irish Music Week	An Spidéal	Ceardlanna agus seisiúin cheoil	Lúnasa
An Traidphicnic	An Spidéal	Ceol	Iúil
Oscars An Spidéil	An Spidéal	Faisean. Bailiú airgid ar son carthanachta	Márta

⁵⁵ Féach Mír 11.15 – An Turasóireacht.

Féile			Áit	Téama	Tráth den bhliain
Taispeántas Fharrage	Chois		An Spidéal	Taispeántas táirgí / ainmhithe na tuaithe	Meán Fómhair
Oireachtas Fharrage	Chois		Indreabhán	Cultúr Gaeltachta	Ócáidíúil
Féile Chóilín Chliseam			An Tulach	Amhránaíocht/Damhsa ar an Sean-nós go príomha	Samhain
Patrún Cholm Cille			An Tulach	Tobar Beannaithe	9 Meitheamh
Iomáin Cholmcille			Indreabhán	Cluichí Camanachd Alba le foirne as Albain	Gach dara bliain
Féile Scannán			Indreabhán	Scannáin ó thíortha éagsúla a thaispeáint	Mar chuid de chomóradh 1916
Geallta a'Mhíl	Báid	Ros	Ros a'Mhíl	Rásaíocht báid thraidisiúnta.	Meán Fómhair

11.13.2. Na Dúshláin

1. Athnuachan a dhéanamh ar choistí.
2. Maoiniú rialta a dheimhniú.
3. Níl an Ghaeilge láidir sna féilte nuabhunaithe sa Spidéal.
4. Bíonn brú ón mBéarla ar roinnt féilte.

11.13.3. Féilte – Bearta (RPT 'F')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Lárnacht na Gaeilge a dheimhniú i bhféilte. Gaeilge a bheith le feiceáil agus le cloisteáil.	Feasacht a chothú i measc lucht eagrúcháin faoi ról na Gaeilge. Tacaíocht a thairiscint do fhéilte ar mhian leo cur le hionad na Gaeilge. Bileog eolais a ullmhú do rannpháirtithe faoi úsáid na Gaeilge.	OFT i gcomhar le coistí eagraithe agus ÚnaG.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
2.	Polasaí Gaeilge a bheith ag gach féile.	Tacaíocht a thairiscint le polasaí Gaeilge a dhréachtadh. Coinníollacha teanga a bheith ag baint le haon deontas stáit do fhéilte.	OFT i gcomhar le coistí eagraithe agus ÚnaG/REOGRTG.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
3.	'Traidphicnic' a fhorbairt mar fhéile mhór ceoil Ghaelaigh.	Tacaíocht a chur ar fáil do choiste 'Traidphicnic'.	OFT i gcomhar le Coiste Eagraithe 'Traidphicnic'.	2017 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.
4.	Féile Mhór Bhliantúil a dhéanamh d'Oireachtas Chois Fharraige.	Tacú le coiste eagraithe Oireachtas Chois Fharraige foinsí maoinithe a aimsiú agus tacaíocht riaracháin agus poiblíochta a thairiscint.	OFT i comhar le Coiste Eagraithe Oireachtas Chois Fharraige agus Ealaíon na Gaeltachta.	Earrach 2017 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.
5.	Féile Mhór Chultúrtha a eagrú i gCois Fharraige mar chuid de Gaillimh 2020, a mbeadh rannpháirtíocht ag ionadaithe ó Ghaeltachtaí eile agus ó phobail teanga eile inti.	Coiste Eagraithe a cur le chéile agus foinsí maoinithe a aimsiú.	OFT i comhar le ÚnaG, CoCo na Gaillimhe, Gaillimh 2020 agus eagraíochtaí ealaíne agus coistí pobail sa gceantar.	Coiste a chur le chéile Fómhar 2018 agus an fhéile a reáchtáil Bealtaine/M eitheamh 2020.
6.	Féachaint le Comórtas Peile na Gaeltachta a mhealladh go Cois Fharraige le linn thréimhse an phlean teanga.	Labhairt le CLG an Spidéil agus Mhichíl Breathnach faoi iarratas a dhéanamh.	OFT i gcomhar le clubanna CLG.	Samhradh 2017 agus go leanúnach.
7.	Scoil bhliantúil a eagrú i gcuimhne ar Mháirtín Ó Cadhain.	Labhairt le hlontaobhas Uí Chadhain agus coiste eagraithe a chur le chéile.	OFT i gcomhar le hlontaobhas Uí Chadhain, Ealaín na Gaeltachta agus An Gaelacadamh.	Fómhar 2018 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.
8.	Féile Bhliantúil Scannán a eagrú i gCois Fharraige.	Labhairt le Club Scannán Sailearna agus foinsí maoinithe a chuartú.	OFT i gcomhar le Club Scannán Sailearna, Ealaín na Gaeltachta, <i>Access Cinema</i> , TG4 agus <i>Galway City of Film</i> .	Fómhar 2017 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.
9.	Scoil bhliantúil i nGaeilge sna healaíona Gaeltachta do dhaoine óga a eagrú i gCois Fharraige.	Clár a chuimseodh na healaíona dúchasacha idir chaint, cheol agus dhamhsa a chur i dtoll a chéile. Foinsí maoinithe a aimsiú.	OFT i gcomhar leis an nGaelacadamh, Ealaíon na Gaeltachta, Oireachtas na Gaeilge agus CST.	Earrach 2018 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

Féilte - Spriocanna

1. Ionad na Gaeilge a dhearbhu agus a láidriú sna féilte.
2. Tacaíocht a thabhairt do na féilte.
3. Foinsí maoinithe a aimsiú do fhéilte.

Féilte - Monatóireacht

OFT le Clár Oibre a réiteach bunaithe ar na féidearthachtaí a bhaineann leis na bearta agus spriocanna agus sin a aontú le CPTCF. Cuirfidh sé/sí tuairisc maidir le dul chun cinn ar aghaidh chuile thrí mhí agus ansin mórthuirisc bliaintúil, in am tráth, faoi bhráid CPTCF.

11.14. Na Seirbhísí Poiblí

Taighde: Beartha a bailíodh i scríbhinn ó na tuismitheoirí (Aguisín 6) agus tuairimí a nochtadh ag cruinnithe agus ag fócasghrúpaí.

CPT: 18

RPT: H (Seirbhísí Poiblí)

11.14.1. Ginearálta

Tá sé mar chuid d'fhís phobail Chois Fharraige (Mír a 6) “Go mbeidh Cois Fharraige mar áit ar féidir an saol a chaitheamh tré Ghaeilge”.

Bíonn plé ag an bpobal le hoifigigh agus seirbhísí stáit go minic. Bíonn plé ag gach saoránach le Ranna Stáit ar nós na Ranna Oideachais, Cánach, Coimirce Sóisialaí agus Talmhaíochta, Bia agus Mara. Bíonn idirghníomhaíocht ag an bpobal le brainsí eile den státchóras, chomh maith, ar nós an FSS (HSE), An Post, HIQA, CoConaG agus araile.

De bharr thaithí na mblianta gan seirbhís shásúil a fháil trí Ghaeilge, tá go leor den phobal anois cleachtaithe ar an mBéarla a úsáid agus iad ag plé leis an státchóras. Laghdaíonn sé sin feidhm agus stádas na Gaeilge. Cothaíonn úsáid an Bhéarla, sa gcomhthéacs pleanála teanga, bac chun saol a chaitheamh trí Ghaeilge sa nGaeltacht mar atá thuasluaite sa bhFís.

Thug Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus Acht na Gaeltachta 2012 aghaidh ar an bhfadhb seo. Cuireadh dualgas ar na heagraíochtaí stáit Scéimeanna Teanga a dhréachtadh agus a aontú le hOifig an Choimisinéara Teanga chun go mbeadh seirbhís i nGaeilge á cur ar fáil do mhuintir na Gaeilge agus na Gaeltachta.

Cuireann an earnáil stáit cuid mhaith seirbhísí riachtanacha ar fáil don phobal a chónaíonn i gceantar Chois Fharraige agus, dá réir, is mór an teagmháil díreach agus neamhdhíreach a bhíonn ag forais an stáit leis an bpobal sin. Bíonn tionchar ag réimse feidhme seirbhísí an stáit ar nach mór gach aoisghrúpa sa bpobal agus dá bharr tá tábhacht faoi leith le go ndéanfaí cúram den Ghaeilge agus na seirbhísí seo á soláthar i bpobail a bhfuil plean nó scéim teanga á fheidmiú acu faoi Acht na Gaeltachta 2012.

Níl aon dualgas de réir dlí a fhágann gur gá d'eagraíochtaí stáit trí chéile seirbhísí a sholáthar i rogha theanga oifigiúil an tsaoránaigh sna ceantair Ghaeltachta. Tá gealltanais tugtha ag roinnt eagraíochtaí stáit ina gcuid scéimeanna teanga, atá ullmhaithe faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, maidir le soláthar seirbhísí áirithe trí Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta. Ach fós féin, níl scéim teanga i bhfeidhm do gach eagraíocht stáit a bhíonn ag cur seirbhísí ar fáil sa nGaeltacht. De bhreis ar an méid sin, feictear go mbíonn éagsúlacht mhór idir na gealltanais a thugann eagraíochtaí stáit aonarach a thar a chéile maidir le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge sna ceantair Ghaeltachta.

Fágann an cur chuige scaoilte seo gur beag muiníne a bhíonn ag na pobail Ghaeltachta go mbeidh seirbhís shásúil trí Ghaeilge ar fáil dóibh mar cheart ón státchóras. De bharr an easpa seirbhíse seo, tá sé de nós ag na pobail Ghaeltachta Béarla a úsáid agus iad ag plé leis an státchóras, go minic. Nuair is léir don phobal nach bhfuil ar chumas an stáit a gcuid seirbhísí a chur a fáil dóibh i nGaeilge, baintear ó thábhacht, stádas agus feidhm na Gaeilge.

11.14.2. Na Seirbhísí Poiblí agus an Phleanáil Teanga

Aithníonn Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga a thábhachtaí is atá sé go gcuirfeadh an státchóras a cuid seirbhísí ar fáil do na pobail Ghaeltachta go réamhghníomhach trí Ghaeilge mar cheart. Aithníonn sí freisin gur chóir go mbeadh na socrúithe seo daingnithe sa dlí ar bhealach a d'fhágfadh go dtuigfeadh na pobail Ghaeltachta go bhfuil seirbhísí ar fáil dóibh mar cheart agus nach gcaithfear iad a éileamh ina gceann agus ina gceann agus ó lá go lá.

Tá cúram faoi leith le déanamh de na seirbhísí idirphearsanta a bhíonn á gcur ar fáil ag gníomhairí an Stáit sna pobail éagsúla. Áirítear leis seo seirbhísí ar nós altraí áitiúla, cúramóirí baile, seirbhís seachadta poist agus oifigí poist, seirbhísí taistil, an Garda Síochána, seirbhísí na Comhairle Contae, agus múinteoirí, i measc cinn eile. Trína chinntiú gur féidir na seirbhísí riachtanacha seo a sholáthar trí Ghaeilge i limistéir pleanála teanga, cinnteoidh an stát go bhfuil cúram á dhéanamh do thábhacht agus stádas na Gaeilge sna pobail sin.

Is ábhar é seo ar chóir déileáil léi i bhfoirm reachtaíochta chun cosaint agus soiléireacht a thabhairt i dtaobh soláthar seirbhísí poiblí sna ceantair Ghaeltachta ar fad.

11.14.3. Reachtaíocht Teanga

Is i mBunrecht na hÉireann a bhronntar an stádas mar theanga náisiúnta agus an chéad theanga oifigiúil ar an nGaeilge. Cé go mbronnann an stádas seo cearta ar shaoránaigh a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leis an Stát is trí na cúirteanna amháin is féidir na cearta sin a bhaint amach.

Thar na blianta, bhí forálacha i reachtaíocht éagsúla a rinne cúram d'úsáid na Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. San áireamh anseo bhí reachtaíocht a bhain le cúrsaí oideachais, iompair, pleanála agus craolacháin. Ar theacht i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 cuireadh bunús reachtúil le seirbhís stáit a bheith ar fáil trí Ghaeilge agus bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga, atá lonnaithe i gceantar feidhme an LPT.

Tá cuid mhaith de na seirbhísí idirphearsanta atá luaite thuas mar thosaíocht ag an bhFóram ag brath ar scéim teanga a bheith daingnithe ag an Aire Gaeltachta leis an eagraíocht stáit a bhíonn ag soláthar na seirbhíse. Ón anailís atá déanta ar na scéimeanna teanga is ábhartha, tá sé le feiceáil go bhfuil éagsúlacht mhór ag baint leis an gcaighdeán seirbhíse atá geallta. Ní foláir sruthlíniú a dhéanamh ar an gcur chuige seo agus riachtanais a leagan síos le go mbeadh Gaeilge líofa ag oifigh stáit a bhíonn ag cur seirbhísí ar fáil sna ceantair Ghaeltachta agus an Ghaeilge aitheanta mar theanga réamhshocráithe na seirbhíse. Ar an gcaoi chéanna, ba chóir go mbeadh Gaeilge líofa ag oibríthe stáit atá lonnaithe in ionaid atá suite sa nGaeltacht.

11.14.4. Na Dúshláin

1. Cothaíonn an easpa seirbhíse trí Ghaeilge íslíú i stádas na teanga.
2. Easpa béime an státchórais ar fheidhmeannaigh dhátheangacha a earcú.
3. Seantaithí phobal na Gaeltachta ar Bhéarla a úsáid leis an státchóras.
4. Deacracht atá ag cainteoirí dúchais an béarlagar oifigiúil i nGaeilge a thuiscint.
5. Níl córas na Scéimeanna Teanga ag feidhmiú.

11.14.5. An Stáitchóras & Seirbhísí Poiblí – Bearta (RPT ‘H’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	An staid reatha maidir le seirbhís phoiblí trí Ghaeilge, agus na bearnaí sa soláthar, a aithint.	Eolas a bhailiú ó Oifig an Choimisinéara Teanga. Gearáin a dhéanamh leis na comhlachtaí poiblí agus tacaíocht Oifig an Choimisinéara Teanga a lorg nuair is gá.	OFT, i gcomhar le Conradh na Gaeilge, ÚnaG, le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile agus le cabhair ó Oifig an Choimisinéara Teanga.	Geimhreadh 2017/18 agus go leanúnach.
2.	Chuile sheirbhís phoiblí/stáit a bheith á cur ar fáil go sásúil trí mheán na Gaeilge, le Gaeilge mar theanga réamhshocrúithe, i gCois Fharraige.	Stocaireacht chun seirbhís i nGaeilge a éileamh ar na seirbhísí poiblí ar fad.	OFT, i gcomhar le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile. Stocaireacht ar na hEagrais stáit.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
3.	An pobal a ghríosadh chun ‘Seirbhís i nGaeilge’ a lorg ón FSS (Dochtúirí, Altraí, Fiaclóirí, Cúramóirí Baile agus araile), ó na Gardaí, srl.	Feachtas eolais agus poiblíochta a eagrú ar bhonn uileGhaeltachta.	OFT i gcomhar le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Lárionad Aistriúcháin a bheith ar fáil mar sheirbhís agus na heagrais stáit a chur ar an eolas faoi.	Staid reatha a aimsiú agus ansin stocaireacht ar mhaoinitheoirí stáit agus lucht aistriúcháin atá ann cheana féin.	OFT, ÚnaG agus eagrais cuí stáit.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

An Stáitchóras & Seirbhísí Poiblí - Spriocanna

1. Seirbhís trí Ghaeilge a bheith ar fáil don phobal go héasca ón stáitchóras.
2. Struchtúr comhghuallaíochta a bhunú le LPTanna eile chun seirbhísí trí Ghaeilge ón stáitchóras a dheimhniú.
3. Ardú suntasach a bheith ar éilimh an phobail ar sheirbhísí trí Ghaeilge ón stáitchóras.
4. Lárionad Aistriúcháin a bheith curtha ar fáil.

An Stáitchóras & Seirbhísí Poiblí - Monatóireacht

Féach ‘Stocaireacht’ (Mír 12) mar a bhfuil cur síos ar an gcomhoibriú a bheas i gceist le LPTanna eile go háirithe ó thaobh na Seirbhíse Poiblí de.

An tOFT le córas comhoibrithe a bhunú i bpáirt le hionadaithe ó na LPTanna eile. Clár Oibre a réiteach agus, ansin, a aontú le CPTCF. Cuirfidh sé/sí tuairisc maidir le dul chun cinn ar aghaidh chuile thrí agus ansin, in am tráth, mórthuirisc bhliantúil faoi bhráid CPTCF.

11.15. An Turasóireacht

Taighde: Tuarascáil Measmedia (Aguisín 11) agus tuairimí agus Bearta a déanadh ag cruinnithe agus fócasghrúpaí, agus i bhfreagraí na dtuismitheoirí i suirbhé na dteaghlach, 2015.

CPT: 12, 14

RPT: E (An Earnáil Ghnó) & K. Staid na Gaeilge sa limistéar – dearcadh, cumas agus nósmaireacht an phobail ina leith.


11.15.1. Ginearálta

Chuir Gaillimh le Gaeilge luach €77 milliún ar an nGaeilge i 2009.⁵⁶ Sa taighde reatha, 2015, is fiú circa €20 milliún na Coláistí Samhraidh Gaeilge go bliantúil do Ghaeltacht na Gaillimhe.

Is ceantar mór turasóireachta é ceantar Chois Fharraige agus bíonn tionchar nach beag aige sin ar nósanna úsáide teanga sa gceantar. Is féidir leis an turasóireacht cur le, nó baint ó úsáid na Gaeilge sa bpobal.

Is beag aitheantais a thugann margaiócht na turasóireachta don Ghaeilge ná don Ghaeltacht⁵⁷ faoi láthair. Cé go bhfuil tagairt don Ghaeltacht in ábhar poiblíochta dírithe ar thurasóirí, ní úsáidtear na leaganacha dúchasacha de logainmneacha ar léarscáileanna.

Figiúr 15. Léarscáil de chuid Fáilte Ireland



Nasc samplach ó failteireland.ie

Is gá aitheantas a thabhairt don Ghaeltacht mar 'áit éagsúil', a bhfuil féiniúlacht dá cuid féin aici. Cuireann logainmneacha dúchasacha go láidir leis an bhféiniúlacht, ach oiread le comharthaíocht i nGaeilge.

Is cuid de 'Bealach an Atlantaigh Fhiáin' í Gaeltacht Chonamara. Sé fhorannóg atá sa m'Bealach' seo. Sa 'Bay Coast' atá Gaeltacht Chonamara. B'fhiú aitheantas a fháil do Chonamara Theas mar 'An Cóstá Gaelach'. Leis an mbrandáil seo, bheadh buntáiste ag baint le margaiócht a dhéanamh ar an nGaeltacht mar áit uathúil le breisluach turasóireachta agus neart deiseanna fostaíochta do dhaoine a bhfuil Gaeilge acu.

⁵⁶ Buntáistí Geilleagracha na Gaeilge a fheictear i gCathair na Gaillimhe agus i nGaeltacht na Gaillimhe.

⁵⁷ www.wildatlanticway.com/stories/culture-arts-and-music/irish-language.

11.15.2. Na Dúshláin

1. Ní leor an t-aitheantas a thugtar don Ghaeltacht i margaíocht Fháilte Ireland.
2. Níltear ag teacht i dtír ar na deiseanna turasóireachta a thugann na Coláistí Samhraidh.
3. Easpa feasachta ar ghnólachtaí miondíola agus ar fhóirne seirbhíse turasóireachta go bhfuil éileamh ag cuairteoirí ar sheirbhísí trí Ghaeilge.
4. Is beag deis a bhíonn ag cuairteoirí blaiseadh de na healaíona Gaeltachta.

11.15.3. An Turasóireacht – Bearta (RPT 'E')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Brandáil na Gaeltachta mar cheann scríbe sainiúil turasóireachta a bhaint amach.	Cruinnithe a eagrú le húinéirí gnóthaí turasóireachta, le hÚnaG agus le Fáilte Ireland.	OFT i gcomhar le ÚnaG agus Fáilte Ireland.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
2.	Cois Fharrage a ainmniú mar an 'Cósta Gaelach' ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin.	Cruinnithe a eagrú le ÚnaG agus Fáilte Ireland	OFT i gcomhar le ÚnaG agus Fáilte Ireland	Fómhar 2017.
3.	An bhreisluach a bhaineann leis an nGaeilge a léiriú do bhainisteoirí ghnólachtaí atá ag feidhmiú san earnáil seo.	Eolas agus sonraí a bhailiú. Seimineár a eagrú.	OFT i gcomhar le Gaillimh le Gaeilge, Lucht Gnó san LPT agus le hÚnaG.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
4.	An Ghaeilge mar theanga réamhshocraithe a neartú san earnáil mhiondíola / seirbhíse.	Cuairteanna ar ghnólachtaí. Seisiúin oiliúna d'oibríthe san earnáil.	OFT i gcomhar le hÚnaG.	2018 agus go leanúnach.
5.	Siamsaíocht, bunaithe ar na hEalaíona Gaeltachta, a chur ar fáil do theaghlaigh na scoláirí samhraidh, go háirithe.	Teagmháil le lucht siamsaíochta agus bainistíocht na gColáistí Samhraidh. Dhá oíche shiamsaíochta a eagrú mar thús.	OFT i gcomhar leis an nGaelacadamh, Seanscoil Sailearna agus le bainistíocht na gColáistí Samhraidh.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
6.	Bunachar sonraí de iarscoláirí Choláistí Samhraidh a chur le chéile mar sprioc mhargadh turasóireachta.	Teagmháil le lucht bainistíochta na gColáistí agus clár deireadh seachtaine d'iarscoláirí a eagrú.	OFT i gcomhar le Bainistíocht na gColáistí Samhraidh, Fáilte Ireland agus Oifig an Choimisinéara Sonraí.	Fómhar 2018 agus go leanúnach.

An Turasóireacht - Spriocanna

1. Aitheantas do Chois Fharraigne mar cheann scríbe sainiúil Gaelach.
2. 'An Cósta Gaelach' a bheith mar chuid de Bhealach an Atlantaigh Fhiáin.
3. Leas breise a bhaint as na Coláistí Gaeilge le turasóireacht teanga-bhunaithe a chothú i measc daoine fásta. 2
4. Ócáidí siamsaíochta do thuismitheoirí scoláirí na gColáistí Gaeilge a eagrú.
5. Gaeilge mar uirlis mhargaíochta agus bhreisluacha a bheith aitheanta ag gnólachtaí.

An Turasóireacht - Monatóireacht

An tOFT le córas comhoibríthe a bhunú i bpáirt le ionadaithe ó na LPTanna eile i nGaeltacht Chonamara agus Árann le cumarsáid éifeachtach a éascú le Fáilte Éireann (Rannóg an Iarthair). An tOFT le clár oibre a réiteach agus a aontú le CPTCF. Cuirfidh an OFT tuairisc maidir le dul chun cinn ar aghaidh chuile thrí mhí agus, in am tráth, mórthuirisc bhliantúil faoi bhráid CPTCF.

11.16. Na hEalaíona

Taighde:

Aiseolas agus tuairimí faighte ó ionadaithe pobail ar Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga agus ó chruinniú poiblí ar an 28 Samhain, 2016.

Aighneacht ó Fíbín Teo agus ón nGaelacadamh.

Tagairtí do na hEalaíona agus a dtábhacht i dtuairimí scríofa Thaighde na dTuismitheoirí freisin.

Éire Ildánach – Creatbheartas Cultúr 2025.

CPT: 12

RPT: J (Caithimh Aimsire)

11.16.1. Ginearálta

Ceantar é Cois Fharraige ina bhfuil cleachtadh na n-ealaíon dúchasach láidir. Tá dhá chumann drámaíochta amaitéaracha sa gceantar – Aisteoirí an Spidéil agus Cumann Drámaíochta Chois Fharraige - a chuireann léirithe ar ardchaighdeán ar an stáitse. Chomh maith leis sin, tá an comhlacht gairmiúil drámaíochta Fíbín lonnaithe sa gceantar agus forbairtí á mbeartú in ionad nua i gceantar na Tulaí.

Tá áiseanna amharclannaíochta ar fáil in Amharclann Chois Fharraige, atá lonnaithe i Seanscoil Sailearna, agus faoi bhainistíocht CST. Úsáidtear Amharclann Chois Fharraige le drámaí a chur ar stáitse go rialta agus le scannáin a thaispeáint. Cuireann CST Amharclann Chois Fharraige ar fáil d’eagrais eile ar cíós le himeachtaí a chur ar bun do ghrúpaí éagsúla ealaíne agus cultúrtha. Le dhá bhliain anuas is ann a bhí an Fhéile Náisiúnta Drámaíochta agus go hiondúil is ann a bhíonn Féile Drámaíochta na Scoileanna do Chontae na Gaillimhe agus do Chúige Chonnacht go bliantúil. Bhí Féile Scannán na Réabhlóide, eagraithe ag Club Scannán Sailearna, ar bun in Amharclann Chois Fharraige chomh maith. Tá traidisiún drámaíochta a théann siar céad bliain ar a laghad i gceantar an Spidéil agus tá áit lárnach ag Halla Choláiste Chonnacht sa stair sin ó thaobh ionad cleachtaidh agus stáitsithe.

D’éirigh leis an gComórtas Scoraíochta idir bailte fearainn a d’eagraigh Cumann Forbartha Chois Fharraige sciar leathan den phobal a thabhairt le chéile - daoine nua isteach, daoine ar bheagán Gaeilge agus daoine óga ina measc – le seónna a chur ar stáitse.

Cuid eile den saol cultúrtha is ea Éigse an Spidéil, féile ealaíne cúig lá a riarann An Gaelacadamh i gcomhar le coiste deonach gach Márta.

Tugann Cór Chois Fharraige deis do dhaoine páirt a ghlacadh i saol cultúrtha an cheantair.

Eagraíonn Club Scannán Sailearna, i gcomhar le hAccess Cinema, dhá shéasúr scannán domhanda i dteangacha éagsúla gach bliain agus taispeántar na scannáin ar scáileán mór in Amharclann Chois Fharraige.

Tá roinnt mhaith ealaíontóirí aonaracha ina gcónaí sa gceantar, cuid mhaith acu a bhfuil Gaeilge ar a dtoil acu.

11.16.2. Tábhacht na nEalaíon sa bPlean Teanga

Is cuid den phlean teanga cleachtadh na n-ealaíon, idir ealaíona béil, físealaíona, dearcealaíona agus scríbhneoireacht a neartú sa gceantar agus forbairt a dhéanamh ar Ealaín an Phobail le béim ar pháirtíocht sna healaíona ar na cúiseanna seo a leanas:

1. Láidreodh sé féiniúlacht an cheantair mar réigiún uathúil Gaelach.
2. Thacódh sé leis an mbranda ‘An Cósta Gaelach’ a fhorbairt agus le deiseanna a chur ar fáil do chuirteoirí agus do thurasóirí cultúr dúchasach an cheantair a bhlaiseadh.
3. Is bealach iad na healaíona le dul i bhfeidhm ar dhaoine nua isteach sa gceantar atá ar bheagán Gaeilge agus le feasacht teanga a threisiú.
4. Chuirfeadh sé le héagsúlacht agus raon na n-ábhar spéise do phobal an cheantair.
5. D'fhéadfaí úsáid na Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachais i measc daoine óga a spreagadh agus a neartú trí úsáid na n-ealaíon, an drámaíocht go háirithe.
6. Cuireann na healaíona le heacnamaíocht na háite trí dheiseanna fostaíochta a chur ar fáil trí Ghaeilge do ealaíontóirí agus lucht cruthaíochta sa gceantar, go háirithe in earnáil na drámaíochta agus na teilifíse.

11.16.3. Na Dúshláin

1. Is minic nach mbíonn dóthain Gaeilge ag ealaíontóirí a lonnóinn i gCois Fharraige le go bhféadfaidís páirt ghníomhach a ghlacadh in imeachtaí an phobail trí Ghaeilge.
2. Bíonn ealaíontóirí sa nGaeltacht ag obair go haonarach go minic agus gan dóthain tacaíochta ná eolas acu faoi na deiseanna atá ar fáil.
3. De bharr easpa maoinithe do na healaíona, ní bhíonn ioncam leanúnach ag ealaíontóirí sa gceantar de ghnáth.
4. Níl aon Ionad sainiúil Ealaíona/Cultúrtha sa gceantar.
5. Is beag deis a bhíonn ag turasóirí nó cuairteoirí blaiseadh a fháil de ealaín dúchasach an cheantair.

11.16.4. Na hEalaíona – Bearta ('RPT F')

	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Níos mó daoine a mhealladh le bheith rannpháirteach sna healaíona trí mheán na Gaeilge.	'Comórtas Scoraíochta idir Bailte' a fhorbairt le go mbeadh sé oscailte do cheantar Chois Fharraige ar fad	OFT i gcomhar le Grúpaí Pobail agus ÚnaG.	Earrach 2018 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.
2.	Na healaíona a úsáid sa bhfeachtas feasachta teanga.	Coimisiúnú a dhéanamh ar mhúrpheictiúir, agus ar phóstaeir mhóra fheiceálacha a dhearadh, a spreagfadh ceisteanna móra ar bhealach ealaíonta.	OFT i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus ealaíontóirí áitiúla.	Samhradh 2018 agus go leanúnach.
3.	An drámaíocht i measc aos óg an cheantair a fhorbairt.	Tacú le breis ceardlanna drámaíochta don óige a chur ar fáil. Ceardlanna drámaíochta sna scoileanna a fhorbairt. Amharclann don Óige ar mhúnla GYT sa gcathair a bhunú.	OFT i gcomhar le Fíabín, Aisteoirí an Spidéil, An Taibhdhearc agus na scoileanna.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.
4.	Eolas a bhailiú faoi dhaoine sa gceantar a d'fhéadfadh ranganna nó ceardlanna sna healaíona a chur ar fáil trí Ghaeilge, na dearc-ealaíona san áireamh.	Liosta a chur le chéile d'ealaíontóirí sa gceantar a bhfuil cumas na Gaeilge acu, agus é a scaipeadh ar scoileanna agus eagrais eile sa gceantar, clubanna óige san áireamh.	OFT i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta.	Geimhreadh 2017/18 agus a uasdátú go rialta agus go leanúnach.
5.	Seanscoil Sailearna a fhorbairt mar Ionad Cultúrtha agus níos mó imeachtaí a bheith ar bun ann ar bhonn rialta.	Go dtabharfadh an OFT tacaíocht do CST imeachtaí trí Ghaeilge a mhealladh le húsáid a bhaint as an Seanscoil. Stocaireacht a dhéanamh ar an gComhairle Ealaíona le haitheantas a fháil do Sheanscoil Sailearna mar Ionad Ealaíne ar aon dul le hionaid eile ar fud na tíre.	OFT i gcomhar le CST, ÚnaG, An Chomhairle Ealaíona, agus le hEalaín na Gaeltachta.	Fómhar 2018.
6.	Áiseanna drámaíochta a fheabhsú sa Spidéal.	Stocaireacht a dhéanamh chuige seo in aon athchóiriú a dhéanfar ar champas Choláiste Chonnacht.	OFT i gcomhar le Coláiste Chonnacht, An Gaelacadamh agus ÚnaG.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
7.	Féile Chultúrtha ar nós Oireachtas Chois Fharraige a eagrú go bliantúil.	Coiste a bhunú le féile a eagrú agus maoiniú a aimsiú.	OFT i gcomhar le CST, CFanSp, Oireachtas na Gaeilge agus an Gaelacadamh.	Samhradh 2018 agus go leanúnach.

11.16.4. Na hEalaíona – Bearta ('RPT F')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
8.	Páirt lárnach a bheith ag Cois Fharraige i 'Gaillimh 2020'.	Coiste a bhunú le smaointí a fhorbairt agus le teagmháil a dhéanamh le háit lárnach a bhaint amach do Ghaeltacht Chois Fharraige i 'Gaillimh 2020'.	OFT i gcomhar le hÚnaG, le hEalaín na Gaeltachta, An Gaelacadamh, Fíbín agus eagraíochtaí eile.	Fómhar 2017 go 2020.
9.	Féidearthachtaí a bhaineann leis an gCreatbheartas Cultúr 2025 ⁵⁸ a iniúchadh.	Coiste Gaeltachta a bhunú chun plé le togra an Chreatbheartais Cultúr 2025. Tuairisc le réiteach	OFT i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus An Gaelacadamh.	Geimhreadh 2017/18 agus go leanúnach.
10.	Léitheoireacht ar litríocht na Gaeilge a spreagadh agus a chothú i measc daoine óga agus daoine fásta.	Club léitheoireachta a bhunú do dhaoine óga agus do dhaoine fásta ar an Spidéal.	OFT i gcomhar le Leabharlann an Spidéil.	Geimhreadh 2017/18 agus go leanúnach.
11.	Naisc a chothú agus a fhorbairt le grúpaí cultúrtha agus le healaíontóirí atá ag saothrú i dtíortha eile.	Cuairteanna a eagrú le grúpaí ó thíortha eile chun páirt a ghlacadh i bhféilte i gCois Fharraige agus go n-eagrófaí malartú le tíortha eile.	OFT i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta, ealaíontóirí áitiúla agus eagrais pobail.	2018 agus go leanúnach.
12.	Ranganna sna healaíona traidisiúnta trí Ghaeilge, idir amhránaíocht, ceol agus damhsa, a neartú.	Tacú le ranganna sna healaíona traidisiúnta a eagrú trí Ghaeilge go hiomlán.	OFT i gcomhar leis an nGaelacadamh agus teagascóirí eile.	2017 agus go leanúnach.
13.	Daoine óga a spreagadh chun iad féin a chur in iúl le ceol comhaimseartha trí Ghaeilge.	Grúpaí ceoil a eagrú le cur isteach ar chomórtais, ar nós 'Scléip' ⁵⁹ , ina mbíonn béim ar cheol comhaimseartha agus tacaíocht phroifisiúnta a chur ar fáil do na grúpaí.	OÓg i gcomhar leis na hógchlubanna, Gael Linn agus na hiarbhun-scoileanna.	2018 agus go leanúnach.
14.	Deiseanna a chur ar fáil do chuairteoirí agus do thurasóirí cultúr dúchasach an cheantair a bhlaiseadh.	Tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí/í áitiúla le seó a fhorbairt ina léireofaí traidisiúin agus cultúr beo an cheantair, idir amhráin, scéalta, damhsa agus ceol. An seó a chur ar stáitse le linn an tsamhraidh.	OFT i gcomhar le Fíbín, CST agus grúpaí drámaíochta sa gceantar.	Samhradh 2018 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

⁵⁸ www.ahrrga.gov.ie/app/uploads/2016/08/culture-2025-framework-policy-document_irish_lowres.pdf.

⁵⁹ <http://www.gael-linn.ie/default.aspx?treeid=268&id=36>.

11.16.4. Na hEalaíona – Bearta ('RPT F')				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
15.	Spásanna stiúideo a fhorbairt ar phraghas réasúnach le freastal ar ealaíontóirí.	Liosta a chur le chéile d'ionaid agus spásanna cuí, a d'fhéadfaí a úsáid mar stiúideo.	OFT i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus le hÚnaG.	Earrach 2018 agus go leanúnach.
16.	Scéim d'ealaíontóirí cónaitheacha i réimsí éagsúla a fhorbairt don cheantar.	Múnla a chruthú faoina bhféadfaí ealaíontóirí cónaitheacha a chur ag obair leis an bpobal ar shaintionscadail.	OFT i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus An Gaelacadamh.	Samhradh 2018 agus go leanúnach.
17.	Tacú le healaíontóirí tíocht ar mhaoiniú.	Cúnamh a thabhairt le foirmeacha a líonadh agus le hiarratais a réiteach.	OFT i gcomhar le hEalaín na Gaeltachta agus An Gaelacadamh.	Fómhar 2017 agus go leanúnach.

Spriocanna

1. Aitheantas do Sheanscoil Sailearna mar Ionad Cultúrtha a bhaint amach.
2. Feabhas ar áiseanna i gColáiste Chonnacht.
3. Amharclann don Óige ar mhúnla *Galway Youth Theatre* a bhunú.
4. Comórtas Scoraíochta 'Idir Bailte' a eagrú go bliantúil.
5. Bunachar sonraí d'ealaíontóirí le Gaeilge a chur le chéile.

Na hEalaíona - Monatóireacht

OFT le clár oibre a réiteach agus ansin a aontú le CPTCF. Cuirfidh sé/sí tuairisc faoi dhul chun cinn ar aghaidh faoi dhó in aghaidh na bliana agus mórthuirisc bhliantúil in am tráth faoi bhráid CPTCF.

11.17. Na Meáin Chumarsáide – Raidió, Teilifís, Na Meáin Chlóite agus Idirlín

Taighde: Taighde na dTuismitheoirí, agallaimh agus cruinnithe poiblí.

CPT: 16

RPT: G

11.17.1. Ginearálta

I gCois Fharráige atá ceannáras TG4 agus ní rófhada uaidh atá ceannáras RTÉ Raidió na Gaeltachta. Is ar imeall thoir an cheantair atá oifig Tuairisc.ie⁶⁰, an nuachtán ar líne, agus, go deimhin an t-aon nuachtán laethúil nó seachtainiúil atá ar fáil faoi láthair trí mheán na Gaeilge. Níl aon nuachtán clóite seachtainiúil ná laethúil ann le dhá nó trí bhliain anuas.

Bíonn leathanach i nGaeilge sa nuachtán áitiúil Béarla, An Curadh Connachtach⁶¹, gach Déardaoin agus is ar ghnóthaí Chois Fharráige amháin atá sé dírithe. Ó am go chéile i rith na bliana foilsítear irisí bliantúla, ar nós 'Biseach', ina mbíonn ábhar léitheoireachta trí mheán na Gaeilge agus iad dírithe ar an bpobal áitiúil.

I dTaighde na dTuismitheoirí cuireadh ceisteanna faoi na meáin chumarsáide⁶², agus nósanna léitheoireachta agus éisteachta na ndaoine. Thuairiscigh an tríú cuid de dhaoine go léann siad Gaeilge 'go minic'. Nochtadh tuairimí go bhfuil an-tábhacht le hábhar léitheoireachta don aos óg mar go dtacaíonn sé go mór le saibhriú agus sealbhú na teanga. Braithheadh go raibh gá le nuachtáin rialta áitiúla agus náisiúnta agus gur easnamh mór é a bheith dá n-uireasa.

Maidir leis na meáin chlosamhairc, cé go n-éistean 43% go rialta le RnaG, laghdaíonn sé seo go mór de réir mar a théitear soir sa gceantar. Dúradh ag cruinnithe poiblí gur cheart do RTÉ RnaG feachtas poiblíochta a eagrú le héisteoirí a mhealladh. Léirigh an taighde go bhfuil inmharthannacht na léiritheoirí físe Gaeltachta i mbaol.

11.17.2. Na Dúshláin

1. Ní léann dhá dtrian den phobal fásta ábhar i nGaeilge go rialta.
2. Níl nuachtán clóite ann.
3. Ní thaitníonn fotheidil éigeantacha Béarla ar chlár TG4 le cainteoirí líofa.
4. Sciar beag den phobal taobh thoir den Spidéal a éistean le RTÉ RnaG go rialta.
5. Tá inmharthannacht na léiritheoirí féinhostaithe físe Gaeltachta i mbaol.

⁶⁰ www.tuairisc.ie

⁶¹ Soláthraíonn CFCF an t-ábhar do leathanach Gaeilge go seachtainiúil ar a dtugtar 'Nótaí Chois Fharráige'.

⁶² Aguisín 6.

11.17.3. Na Meáin Chumarsáide – Bearta (RPT ‘F’)				
	Beart	Cur Chuige	Cé a dhéanfas seo?	Ag Tosú
1.	Nuachtán seachtainiúil clóite a bheith ar fáil a dhéanfadh freastal ar na pobail Ghaeltachta.	Tacaíocht a fháil ó cheanneagraíochtaí na LPTanna eile, ó pháirtithe leasmhara agus ó na heagrais náisiúnta Gaeilge. Stocaireacht a dhéanamh ina leith ar na maoinitheoirí.	OFT i gcomhar le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile agus eagrais náisiúnta Ghaeilge, Foras na Gaeilge, REOGRG agus ÚnaG.	Geimhreadh 2017/18 agus go leanúnach.
2.	Fotheidil Bhéarla a bheith roghnach ar TG4 agus cinn Ghaeilge a bheith ar fáil chomh maith.	Tacaíocht a fháil ó cheanneagraíochtaí na LPTanna eile agus na heagrais náisiúnta Ghaeilge. Stocaireacht a dhéanamh ar TG4.	OFT i gcomhar le ceanneagraíochtaí na LPTanna eile agus eagrais náisiúnta Ghaeilge.	Geimhreadh 2017/18 agus go leanúnach.
3.	RTÉ Raidió na Gaeltachta a spreagadh le feachtas eolais agus poiblíochta a eagrú.	Stocaireacht a dhéanamh ar RTÉ RnaG.	OFT.	Geimhreadh 2017/18 agus go leanúnach.
4.	Áislann a bhunú i gCois Fharraige, le freastal ar riachtanais na léiritheoirí féinfhostaithe.	Stocaireacht a dhéanamh ar ÚnaG le háislann a bhunú i gCois Fharraige, ar nós an <i>Galway Film Resource Centre</i> .	OFT i gcomhar le hÚnaG, RTÉ RnaG, TG4.	Earrach 2018

Na Meáin Chumarsáide - Spriocanna

1. Nuachtán clóite le freastal ar riachtanais phobal na Gaeltachta.
2. Pobal éisteachta RTÉ RnaG a ardú san LPT.
3. Ionad acmhainní closamhairc a bheith san LPT.

Na Meáin Chumarsáide - Monatóireacht

Bearta 1 - 3: An tOFT le córas comhoibríthe a bhunú i bpáirt le ionadaithe ó na LPTanna eile agus clár oibre a réiteach agus a aontú le CPTCF. Cuirfidh sé/sí tuairisc faoi dhul chun cinn faoi bhráid CPTCF chuile shé mhí agus, in am tráth, tuairisc bhliantúil.

Beart 4: An tOFT le clár oibre a réiteach agus a chomhaontú. Tuairisciú mar atá thuas.

12. Stocaireacht i bpáirt le Limistéir Pleanála Teanga eile

12.1. Comhoibriú le Limistéir Pleanála Teanga eile

Is iomaí sin dúshlán atá ag roinnt le riar gnéithe den phleanáil teanga atá le sárú i chuile cheann de na LPT. Baineann go leor acu seo le ról agus feidhmiú na n-áisiúneachtaí stáit, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus an Feidhmeannas Sláinte go háirid ach tá ceisteanna eile ann a bhaineann le seirbhísí infreastruchtúir, eagrais náisiúnta abhcóideachta, cúrsaí creidimh agus rí. Tá bearta i dtaobh stocaireachta atá le déanamh i mórán gach aon cheann de na 17 Réimse.

Moltar mar sin go mbunófaí stuchtúr lárnach ina bhféadfadh na LPTanna ar fad comhoibriú lena chéile le stocaireacht a dhéanamh mar aonghuth amháin ar ábhair atá ag cothú dúshláin i chuile LPT agus le “athchruthú rotha” a sheachaint.

Tá an obair seo an-mhór, an-leathan i ngeall ar an líon bearta a bhaineann le 'Stocaireacht', 32 acu ar fad sa bPlean seo amháin. Déantar rangú agus grúpáil thíos ar na Bearta Stocaireachta ar fad, de réir Ranna Stáit, áisiúneachtaí sa tseirbhísí poiblí is mó a bhaineann le saol na ndaoine agus le cinn eile m.sh. An Eaglais Chaitliceach, EIR, etc.

12.2. Na Ranna Stáit, Cuid eile den tSeirbhís Phoiblí agus Áisiúneachtaí eile

Sa réimse sa bPlean Teanga seo a bhaineann leis an tSeirbhís Phoiblí tá Beart (12.14.2) go mbeadh 'chuile sheirbhís phoiblí/stáit a bheith á cur ar fáil go sásúil trí mheán na Gaeilge, le Gaeilge mar theanga réamhshocruithe, i gCois Fharraige.' Seo an cur chuige a cheart a bheith ag gníomhaíochtaí uile an stáit agus iad ag plé leis an bpobal agus ba chóir é seo a bheith mar pholasaí láidir soiléir ó cheannasaíocht na seirbhíse poiblí agus ó rialtas na tíre.

Cé go bhfuil REOGRG i gceist go mór, tá bearta thíos a bhaineann leis an Roinn Oideachais agus Scileanna (An tAonad nua Gaeltachta san áireamh) agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) go háirithe, roinn atá ag plé le cúram leanaí agus earnáil na réamhscolaíochta, earnáil a bhfuil borradh mór faoi agus a bhfuil áit thar a bheith lárnach aige i saol na dteaghlach óga.

Maidir le forais stáit Ghaeltachta, is le hÚdarás na Gaeltachta a bhaineann líon áirithe Bearta Stocaireachta ar théamaí éagsúla ach tá réimse na meán, TG4 agus RTÉ RnaG i gceist chomh maith. Is iad na comhlachtaí poiblí eile lena mbaineann bearta leo chomh maith ná An Chomhairle Ealaíona, Fáilte Ireland, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta agus Na hInstitiúidí Tríú Leibhéal. Meastar freisin gur ghá stocaireacht a dhéanamh le EIR agus Comhdháil na nEaspag Caitliceach. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairleoirí Chonamara i gceist ar bhonn áitiúil.

Ar deireadh, tá cur chuige stocaireachta i gceist, ní hamháin i bpáirt le LPTanna eile, ach le hOifig an Choimisinéara Teanga, le Comhar Naíonraí na Gaeltachta, Conradh na Gaeilge, Gaeloideachas, CFanSp, CST, Boird na Scoileanna agus na Naíonraí, Boird na nÁiseanna Pobail éagsúla, Ealaín na Gaeltachta, Óige na Gaeltachta, Muintearas, bainistíocht na gColáistí Samhraidh agus An Gaelacadamh.

12.3. Stocaireacht – Bearta			
11.14 Seirbhís Phoiblí Beart a 2	Chuire seirbhís phoiblí/stáit a bheith á cur ar fáil go sásúil trí mheán na Gaeilge, le Gaeilge mar theanga réamhshocruithe i gCois Fharraige.	Stocaireacht chun seirbhís i nGaeilge a éileamh ar sheirbhísí poiblí ar fad.	OFT, i gcomhar le LPTanna eile. Stocaireacht ar na hEagrais stáit.
11.1 Teaghlach Beart a 9	Go gcuirfí scéim nua i labhairt na Gaeilge i bhfeidhm mar a Beart go sonrach sa SCT.	Stocaireacht a dhéanamh le hÚnaG agus leis an REOGR TG.	An OFT, ceanneagraíochtaí na LPTanna eile.
11.2. An Óige Beart a 5	Tacú le daoine óga áitiúla nach bhfuil líofacht Gaeilge acu fós.	Stocaireacht a dhéanamh le go mbunódh REOGR TG scéim faoina bhféadfadh na daoine óga seo páirt a ghlacadh sna Coláistí Gaeilge	OÓg i gcomhar le bainistíocht na gColáistí Gaeilge.
11.3 Cúram Leanaí Beart a 9	Cúntóirí Teanga a bheith ar fáil i Naíolanna & Naíonraí	Stocaireacht leis an REOGR TG: Cúrsaí oiliúna do chúntóirí teanga i suíomhanna réamhscoile a eagrú.	OFT i gcomhar le Coistí Pleanála Teanga sna LPTanna eile, CNNG, Gaeloideachas agus Muintearas.
11.4 Oideachas Beart a 5	Breis ama agus breis oiliúna a chur ar fáil do Chúntóirí Teanga agus cur lena líon. Conair cheart ghairme a fhorbairt do chúntóirí teanga.	Stocaireacht le go dtarlóidh an tAthbhreithniú atá luaite san POG ar bhonn práinne. Tuilleadh stocaireachta ansin le go mbeidh feabhas leanúnach á chur ar an scéim.	OO, i gcomhar le LPTanna eile, Aonad na Gaeltachta (AG) sa Roinn Oideachais is Scileanna, REOGR TG, Gaeloideachas agus Muintearas.
11.9 Pleanáil Fhisiciúil Beart a 8	Tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh teach a thógáil sa gceantar.	Stocaireacht a dhéanamh a dhéanamh ar Aire Stáit na Gaeltachta feidhm a bhaint as cumhachtaí an Aire faoin reachtaíocht le cúnamh a thabhairt do chainteoirí líofa Gaeilge teach a thógáil nó a fheabhsú sa gceantar.	An tOFT i gcomhar agus REOGR TG.
11.16 Áiseanna Pobail Beart a 6	Áiseanna drámaíochta a fheabhsú sa Spidéal.	Stocaireacht a dhéanamh chuige seo ar an REOGR TG san athchóiriú a dhéanfar ar champas Choláiste Chonnacht.	OFT i gcomhar le Coláiste Chonnacht, An Gaelacadamh agus ÚnaG.
11.1 Teaghlach Beart a 10	Go mbeadh ardchaighdeán seirbhísí poiblí trí Ghaeilge ar fáil do theaghlaigh a labhraíonn Gaeilge.	Anailís a dhéanamh ar an staid reatha. Stocaireacht a dhéanamh le FSS agus an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na bearnaí a líonadh agus caighdeán a ardú.	An tOFT, agus ceanneagraíochtaí na LPTanna eile i gcomhar le Conradh na Gaeilge agus Oifig an Choimisinéara Teanga.

11.4. Oideachas Beart a 6	A chinntiú nach mbeadh bac ar aon scoil na baill foirne is feiliúnaí dóibh féin a roghnú.	Stocaireacht a dhéanamh ar phátrúin agus ar an Roinn Oideachais agus Scileanna le go leanfar na treoracha POG (lch. 24).	OO, i gcomhar le LPTanna eile, Aonad na Gaeltachta (ROS), REOGRG agus Gaeloideachas.
11.4 Oideachas Beart a 10	Tacú le feachtas a d'éileodh ábhar nua/breise Ardteiste Gaeilge in oiriúint do chainteoirí cumasacha Gaeilge. Aitheantas i bhfoirm pointí breise, cuma cén cúrsa 3ú leibhéal a roghnódh an dalta, a bheith ag an gcúrsa seo.	Stocaireacht le déanamh le CNCM, institiúidí tríú leibhéal, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus páirtithe leasmhara eile.	OO i gcomhar le LPTanna eile, Gaeloideachas, na heagrais náisiúnta agus áitiúla Ghaeilge.
11.4.5 Oideachas Naíonraí Beart a 2	Tumoideachas, mar a bheidh i bhfeidhm i ranganna na naíonán sa mbunscoil, a bheith i bhfeidhm sna Naíonraí. Cúrsa cuimsitheach oiliúna caighdeánaithe, trí Ghaeilge faoi shealbhú teanga, i suíomh tumoideachais, a bheith éigeantach do na fostaithe.	Stocaireacht agus comhoibriú leis an AG chun seo a bhaint amach.	OO i gcomhar le CNNG, Boird na Naíonraí, AG agus LPTanna eile.
11.4.5 Oideachas Naíonraí Beart a 5	Scéim na gCúntóirí Teanga a bheith i bhfeidhm sna naíonraí.	Stocaireacht le go dtarlóidh an tAthbhreithniú atá luaite san POG (37).	OO, i gcomhar le Gaeloideachas, CNNG, Boird na Naíonraí agus LPTanna eile, le plé REOGRG, ÚnaG agus Aonad na Gaeltachta (Roinn Oid.), Muintearas.
11.3 Cúram Leanaí & Naíonraí Beart a 8	Polasaí Gaeilge agus Gaeltachta a éileamh ar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.	Stocaireacht a dhéanamh leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.	OFT i gcomhar le Coistí Pleanála Teanga sna LPTanna eile, CNNG, Gaeloideachas, Conradh na Gaeilge, Oifig an Choimisinéara Teanga.
11.4.5 Oideachas Naíonraí Beart a 6	Coinníollacha Gaeilge a bheith le gach deontas réamhscolaíochta san LPT.	Stocaireacht leis na húdarais chuí (Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige). Oibriú i gcomhar leis na LPTanna eile maidir leis an gceist seo.	OO i gcomhar le CNNG, Boird na Naíonraí agus LPTanna eile.

11.4.5 Naíonraí & Cúram Leanaí Beart a 7	Conair ghairme chinnte a bheith i bhfeidhm d'fhostaithe san earnáil (féach 12.4.5 re Cúntóirí Teanga).	Stocaireacht leis na páirtithe leasmhara éagsúla.	OO i gcomhar le CNNG, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, Boird na Naíonraí agus LPTanna eile.
11.8 Nua-theicneolaíocht Beart a 3	Seirbhís shásúil leathanbhanda a bheith ar fáil don phobal ar fud Chois Fharraige.	Stocaireacht le EIR agus páirtithe leasmhara.	OFT i gcomhar le EIR, ÚnaG agus Coistí Pobail.
11.9 Pleanáil Fhisiúil Beart a 2	Súil a choinneáil ar ullmhúchán Phlean Cheantar Áitiúil na Gaeltachta 2018-24 agus ar ullmhúchán Phlean Forbartha an Chontae 2021-2027.	An dréacht de phleananna nua a scrúdú agus aighneachtaí a réiteach agus a sheoladh isteach chuig an Údarás. Pleanála agus stocaireacht a dhéanamh ar ÚnaG agus ar na heagrais phobail le aighneachtaí a dhéanamh. Stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairleoirí Chonamara	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le heagrais phobail agus ÚnaG.
11.9 Pleanáil Fhisiúil Beart a 3	A chur faoi ndeara do CoConaG nach leor 'fostaíocht sa gceantar' in iarratas pleanála le ceangal leis an áit a chruthú.	Leasuithe cuí a éileamh ar Phlean Ceantar Áitiúil na Gaeltachta agus stocaireacht a dhéanamh ar Chomhairleoirí Chonamara.	Fochoiste Pleanála agus an OFT.
11.9 Pleanáil Fhisiúil Beart a 5	Athrú a chur ar an gcleachtas atá ag an Údarás Pleanála gan Chlásal Feidhme Teanga a chur le cead pleanála ar thithe aonair do dhaoine nach as an nGaeltacht dóibh.	Stocaireacht a dhéanamh le CoConaG agus iarraidh ar ÚnaG, más gá, achomharc a dhéanamh ar an mBord Pleanála le clásal teanga a chur le forbairtí tithe aonair.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG.
11.9 Pleanáil Fhisiúil Beart a 6	Go leagfadh CoConaG caighdeán aitheanta i labhairt na Gaeilge le húsáid chun tástáil faoin Clásal Feidhme Teanga a dhéanamh.	Stocaireacht a dhéanamh ar CoConaG caighdeán aitheanta a leagan síos don tástál Gaeilge.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le CoConaG agus ÚnaG.
11.9 Pleanáil Fhisiúil Beart a 7	Deis chun suíomhanna tithe a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge ón nGaeltacht agus cainteoirí gníomhacha Gaeilge ó thaobh amuigh den Ghaeltacht.	Stocaireacht a dhéanamh ar ÚnaG chun talamh feiliúnach a fhorbairt agus cead pleanála imlíneach a fháil, ar a bhféadfaí suíomhanna a dhíol le daoine le Gaeilge ar mhian leo bogadh isteach sa gceantar.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG, CFanSp agus CST.

11.9 Pleanáil Fhisiciúil Beart a 9	Tógáil tithe aonair a éascú do mhuintir na háite	Stocaireacht a dhéanamh ar an gComhairle Chontae bealach amháin a roghnú don bhóthar nua R336 go luath.	Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG, CFanSp agus CST.
11.11 Áiseanna Pobail Beart a 5	Caoi a chur ar aon áis nach bhfuil sásúil faoi láthair agus forbairt a dhéanamh orthu le go mbeidh siad feiliúnach do chuspóirí an Phlean Teanga.	Tuairisc a chur i dtoll a chéile ar an stáid reatha. Bearnaí a aithint. Tacú leis na coistí bainistíochta le stocaireacht a dhéanamh chun tacaíocht a fháil.	OFT i gcomhar le Coistí Bainistíochta na nÁiseanna Pobail agus le hÚnaG
11.11 Áiseanna Pobail Beart a 6	Dhá ionad a aimsiú agus a chóiriú mar ionaid bhuna le freastail ar riachtanais óige an cheantair.	Stocaireacht a dhéanamh le cóiríocht a aimsiú d'áiseanna óige.	OFT i gcomhar le hÚnaG, Óige na Gaeltachta agus clubanna óige
11.12 Seirbhísí Eaglasta Beart a 2	Tacú leis na sagairt pobail maidir le hábhar a sheoltar chucu i mBéarla amháin a chur ar fáil don phobal áitiúil i nGaeilge.	Stocaireacht a dhéanamh le Comhdháil na nEaspag le hábhar a sholáthar i nGaeilge (preaseisiúintí, fógraí, srl). Leagan Gaeilge de shuíomhanna idirlín na nDeoisí a éileamh. Daoine sa bpobal a aithint a chuirfeadh tacaíocht ar fáil maidir le haistriúchán agus cruinneas Gaeilge.	OFT i gcomhar leis na Sagairt Paróiste, na Coistí Liotúirge, Oifigeach Cumarsáide an Easpaig, Oifigh Cumarsáide na nDeoisí, Glór na nGael.
11.14 Seirbhísí Poiblí Beart a 4	Lárionad Aistriúcháin a bheith ar fáil mar sheirbhís agus na heagrais stáit a chur ar an eolas faoi.	Staid reatha a aimsiú agus ansin stocaireacht le maoinitheoirí stáit agus lucht aistriúcháin atá ann cheana féin.	OFT, ÚnaG agus eagrais cuí stáit.
11.15 Turas- óireacht Beart a 1	Brandáil na Gaeltachta mar cheann scríbe sainiúil turasóireachta a bhaint amach.	Cruinnithe a eagrú le húnéirí gnóthaí turasóireachta, le hÚnaG agus stocaireacht le Fáilte Éireann.	OFT i gcomhar le LPTanna Chonamara 's Árann, ÚnaG agus Fáilte Éireann.
11.16 Na hEalaíona Beart a 5	Seanscoil Sailearna a fhorbairt mar Ionad Cultúrtha agus níos mó imeachtaí a bheith ar bun ann ar bhonn rialta	Go dtabharfadh an OFT tacaíocht do CST imeachtaí trí Ghaeilge a mhealladh le úsáid a bhaint as an Seanscoil. Stocaireacht a dhéanamh ar an gComhairle Ealaíon le haitheantas a fháil do Sheanscoil Sailearna mar Ionad Ealaíne ar aon dul le hionaid eile ar fud na tíre.	OFT i gcomhar le CST, ÚnaG, An Chomhairle Ealaíon, agus Ealaín na Gaeltachta (ÉnaG).
11.17 Meáin Chumar- sáide Beart a 3	RTÉ Raidió na Gaeltachta a spreagadh le feachtas eolais agus poiblíochta a eagrú.	Stocaireacht a dhéanamh le RTÉ RnaG.	OFT.

<p>11.17 Meáin Chumasáide Beart a 4</p>	<p>Seirbhísí a chur ar fáil i gCois Fharráige le freastal ar riachtanais na léiritheoirí féinfhostaithe.</p>	<p>Stocaireacht a dhéanamh ar ÚnaG le háislann a bhunú i gCois Fharráige, ar nós an <i>Galway Film Resource Centre</i>.</p>	<p>OFT i gcomhar le hÚnaG, RTÉ RnaG, TG4.</p>
<p>11.9 Pleanáil Fhísiciúil Beart a 10</p>	<p>Tacaíocht a chur ar fáil do chainteoirí Gaeilge a bheadh ag iarraidh teach a thógáil sa gceantar.</p>	<p>Stocaireacht a dhéanamh a dhéanamh ar Aire Stáit na Gaeltachta feidhm a bhaint as cumhachtaí an Aire faoin reachtaíocht le cúnamh a thabhairt do chainteoirí líofa Gaeilge teach a thógáil nó a fheabhsú sa gceantar.</p>	<p>OFT i gcomhar le REOGRTG.</p>
<p>11.9 Pleanáil Fhísiciúil Beart a 11</p>	<p>Tógáil tithe aonair a éascú do mhuintir na háite</p>	<p>Stocaireacht a dhéanamh ar an gComhairle Chontae bealach amháin a roghnú don bhóthar nua R336 go luath.</p>	<p>Fochoiste Pleanála agus an OFT i gcomhar le hÚnaG, CFanSp agus CST.</p>

13. Costais agus Maoiniú

13.1. Foireann

Leis an bplean teanga seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach teastóidh foireann oilte lánaimseartha. Moltar triúr a fhostú a bheadh freagrach do bhord stiúrtha an chomhlachta pleanála teanga a bheas le bunú faoin bplean seo: Oifigeach Forbartha Teanga (OFT), a dhéanfadh comhordú ar an obair ar fad, chomh maith le Oifigeach Óige (OÓg) agus Oifigeach Oideachais (OOid). Tá dréacht de shonraí poist an triúir seo ar fáil in Aguisín 20.

13.2. Oifigí

Beidh spás oifige ag teastáil, áit a bheas lárnach, feiceáileach agus éasca le teacht air.

13.3. Costais

Beidh maoiniú ag teastáil i leith thuarastal na n-oifigeach, spás agus treallamh oifige agus gnáthchostais riaracháin.

Beidh costas ag baint le cúrsaí oiliúna, le clódóireacht agus leis an bhfoilsitheoireacht a bhainfidh leis na feachtais eolais agus leis an suíomh idirlín a fhorbairt agus a bhainistiú. Beidh tionscadail éagsúla le cur i bhfeidhm mar chuid den phlean a mbeidh maoiniú ag teastáil uathu.

Meastacháin na costais as seo go ceann seacht mbliana:

Figiúr 16. Costais a bhaineann le cur i bhfeidhm an phlean 2017 - 2023.

Costaistí Bliantúla leis an bPlean Teanga a chur i bhfeidhm don LPT Cois Fharráige		2017	2018	2019	2020	2021	2022	2023
Costais Bhunaithe		€	€	€	€	€	€	€
	Earcaíocht Foirne	2,000						
	Troscán agus Treallamh Oifige	2,500	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000
	Suíomh Idirlíon a Uasghrádú don LPT	5,000						
	Comhlacht a Bhunú	1,000						
Costaisí Reatha	Foireann (Triúr ar feadh 6 mhí)	60,000	150,000	150,000	150,000	150,000	150,000	150,000
	Cíos Oifige	5,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000
	Fón, Idirlíon, Teas & Leictreachas	3,500	7,000	7,000	7,000	7,000	7,000	7,000
	Postas, Fótachóipeáil, Páipéir etc	5,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000	10,000
	Costais Foirne	2,500	5,000	5,250	5,513	5,788	6,078	6,381
	Tionscadail Óige & Oideachais*	10,850	25,200	25,200	24,950	24,950	24,950	24,950
	Tionscadail Phobail**	5,000	27,000	26,000	26,000	26,000	26,000	26,000
	Cothabháil agus Athnuachan		500	700	900	1,100	1,300	1,500
	Meastóireacht agus Comhairle	2,000	4,000	4,000	4,000	4,000	4,000	4,000
	Iniúcháireacht & Cuntasaíocht	500	2,500	2,500	2,500	2,500	2,500	2,500
	Árachas	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000
	Clár Feasachta	5,000	3,000	3,150	3,308	3,473	3,647	3,829
	Nuacht litir Míósúil	2,500	6,000	6,000	6,000	6,000	6,000	6,000
	AN tIOMLÁN	113,350	252,200	251,800	252,170	252,811	253,474	254,160

* Briseadh síos ar na costais do na Tionscadail Óige agus Oideachais i bhFigiúr 17.

** Briseadh síos ar na costais do na Tionscadail Pobail i bhFigiúr 18.

Figiúr 17. Costais a bhaineann le cur i bhfeidhm an phlean 2017 – 2023
(Óige, Oideachas, Na hEalaíona, Féilte, agus an Nuatheicneolaíocht).

Meastúchán ar Chaiteachas Bliantúil ar Tionscadail Óige agus Oideachais										
	Óige (11.2.6)	Bearta sa bPlean	Sciar den Chostas	2017 €	2018 €	2019 €	2020 €	2021 €	2022 €	2023 €
1	Cúrsa Cinnireachta a reáchtáil	7	100%	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000
2	Ionaid bhuaona don óige (Cabhrú le Cíos)	10	50%	1,500	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000
3	Cinnirí (daoine óga) a íoc	9	100%	1,600	3,200	3,200	3,200	3,200	3,200	3,200
4	Treallamh/Cluichí a Cheannacht	3	50%	2,000	1,000	500	500	500	500	500
5	Comórtais Éagsúla a reáchtáil	2, 11	50%		1,000	1,000	1,250	1,250	1,250	1,250
6	Campaí Samhraidh le Coláistí Ghaeilge	6	50%	750	1,000	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500
Oideachas (11.4.3)										
7	Clár Oidhreachta is Féiniúlachta a fhorbairt	7	100%		750	750				
8	Seiminéar do Mhúinteoirí Bunscoile	3	100%			2,000		2,000		2,000
9	Seiminéar do Mhúinteoirí Iarbhunscoile	3	100%		2,000		2,000		2,000	
10	Duaiseanna do chomórtais idir Scoileanna	8	100%		1,500	1,500	1,500	1,500	1,500	1,500
11	Seachtain Ealaíona sna scoileanna	8	50%		3,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000
Na hEalaíona (11.16.3)										
12	Ceol nua-aimseartha trí Ghaeilge a chothú	13	100%	1,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000
13	Tionscadail dhrámaíochta do Dhéagóirí	3	50%	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000
Féilte (11.13.2)										
14	Scoil seachtaine do na hEalaíona Gaeltachta	9	25%		2,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000
Nuatheicneolaíocht (11.8.5)										
15	Cúrsaí Techpace/CoderDojo a reáchtáil	1	100%		1,750	1,750	2,000	2,000	2,000	2,000
AN tIOMLÁN				10,850	25,200	25,200	24,950	24,950	24,950	24,950

Figiúr 18. Costais a bhaineann le cur i bhfeidhm an phlean 2017 – 2023 (Ilghnéitheach)

Meastúchán ar Chaiteachas Bliantúil ar Tionscadail Óige agus Oideachais										
		Bearta sa bPlean	Sciar den Chostas	2017 €	2018 €	2019 €	2020 €	2021 €	2022 €	2023 €
1	Eagraíochtaí Deonacha (11.10.4)									
	Polasaí Gaeilge a dhearadh is a chur i bhfeidhm	1	100%		1,000	500	500	500	500	500
2	Ciorcail Chomhrá do fhoghlaimeoirí sna clubanna	4	50%	2,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000
3	Lámhleabhar a chur le chéile faoi deachleachtas	8	100%		1,000					
4	Daoine Nua Isteach (11.05.4)									
5	Líonraí sainspéise a bhunú sa gceantar	3	100%		2,000					
6	Féilte agus Imeachtaí Ocaídiúla (11.13.2)									
	Féilte a eagrú sa gceantar (20%)	4&5&8	100%		2,000	3,000	4,000	4,000	4,000	4,000
7	Gnólachtaí Áitiúla (11.7.2)									
8	Comórtas Gradam (Duaiseanna)	4	100%		3,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000
9	Feasacht i measc lucht gnó	3&5&7	100%	1,000	1,000	500	500	500	500	500
10	Lámhleabhar a chur ar fáil faoi sheirbhísí áitiúla	8	100%	1,000						
11	Turasóireacht (11.15.2)									
	Brandáil Cois Fharraige - Cósta Gaelach	1&2	100%		4,000	3,000	2,000	2,000	2,000	2,000
12	Na hEalaíona (11.16.3)									
13	Imeachtaí cultúrtha trí Ghaeilge a chur ar bun	5	50%		3,000	4,000	4,000	4,000	4,000	4,000
	Drámaíocht a fhorbairt	3&6	100%	1,000	2,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000
14	Naisc agus Turais chultúrtha a eagrú	11	50%		1,000	2,000	2,000	2,000	2,000	2,000
	Ealaíontóirí le Gaeilge a chothú	15 & 16	100%		3,000	3,000	3,000	3,000	3,000	3,000
15	Nuathicneolaíocht (11.8.5)									
	Suíomh idirlín do Chois Fharraige a chothú	2	100%		1,000	1,000	1,000	1,000	1,000	1,000
	AN TIOMLÁN			5,000	27,000	26,000	26,000	26,000	26,000	26,000

13.4. Foinsí Maoinithe eile

Mar a léiríonn meastacháin Fhigiúr a 14, teastóidh maoiniú díreach de cheathrú milliún euró.

Tá raon leathan scéimeanna, tionscnamh agus beart ag Roinn na Gaeltachta (REOGRTG), ÚnaG, Foras na Gaeilge, Eagrais Náisiúnta Ghaeilge, GRETB, An Chomhairle Ealaíona, Muintearas agus eile agus cinnteofar go mbainfear leas astu le breis acmhainní a fháil chun na Bearta sa bplean seo a chur i bhfeidhm trí chomhairgeadú a aimsiú.

Beifear ag féachaint freisin ar nua-shlite le teacht isteach a ghiniúint, mar shampla *'slua-mhaoiniú'* agus a thuilleadh.

13.5. Comhoibriú leis na Forais Phobail atá ann cheana féin

Tá Comharchumann Sailearna Teo. agus Comhlacht Forbartha an Spidéil ag feidhmiú mar fhorais phobail mhaoinithe sa gceantar. Thug an dá fhoras seo tacaíocht do réiteach an phlean teanga seo. Tugadh cúnamh riaracháin, spás cruinnithe agus tacaíocht le taighde. Beidh ról acu sa gcomhlacht pleanála teanga nua agus leanfar leis an gcomhoibriú fóinteach a chothaíodh go dtí seo.

13.6. Cabhair Dheonach ón bPobal

Sa gceantar tá nós agus traidisiún ann cuidiú go deonach le gníomhaíochtaí pobail. Tá daoine sa bpobal atá, mar shampla, ar scor ón obair agus fonn orthu a gcuid scileanna a roinnt le daoine eile. B'fhiú an deonachas seo a dhaingniú agus a threisiú. Tá sé i gceist 'banc', nó bunachar, a bhunú, áit a gcláróidh daoine a gcuid scileanna. Féadfaidh an pobal ar fad a bheith páirteach sa gcóras seo ar iliomad bealach: 'cara le Gaeilge' (le tacú le foghlaimeoirí fásta), sainscileanna a chur ar fáil don phobal, tacú le heagrú imeachtaí agus eile.

14. Forbairt Feasachta agus Poiblíocht

Cuireadh tús le feachtas poiblíochta faoina bhfuil i gceist le próiseas pleanála teanga. Scaipeadh bileoga eolais, crochadh póstaer⁶³ agus dréachtadh suirbhé a dáileadh ar 700 teaghlach sa limistéar. Níl an obair ach ina tús.

Poiblíocht Leanúnach

Tá an chuma air go bhfuil bearna mhór idir an méid eolais atá ag an bpobal faoin dátheangachas agus an t-eolas atá ag saineolaithe teangeolaíochta. Caithfear an pobal a choinneáil suas chun dáta faoina bhfuil le rá ag saineolaithe oideachais agus eile faoi 'chuile cheann de na réimsí sa bplean seo agus na Bearta ina dtaobh. Caithfear éisteacht leis an bpobal agus deis a bheith ann aiseolas rialta agus leanúnach a thabhairt.

Is iomaí foghrúpa atá sa bpobal: daoine aosta, tuismitheoirí, daoine faoi 35 bliana, déagóirí, gasúir, cainteoirí dúchais, cainteoirí líofa, foghlaimeoirí teanga, daoine gan aon Ghaeilge, lucht spóirt agus siamsaíochta, cúramóirí agus go leor eile. Beidh cuir chuige éagsúla ag teastáil ón tús agus ar bhonn leanúnach le dul i bhfeidhm ar na fogrúpaí uilig i gcaitheamh na seacht mbliana.

An tIdirlíon

Tá deireadh ag teacht le ré an pháipéarachais mar phríomhmhodh scaipthe scéalta. Is dlúthchuid den saol anois iad an t-idirlíon agus na meáin shóisialta. Beidh láithreachas idirlín mar dhualgas bunúsach ar fhoireann lánaimseartha agus dheonach phróiseas pleanála teanga Chois Fharraige.

Cúnamh Poiblíochta

Mar chuid de chlár oibre na foirne pleanála teanga, beidh siad ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do 'chuile dhream a bheidh ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun tosaigh ina gcuid ábhar poiblíochta.

Feachtais Ardaithe Feasachta

Thar aon ní eile, as seo go ceann seacht mbliana, ní mór scéal bhuntáistí na Gaeilge a léiriú don phobal go leanúnach. Cé go bhfuil an teanga agus an cultúr láidir i roinnt mhaith réimsí, níl sé sin amhlaidh in áiteanna eile agus, dá bhrí sin, tá staid reatha na teanga sách leochaileach. Má imíonn nós na labhartha agus, ansin, cumas na ndaoine i labhairt na teanga, beidh sé an-deacair í a fháil ar ais. Beidh gá le feachtais éagsúla a chuirfeas an pobal ar an eolas faoi ghnóthaí a bhaineann leis an teanga. Athróidh siad seo ó am go chéile ach beidh feachtais feasachta agus eolais ag leanúint ar aghaidh i gcaitheamh an ama.

⁶³ Aguisín 23

15. Feidhmiú agus Monatóireacht - 2017 go 2023

15.1. Bunú Cuideachta Nua

Tiocfaidh deireadh le feidhm Fhóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga nuair a fhoilseofar an plan teanga. Faoin bplean caithfear cuideachta a bhunú chun an obair a stiúradh: fostaithe a earcú, maoirsiú a dhéanamh orthu agus thar aon ní eile an clár oibre a fheidhmiú agus monatóireacht a dhéanamh air. Moltar go mbunófaí cuideachta ráthaíochta gan scairchaipiteal nó cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, mar a thugtar orthu in Acht na gCuideachtaí. Mar chuid den obair bhunaithe, bheadh cuireadh ag chuile cheann de heagraíochtaí seo duine a ainmniú le bheith ina b(h)all den chuideachta:

- An Gaelacadamh
- An tIonad Tacaíochta Teaghlaigh
- Bogha Ceatha, An Spidéal
- Bord Bainistíochta Choláiste Cholmcille
- Bord Bainistíochta Choláiste Chroí Mhuire
- Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Cholmcille, Ros a' Mhíl
- Bord Bainistíochta Scoil Éinne, An Spidéal
- Bord Bainistíochta Scoil Náisiúnta Cholmcille, An Tulaigh
- Bord Bainistíochta Scoil Sailearna, Indreabhán
- Bord Bainistíochta SN na bhForbacha
- Bord Údarás na Gaeltachta
- Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin
- Club Óige Lurgan
- Coiste Pobail na bhForbacha
- Coiste Pobail na Mine
- Coiste Pobail na Tulaí
- Coiste Pobail Ros a' Mhíl
- Comhairle Chontae na Gaillimhe
- Comhar Náionraí na Gaeltachta
- Comharchumann Sailearna Teo.
- Comhlacht Forbartha an Spidéil
- Cumann CLG Micheál Breathnach
- Cumann Camógaíochta Chois Fharraige
- Cumann Sacair Chois Fharraige
- Cumann Sacair Bhearna/na bhForbacha
- Cumann Iomána Bhearna/na bhForbacha
- Cumann Forbartha Chois Fharraige
- Cumann Lúthchleas Gael an Spidéil
- Gaeloideachas
- Tearmann Éanna Teo.
- Tuismitheoirí na Gaeltachta

Bheadh sé de chead ag gach eagraíocht an bhallraíochta a athrú ach fógra a thabhairt agus cloí leis na hairteagail agus na meamraim.

Má iarrann eagraíocht nó grúpa pobail eile nach bhfuil ar an liosta thuas ballraíochta sa gcuideachta, féadfaidh an Bord Stiúrtha é seo a cheadú de réir na gcritéar ballraíochta a bheidh le socrú ag an gcéad chruinniú ginearálta.

15.2. Comhdhéanamh Bhord Stiúrtha na Cuideachta Nua

Is mar seo a mholtar chomhdhéanamh an Bhord Stiúrtha: toghfar seisear de na stiúrthóirí ag an gcruinniú cinn bhliana. Beidh sé de chead ag na heagraíochtaí pobail atá san LPT agus atá á maoiniú cheana féin ag an státchóras – Comhlacht Forbartha an Spidéil, Comharchumann Sailearna Teo. agus An Gael Acadamh - stiúrthóir a ainmniú agus tabharfar cuireadh do ÚnaG stiúrthóir a ainmniú chomh maith. Samhlaítear ar an gcaoi seo go mbeidh páirt lárnach ag Comhlacht Forbartha an Spidéil, Comharchumann Sailearna Teo. agus An Gaelacadamh in obair stiúrtha an chuideachta a bhunófar.

Ag an mBord Stiúrtha a bheidh an chumhacht duine a fhostú, conradh a aontú agus airgead a chaitheamh. Ar an mBord Stiúrtha a bheidh an fhreagracht gnóthaí na cuideachta a reáchtáil de réir dea-chleachtais agus de réir mar a bheidh leagtha síos sna meamraim. Is é an Bord Stiúrtha a leagfas amach clár oibre in éineacht leis an bhfoireann. Tabharfaidh an Bord tacaíocht leanúnach don fhoireann agus déanfaidh sé treoracha a shonrú dóibh, agus monatóireacht ar fheidhmiú an chláir oibre ar bhonn rialta.

Beidh ar an mBord Stiúrtha cruinniú cinn bhliana a eagrú roimh dheireadh mhí Aibreáin chuile bhliain ag a dtabharfar tuairisc iomlán do na baill, tuairisc airgeadais iniúchta san áireamh, don bhliain a chríochnaigh ar an 31 Nollaig roimhe. Ag an gcruinniú cinn bhliana a dhéanfar athnuachan ar an mBord Stiúrtha trí chóras faoina gcaithfeadh an tríú cuid den bhord éirí as ach ceart athcheaptha a bheith acu. Líonfaidh an Bord Stiúrtha féin folúntais idir na cruinnithe cinn bhliana ach beidh ar an té a cheapfar ar an gcaoi sin éirí as ag an gcéad chruinniú cinn bhliana eile ach go mbeidh ceart aige/aici seasamh arís.

15.3. Bunú Fochoistí

Clúdaíonn an plean teanga seo chuile réimse den saol poiblí. Cé go bhfuil sé riachtanach go mbeadh cuideachta ann, bheadh ról chomh maith ag fochoistí, mar a bhféadfaí sainspéiseanna a fhorbairt agus mar a bhféadfadh daoine a bhfuil scil acu i réimsí áirithe ceannasaíocht a ghlacadh agus comhairle agus treoir a thabhairt do na fostaithe lánaimseartha.

15.4. Monatóireacht rialta

Leagfaidh an OFT, i bpáirt le CPTCF, clár oibre amach ag tús thogra, agus clár oibre bliantúil amach gach bliain ina dhiaidh sin roimh thús na bliana. Cuimseoidh an clár oibre na réimsí difriúla mar atá liostáilte sa bPlean agus na gníomhaíochtaí a bhaineann le gach réimse. Nuair atá sé practiciúil agus indéanta cuirfear costas leis na gníomhaíochtaí.

Beidh sé de dhualgas ar an bhfoireann bearta na míreanna oibre a chur i bhfeidhm ar bhealach praiticiúil agus stuama agus, mar chuid den chur chuige, beidh monatóireacht rialta nó thréimhsiúil le déanamh ag CPTCF ar an dul chun cinn. I gcás fhorhmór na mBearta ní mór tuairisc ar bhaint amach na spriocanna a chur ar fáil don bhord stiúrtha de réir mar a éilítear iad, ar bhonn ráithiúil nó eile, ach ar a laghad uair sa mbliain. Úsáidfear teimpléad caighdeánach⁶⁴ don mmonatóireacht i gcomhar le hÚnaG agus REOGRG.

⁶⁴ Teimpléad Athbhreithnithe agus Monatóireachta, Ich 55, Treoirlínte Pleanála Teanga (Eagrán a 3, Bealtaine 2016). <http://www.udaras.ie/wp-content/uploads/2016/11/treoirinte-pleanala-teanga-eagran-3-1.pdf>.

15.5. Mór-mhonatóireacht

Beidh tuairisc bhliantúil le réiteach ag oifigigh thofa an choiste i gcomhar leis na fostaithe le cur os comhair chruinniú cinn bhliana na cuideachta. Clúdóidh sé seo chuile mhír den mháistirphlean seacht mbliana. Beidh cur síos ann ar an dul chun cinn a rinneadh le bliain anuas maidir leis na spriocanna éagsúla a baineadh amach. Scaipfear ar na baill é coicíos roimh an gcruinniú féin. Ag éirí as an tuarascáil réiteofar dréachtchlár don chéad bhliain eile.

Beidh monatóireacht le déanamh ar an dul chun cinn i rith na bliana. Ní mór do na fostaithe a bheith i láthair i gcónaí ag na seisiúin mhonatóireachta seo. Bainfear úsáid as féinmheastóireacht sa phróiseas monatóireachta agus aithbhreithnithe.

Ag brath ar threoracha agus ar choinníollacha ón mór-mhaoinitheoir, d'fhéadfadh sé go mbeadh cruinnithe tráthrialta ag na hoifigigh thofa agus ag an bpríomhfhóstaí leis an maoinitheoir le monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an phlean.

15.6. Ag Deireadh na seacht mbliana

Bheifí ag súil go bhféadfaí tús a chur leis an obair réitithe don chéad phlean eile dhá bhliain sula dtiocfadh deireadh leis an bplean reatha. Ba chóir go mbeadh sé réitithe agus an maoiniú socraithe bliain roimh dheireadh phlean 2017-2023. Mar chuid den réiteach seo, agus ar mhaithe le torthaí a thomhais, bheadh sé i gceist macasamhail an taighde a rinneadh i Samhain 2015 a dhéanamh arís le tuismitheoirí le linn na scoilbhliana 2021-22, tráth a mbeadh torthaí cheisteanna na Gaeilge ó Dhaonáireamh 2021 ar fáil. I mbliain a 6 den phlean, déanfar aithbhreithniú neamhspleách ar fheidhmiúlacht an phlean agus cuirfear tuairisc ar fáil don chuideachta agus don phríomh-mhaoinitheoir.

Chinntedh an mhonatóireacht seo leanúnachas sna spriocanna agus cinnteacht fostaíochta ann don fhoireann sa gcás is go mbeadh ag éirí go maith leo ina gcuid oibre.

15.7. Comhairle Ghairmiúil

Ní mór comhairle a éileamh ó shaineolaithe agus ó chomhairleoirí pleanála teanga go tréimhsiúil, nó ar bhonn leanúnach, le tuairimí a fháil uathusan atá i dtaithí ar chastachtaí na pleanála teanga sna Gaeltachtaí nó in áiteanna eile ina labhraítear mionteangacha.

15.8. Comhoibriú leis na LPTanna eile

Tá struchtúr tacaíochta réigiúnda agus náisiúnta i bhfeidhm ag ÚnaG le cuidiú leis na ceannagraíochtaí sna LPTanna éagsúla. Anuas ar na ceardlanna tá an suíomh idirlín www.pleanailteanga.ie⁶⁵ ann ar a bhfuil liosta acmhainní agus fóram plé ar fáil. Beidh an OFT ag baint leas as na tacaíochtaí seo le leanacht leis an gcomhoibriú le LPTanna eile.

⁶⁵ Ní mór cód aitheantais agus pasfhocal a fháil leis an suíomh seo a úsáid.